


PLEAN TEANGA

DO

LIMISTÉAR PLEANÁLA TEANGA MHÚSCRAÍ



Limistéar Pleanála Teanga Mhúscraí (i ndath glas) tógtha ó shuíomh Údarás na Gaeltachta www.udaras.ie.

LÚNASA 2017

CLÁR NA nÁBHAR

Réamhrá

Fís	1
Luachanna	1
Réimsí Pleanála Teanga	1
Spriocanna	2
Na Páirtithe Leasmhara	3
Focal ón gCathaoirleach	6
Buíochas	7

1. Cúlra an Phróisis Pleanála Teanga 8

1.1 Réamhrá	8
1.2 Bunreacht na hÉireann	8
1.3 Acht na dTeangacha Oifigiúla	8
1.4 An Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch	9
1.5 An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030	9
1.6 Acht na Gaeltachta 2012	10
1.7 Nuashonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch	10
1.8 Polasaí don Oideachas Gaeltachta	10
1.9 Conclúid	11

2. Sonraí na Ceanneagraíochta 12

2.1 Comharchumann Forbartha Mhúscraí	12
2.2 Coiste an Chomharchumainn	13
2.3 An tIarratas	13
2.4 Meitheal Pleanála Teanga Mhúscraí	15
2.5 Rosaí Nic Chárthaigh – Comhordaitheoir Pleanála Teanga	16
2.6 An Dr. Tadhg Ó hIfearnáin – Comhairleoir Seachtrach	17

3. Léargas ar an Limistéar Pleanála Teanga 18

3.1 Réamhrá	18
3.2 Limistéar Pleanála Teanga Mhúscraí – Topagrafaíocht & Infreastruchtúr	18
3.3 Forléargas Ginearálta ar Limistéar Pleanála Teanga Mhúscraí	22
3.4 Limistéar Pleanála Teanga Mhúscraí – Daonra	28
3.5 Staid na Gaeilge sa Limistéar	29
3.6 Bailte Seirbhíse Gaeltachta	30
3.7 Conclúid	31

4. Ullmhú an Phlean 32

4.1 An Réamhobair	32
4.2 Feasacht	32
4.3 Comhordaitheoir Pleanála Teanga & Meitheal Pleanála Teanga Mhúscraí	33
4.4 Scagadh agus Anailís - Ollscoil Luimnigh	33
4.5 Scaipeadh Eolais agus Bolscaireacht	33
4.6 Na Ceistneoirí	35
4.7 Comhairliúchán Poiblí	36

Plean Teanga Mhúscraí

5. Torthaí an Taighde	44
5.1 Forléargas	44
5.3 Spriocanna bunaithe ar anailís thorthaí an taighde	46
5.4 Tuismitheoirí & Caomhnóirí - Teaghlach	48
5.5 Insitiúidí Oideachais	51
5.5.1 Na Naíonraí	51
5.5.2 Daltaí Bunscoile	52
5.5.3 Daltaí Iarbhunscoile	55
5.6 Eagraíochtaí Pobail	60
5.7 Gnóthaí Áitiúla	62
5.8 Comhlachtaí Áitiúla & Scéimeanna Fostaíochta	62
5.9 An Daonáireamh	63
6.0 Bearta an Phlean Teanga	64
6.0.1 Míniú ar na Réimsí	64
6.0.2 Míniú - Critéir Pleanála Teanga do Limistéir Pleanála Teanga	64
6.0.3 Ciorrúcháin	65
6.0.4 Struchtúr Feidhmithe an Phlean	66
Teidil na mBeart	67
6.1. Feidhmiú an Phlean Teanga	70
6.2. Deiseanna Foghlama lasmuigh den Chóras Oideachais	80
6.3. Seirbhísí Cúram Leanaí, Réamhscolaíochta & Tacaíochta Teaghlaigh	93
6.4. An Córas Oideachais	100
6.5. Seirbhísí don Aos Óg agus d'Aoisghrúpaí eile	108
6.6. An Earnáil Ghnó agus Turasóireacht Chultúrtha	113
6.7. Eagraíochtaí Pobail	127
6.8. Na Meán Chumarsáide	130
6.9. Seirbhísí Poiblí	133
6.10. Pleanáil & Forbairt Fhisiceach	135
6.11. Seirbhísí Sóisialta & Caitheamh Aimsire	147
6.12. Staid na Gaeilge sa Limistéar	156
7. Costais & Maoiniú	162
7.1 Costais agus Maoiniú	162
7.2 An Buiséad	163
7.2 Saolré na mBeart	172
8. Forbairt Feasachta & Poiblíocht	175
8.1 Forbairt Feasachta	175
8.2 Poiblíocht	175

Plean Teanga Mhúscraí

9. Feidhmiú & Monatóireacht	178
9.1 Mór-mhonatóireacht	178
9.2 Monatóireachta Rialta	178
9.3 Dialann Teanga	179
9.4 Táscairí Feidhmíochta	181
9.5 Ról na Limistéar Pleanála eile	181
9.6 Monatóireacht Fadama 2021	181
9.6 Monatóireacht ag deireadh na 7 mbliana	181
10. English Summary / Achoimre Béarla	
10.1 Introduction	182
10.2 Objectives (Spriocanna)	182
10.3 Summary of Chapters 1 – 5	185
10.4 Summary of Chapter 6 – The Actions (Na Bearta)	187
10.5 Summary of Chapters 7 – 9	202
AGUISÍNÍ	
Aguisín I: Moltaí an Phobail	203
Aguisín II: Na Ceistneoirí	250
Aguisín III: Páirtithe Leasmhara – Na hEagraíochtaí Pobail, Na Séipéil Áitiúla agus na hEagraíochtaí Stáit	279
Aguisín IV: Foinsí Tánaisteacha	283
Aguisín V: Grianghraif	285

Plean Teanga Mhúscraí

Réamhrá

FÍS

'Sí an aidhm atá laistiar den Phlean Teanga seo ná borradh a chur faoi úsáid na Gaeilge sa limistéar, le tacaíocht agus rannpháirtíocht níos forleithne ón bpobal.

Tá ár bhfís don Phlean Teanga fite fuaite lenár bhfís do phobal Ghaeltacht Mhúscraí agus tuigimid go mbraitheann an dá rud ar a chéile.

LUACHANNA

Mar bhonn dá bhfuil molta sa Phlean Teanga seo, tá luachanna agus aigne an phobail, mar a léiríodh iad le linn an taighde a deineadh (Deireadh Fómhair 2016 - Meitheamh 2017). Ina measc sin go príomha tá:

- meas ar thraidisiúin Ghaelacha Ghaeltacht Mhúscraí
- féiniúlacht Ghaeltacht Mhúscraí a chaomhnú, a chothú agus a fhógairt
- tacaíocht d'fhostaíocht sa cheantar
- muintir Mhúscraí, an oiread díobh agus is maith leo, a bheith in ann cónaí sa cheantar
- mórtas a spreagadh i measc an phobail inár gceantar Gaeltachta, chomh maith le mórtas agus aitheantas ina gcuid scileanna Gaeilge
- deis a thabhairt do dhaoine an Ghaeilge a labhairt i ngach gné dá saol
- meas ar an uile dhuine agus ar gach aicme
- áilleacht fhisiciúil an cheantair a chosaint

RÉIMSÍ PLEANÁLA TEANGA

Tá cur chuige an Phlean seo dírithe ar úsáid na Gaeilge a chur chun cinn sna réimsí seo a leanas:

- Deiseanna foghlama Gaeilge lasmuigh den chóras oideachais foirmeálta
- Seirbhísí cúram leanaí, réamhscolaíochta & tacaíochta teaghlaigh
- Tacaíocht don chóras oideachais áitiúil
- Seirbhísí a chur ar fáil don aos óg agus d'aoisghrúpaí eile
- Spreagadh a thabhairt don earnáil ghnó agus don turasóireacht chultúrtha
- Spreagadh agus tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí pobail agus clubanna
- Leas a bhaint as gach meán chumarsáide
- Stocaireacht ar son úsáid na Gaeilge sna seirbhísí poiblí
- Úsáid agus forbairt na n-áiseanna fisiciúla
- Seirbhísí sóisialta agus caitheamh aimsire
- Feachtas feasachta do leas na Gaeilge sa cheantar

Plean Teanga Mhúscraí Réamhrá

SPRIOCANNA

Tá sé beartaithe na spriocanna seo a bhaint amach trí sraith gníomhachtaí atá leagtha amach sna 77 bearta. Tá na bearta léirithe go mion i gCaibidil 6. Tá na spriocanna léirithe go mion i gCaibidil 5.

- ✚ **IMEACHTAÍ SÓISIALTA** – clár leathan imeachtaí sóisialta trí Ghaeilge a chur i bhfeidhm don aos óg agus don aos fásta chun úsáid na Gaeilge ar bhonn neamhfhoirmiúil a chur chun cinn i measc an phobail agus chun níos mó deiseanna úsáide a chruthú dóibh.
- ✚ **TUISMITHEOIRÍ** – Seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil do na tuismitheoirí trí mheán ceardlanna Gaeilge neamhfhoirmiúla, ranganna Gaeilge foirmiúla, imeachtaí sóisialta trí Ghaeilge, acmhainní i dtaca leis an obair scoile, níos mó eolais agus comhairleoireachta maidir le buntáistí an dhátheangachais.
- ✚ **RANGANNA GAEILGE** – Réimse leathan ranganna foirmiúla & neamhfhoirmiúla a chur ar fáil do gach aoisghrúpa.
- ✚ **IONAD CÚRAM LEANAÍ (Crèche)**- Dá luaithe is a chloiseann an páiste Gaeilge, is ea is fearr é. Ionad Cúram Leanaí a fhorbairt i nGaeltacht Mhúscraí chun seirbhísí luathoideachais agus cúram leanaí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge.
- ✚ **CINNEADH COMHFHIOSACH** - Go ndéanfaidh muintir na háite agus gnóthaí pobail na háite a spreagadh i dtreo cinneadh comhfhiosach níos mó Gaeilge a labhairt.
- ✚ **TEANGA AN BHAILE** - An méid Gaeilge a labhraítear sa bhaile a mhéadú.
- ✚ **FEASACHT TEANGA** – Go mbeadh feasacht, bród agus mórtas i leith Gaeilge a labhairt.
- ✚ **POLASAITHE GAEILGE** – Méadú i líon na ngnóthaí áitiúla, na n-eagraíochtaí pobail áitiúla agus na n-ionad pobail le polasaí Gaeilge á chur i bhfeidhm acu faoi dheireadh thréimhse an Phlean.
- ✚ **LÍON NA GCAINTEOIRÍ GAEILGE** - Idir thús saolré an Phlean agus 2021 cuirfear stop le laghdú / meath na Gaeilge sa limistéar agus cuirfear stop leis an méadú sa líon daoine gan Ghaeilge acu. Idir 2021 agus deireadh thréimhse an Phlean (2025) beidh méadú ar an líon daoine a labhraíonn Gaeilge agus laghdú ar an líon gan Ghaeilge acu:
- ✚ **LÍON NA BPÁISTÍ RÉAMHSCHOILE LE GAEILGE** - Méadú i líon na leanaí go bhfuil Gaeilge mhaith agus Gaeilge ó dhúchas acu ag tosnú sna naíonraí áitiúla faoi dheireadh thréimhse an Phlean Teanga.
- ✚ **POLASAÍ DON OIDEACHAS GAELTACHTA** – Go mbeadh stádas Scoil Ghaeltachta bainte amach ag gach scoil sa limistéar le linn thréimhse an Phlean Teanga.

Plean Teanga Mhúscraí
Réamhrá



Páirtithe Leasmhara

Tá tacaíocht ann don Phlean Teanga i measc an phobail i gcoitinne.

✓ **POBAL MHÚSCRAÍ**

✓ **NA hINSTITIÚIDÍ OIDEACHAIS**

Stiúrthóirí na Naíonraí

Naíonra Bhéal Átha'n Ghaorthaidh

Naíonra Bhaile Mhúirne

Naíonra Chill na Martra

Naíonra Chúil Aodha

Príomhoidí na mBunscoileanna

Scoil Abán Naofa, Baile Mhúirne

Scoil Chúil Aodha-Barr d'Inse

Scoil Fhionnbarra, Béal Átha'n Ghaorthaidh

Scoil Lachtaín Naofa, Cill na Martra

Scoil Réidh na nDoirí

Príomhoidí na hIarbunscoileanna

Coláiste Ghobnatan, Baile Mhúirne

Scoil Mhuire, Béal Átha'n Ghaorthaidh

✓ **GNÓTHAÍ ÁITIÚLA**

Baile Mhúirne & Baile Mhic Íre

An Gadaí Dubh

An Leabharlann

An Muileann

Crúisicín Lán

Dairygold Co-op

Dino's – Beir Leat

Garáiste Uí Luasa

Garáiste Uí Chéileachair

Gruagaire Síle & Martina

Gruagaire Síoda

M. Ó Críodáin Ceantálaí Áitiúil

Oifig an Phoist

Óstán Ghobnatan

Poitigéir Déiseach

Shani Kebab – Beir Leat

Siopa Grósaera Uí Dhroma

Siopa Grósaera Uí Luasa

Tigh Tábhairne Uí Scanaill

Réidh na nDóirí

Oifig an Phoist

Béal Átha'n Ghaorthaidh

An Siopa Guagán Barra

An Trucaillín Dubh, Tigh Seartan

Óstán Guagán Barra

Siopa Frank & Eibhlín Uí Dhuinnín

Tigh Tábhairne Ard na Laoi

Tigh Tábhairne Seartan

Tigh Uí Chróinín, Guagán Barra

Cill na Martra

Oifig an Phoist - Siopa Bernie

Tigh Tábhairne - An Chrois

Tigh Tábhairne Uí Mhurchú

Tigh Tábhairne Leath-shlí (Mons)

Plean Teanga Mhúscraí

Réamhrá

✓ FÉILTE ÁITIÚLA

Ceiliúradh an Dochtúra Uí Loingsigh
Céiliúradh Tobar Lachtaín
Cóisir Sráide Chúil Aodha
Comóradh Sheáin Uí Shíocháin, Cill na Martra
Cruinniú na bhFliúit
Dámhscoil Mhúscraí Uí Fhloinn
Daonscoil an Fhómhair, Guagán Barra
Domhnach an Ghuagáin
Éigse Dhiarmuid Uí Shúilleabháin
Féile Damhsa agus Ceoil Chorcaí & Chiarraí
Féile na Laoch
IMBOLC
Lá le Gobnatan
Lá le Lachtaín
Paráid Lá le Pádraig, Béal Átha'n Ghaorthaidh
Rás Mhúscraí
Taispeántas Talmhaíochta Baile Mhúirne/Cúil Aodha

✓ NA SÉIPÉIL ÁITIÚLA¹

✓ EAGRAÍOCHTÍ POBAIL – COISTÍ & CLUBANNA²

✓ EAGRAÍOCHTAÍ STÁIT³

¹ Tá liosta cuimisintheach dos na séipéil áitiúla ar fad ar fáil in Aguisín III

² Tá liosta cuimisintheach dos na heagraíochtaí pobail ar fad ar fáil in Aguisín III

³ Tá liosta cuimisintheach dos na heagraíochtaí stáit ar fad ar fáil in Aguisín III

Plean Teanga Mhúscraí

Réamhrá

Focal ón gCathaoirleach

Plean Teanga Mhúscraí

I mí Iúil 2015 ghlac Údarás na Gaeltachta le hiarratas ó Chomharchumann Forbartha Mhúscraí Plean Teanga a chur le chéile do Limistéar Pleanála Teanga Mhúscraí. Ina diaidh sin, ag cruinniú poiblí i mBaile Mhúirne, 13 Deireadh Fómhair 2015, bunaíodh coiste, Meitheal Pleanála Teanga Mhúscraí, chun plean a chur le chéile. Bhí cruinnithe rialta ag an Meitheal sa chúig shráidbhaile sa cheantar chun an obair a chur chun cinn. Tá cuntas ar cad a deineadh chun plean a chur le chéile léirithe tríd an tuarascáil seo.

An Ghaeltacht

Tá tagairtí á ndéanamh i bhfoinsí scríofa don Ghaeltacht le breis is 200 bliain. Taispeánann sé sin ní hamháin go raibh pobail labhartha Gaeilge ar leith ann, ach go raibh ceantair sa tír freisin nach raibh an saol Gaelach i réim iontu. Is i méid agus i dtábhacht a d'imigh tionchar na n-áiteanna eile san ó shin. Gan amhras, bhí an Ghaeltacht níos forleithne 200 bliain ó shin, le hais Gaeltacht an lae inniu, ach ar ndóigh, níorbh ionann an saol in Éirinn an uair úd agus inniu. Mar an gcéanna, bunaíodh Roinn na Gaeltachta i 1956 agus níl an Ghaeltacht chomh láidir inniu is a bhí an uair úd. Ach ní hionann ach oiread an saol a bhí ann ansan agus an lá inniu. Ach leanann an dul ar chúl. An féidir an cúl le cine seo a stopadh?

Áit ar leith is ea an Ghaeltacht, ach maireann sí freisin sa saol atá mórthimpeall uirthi in Éirinn agus tá tionchur ag saol an domhain mhóir uirthi freisin. Bhí agus tá brú agus díchur á dhéanamh ar an teanga sa Ghaeltacht. Ach, 'sí an Ghaeilge féin an rud rí-speisialta amháin a thugann brí do cad is Gaeltacht ann agus de réir mar atá úsáid na teanga i mbaol, tá an Ghaeltacht féin i mbaol. Ní mór dúinn mar sin ár ndícheall a dhéanamh chun moltaí an Phlean seo a chur i bhfeidhm go fuinniúil agus le fonn chun go gcasfaidh an roth an treo eile. Is gá dúinn agus *is féidir linn* é sin a dhéanamh.

Buíochas

Tá buíochas ag dul do mhórán daoine a chabhraigh leis an bPlean seo a chur le chéile, go háirithe an pobal trí chéile, a d'fhreastail ar chruinnithe, a chuir moltaí ar aghaidh agus a d'fhreagair ceistneoirí. Táim féin buíoch don Mheitheal Pleanála Teanga, do Julia May Uí Chríodáin, Bainisteoir Chomharchumann Forbartha Mhúscraí, agus go speisialta do Rosaí Nic Chárthaigh, ár gComhordaitheoir Pleanála Teanga agus d'Údarás na Gaeltachta a thug maoiniú agus tacaíocht leanúnach.

Thar ceann na ndaoine sin ar fad, ba mhaith liom an Plean a thólacadh do mhuintir Mhúscraí a d'imigh romhainn agus a thug oidhreacht dúinn gur gá dúinne a chur ar aghaidh *beo* chuig na glúinte atá le teacht.

Donnchadh Ó hAodha
Cúil Aodha
30 Iúil, 2017.

Plean Teanga Mhúscraí

Réamhrá

Ba maith le Foireann Meitheal Pleanála Teanga Mhúscraí buíochas a ghabháil leo seo a leanas:

Pobal Ghaeltacht Mhúscraí – as na tuairimí dearfacha, moltaí spreagúla agus an t-aiseolas ionraic.

Na daoine go léir a d'fhreastail ar na cruinnithe agus na ceardlanna ar fad.

Baill na n-eagraíochtaí pobail, na gcumann agus na gclubanna áitiúla.

Stiúrthóirí na Naíonraí, Príomhoidí na mBunscoileanna & na hIarbhunscoileanna.

Na daltaí bunscoile a thug ionchur spreagúil dúinn i Scoil Abán Naofa, Baile Mhúirne, Scoil Lachtaín Naofa, Cill na Martra, Scoil Fhionnbarra, Béal Átha'n Ghaorthaidh, Scoil Chúil Aodha-Barr d'Inse agus Scoil Náisiúnta Réidh na nDoirí.

Na daltaí iarbhunscoile a thug ionchur fiúntach dúinn i gColáiste Ghobnatan, Baile Mhúirne agus i Scoil Mhuire, Béal Átha'n Ghaorthaidh.

Na grúpaí tuismitheoirí agus lapadán i Réidh na nDoirí, i mBéal Átha'n Ghaorthaidh agus i gCúil Aodha.

Seán Ó Loingsigh, Iriseoir áitiúil.

Muireann Ní Cheallaigh a thug go leor tacaíochta don comhordaitheoir pleanála teanga ag na cruinnithe poiblí agus ins na ceardlanna a reachtáladh leis na daltaí meánscoile. Aoife Ní Leanacháin atá ar thréimhse scoláireachta sa rannóg pleanála teanga in Údarás na Gaeltachta a thug cabhair leis na ceardlanna a reachtáladh leis na daltaí bunscoile.

An tAthair de Brún, An tAthair Ó Briain, agus an tAthair Martin O' Driscoll.

Údarás na Gaeltachta, go háirithe Rachel Ní Riada, Feidhmeannach Teanga agus Cultúir, don chomhairleoireacht agus treoir ar fad a tugadh do Rosaí Nic Chárthaigh, Comhordaitheoir Pleanála Teanga, le linn an phróisis ar fad.

An Dr. Tadhg Ó hIfeárnáin, Ollscoil Luimnigh – don chomhairleoireacht agus treoir ar fad a tugadh do Rosaí Nic Chárthaigh, Comhordaitheoir Pleanála Teanga, le linn an phróisis ar fad.

Comhlucht Forbartha na nDéise; Hannah Ní Dhoimhín agus an Dr. Donall Ó Baoill, Meitheal Pleanála Teanga an Iarthuaiscirt; a thug treoir agus cúnamh dúinn leis na ceistneoirí go léir a úsáideadh.

Aodh Mac Ruairí, Meitheal Pleanála Teanga an Iarthuaiscirt a thug treoir agus cúnamh dúinn leis na ceistneoirí go léir a úsáideadh.

Muiris Ó Laoire, Comhairleoir Pleanála Teanga Ciarraí Theas & Ciarraí Thiar.

Colm Ó Cinnseala, Seirbhísí Pleanála Teanga, Cois Fharraige, An Ghaillimh.

Críostóir Ó Faoláin – Bainisteoir, Comhlucht Forbartha na nDéise.

Emmet Ó Fatharta, Oifigeach Gaeilge, An Phríomh-Oifig Staidrimh.

Caibidil 1 – Cúlra an Phróisis Pleanála Teanga

1. Cúlra an Phróisis Pleanála Teanga

1.1 Réamhrá

Ní inniu nó inné a thosaigh lucht na Gaeltachta, díograiseoirí na Gaeilge, na húdaráis ábhartha nó Rialtas na hÉireann féin fiú ag díriú isteach ar chothú agus ar chaomhnú na teanga. Gan dabht, cé go bhfuil gach seans ann go mbraitear gur téarma nua í an phleanáil teanga i mbéal an ghnáth-dhuine sna ceantair Ghaeltachta ó cheann ceann na tíre, agus sna ceantair lasmuigh den Ghaeltacht, ní téarma nua in aon chor í i ndáiríre ach rud atá i gcroílár gach ní a bhaineann leis an teanga le fada an lá, ag múnú agus ag éabhlóidiú go tuiscint an lae inniu ar ábhar na pleanála teanga. Níl dabht ar bith ach go dtéann an phleanáil teanga agus próiseas na pleanála teanga siar i bhfad. Tá an phleanáil teanga agus cur chuige na pleanála teanga fite fuaite in iliomad cáipéisí agus tuarascálacha éagsúla le blianta fada anuas, cáipéisí reachtaíochta agus tuarascálacha ar nós *Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003*, *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht, Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030*, *Acht na Gaeltachta 2012* agus fiú *Bunreacht na hÉireann*.

1.2 Bunreacht na hÉireann

I [*mBunreacht na hÉireann*](#), arna achtú ag an bpobal ar an 1ú Iúil 1937, tugtar stádas agus aitheantas ar leith don Ghaeilge. In Airteagal 8 léirítear go neamhbhalbh gur theanga náisiúnta í an Ghaeilge agus gur phríomhtheanga na tíre í. Glactar leis an mBéarla mar theanga oifigiúil eile.

Ceadaíonn an Bunreacht do gach duine gach gnó – agus gach cuid dá ngnó – a dhéanamh leis an stát trí Ghaeilge agus trí Ghaeilge amháin. Ciallaíonn an ceart bunreachtúil go bhfuil, dá réir sin, dualgais ar chomhlachtaí poiblí na tíre géilleadh don cheart sin.

Tá an Ghaeilge go mór faoi chosaint bhunreachtúil, toisc gur í an teanga náisiúnta agus an chéad teanga oifigiúil í. Lena chois sin tá sí ina teanga oibre de chuid an Aontais Eorpaigh ó 2007 i leith agus tugann na Náisiúin Aontaithe aitheantas do chearta teanga mar chuid de chearta an duine.

1.3 Acht na dTeangacha Oifigiúla

I mí Iúil 2003 tháinig [*Acht na dTeangacha Oifigiúla*](#) i bhfeidhm chun breis tacaíochta a thabhairt do lucht labhartha na Gaeilge agus dóibh siúd ar mian leo an Ghaeilge a úsáid ina gcuid gnóthaí laethúla leis an stát agus le comhlachtaí poiblí na tíre.

Tá sé mar aidhm ag an Acht líon agus caighdeán na seirbhísí trí Ghaeilge a chuireann comhlachtaí poiblí ar fáil don phobal a mhéadú agus a fheabhsú, ar bhealach eagraithe, thar thréimhse ama. Tá sé i gceist ag an reachtaíocht áit agus spás a chruthú don teanga i saol poiblí na tíre. Deimhníonn an tAcht go bhfuil réimse leathan cearta teanga ag an bpobal.

Leagtar amach rialacha éagsúla san Acht i dtaobh úsáid na Gaeilge ag comhlachtaí poiblí, is as sin a bunaíodh [*Oifig an Choimisinéara Teanga*](#)¹ chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlachtaí poiblí i dtaca le forálacha an Achta agus is ann a ndéantar forálacha maidir le

¹ Tuilleadh eolais faoin gCoimisinéir Teanga ag www.coimisineir.ie.

Caibidil 1 – Cúlra an Phróisis Pleanála Teanga

leaganacha Gaeilge oifigiúla na logainmneacha agus deireadh le stádas oifigiúil na logainmneacha Béarla i gceantair Ghaeltachta.

1.4 An Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch

Sa bhliain 2007 foilsíodh mórthuarascáil [*Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht*](#) (Ó Giollagáin et al.), tuarascáil a cuireadh i dtoll a chéile idir mí Aibreáin 2004 agus mí Dheireadh Fómhair 2006 don Roinn Gnóthaí Pobal, Tuaithe agus Gaeltachta. Ba é príomhaidhm na tuarascála críochnaithí seo anailís agus faisnéis a chur ar fáil a thugann léargas chomh cruinn agus is féidir ar úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht chomhaimseartha. Ceann de mhór-phointí na tuarascála úd ná gur mothaíodh go bhfuil an oiread sin de mheathlú tagtha ar an nGaeilge sna ceantair Ghaeltachta go bhfuil an baol ann nach mairfidh an teanga mar ghnáth-theanga chumarsáide sna pobail Ghaeltachta.

Ag tráth foilsithe an Staidéir Chuimsithigh Theangeolaígh thug duine d'údar na tuarascála, an tOllamh Conchúr Ó Giollagáin, le tuiscint go mbraitheann sé óna chuid staidéir ar an ábhar nach bhfuil ach 20 bliain fágtha ag an nGaeilge mar phríomhtheanga cumarsáide na Gaeltachta.

Thacaigh tátail an *Staidéir Chuimsithigh Theangeolaígh* le go leor cáipéisí agus ábhar staidéir a tháinig roimhe ag léiriú go raibh an Ghaeilge ag dul i léig, fiú sna ceantair Ghaeltachta is láidre, agus go gcaithfí gníomhú gan mhoill chun todhchaí na teanga a chinntiú, agus gan dabht d'eascair go leor cáipéisí eile mar thoradh ar an *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch* san iarracht ghníomhach dul i ngleic le meathlú na teanga agus chun todhchaí ár dteanga dhúchais a chinntiú.

1.5 An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030

Ceann de na cáipéisí is tábhachtaí a d'eascair mar thoradh ar an *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch* ná an [*Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030*](#), a foilsíodh ar an 21ú Nollaig 2010 ag leagan amach cur chuige comhtháite an Rialtais i leith na Gaeilge. Sonraíonn an Straitéis naoi réimse gnímh – Oideachas; An Ghaeltacht; An Teaghlach; Riarachán, Seirbhísí agus Pobal; Na Meáin agus Teicneolaíocht; Foclóirí; Reachtaíocht agus Stádas; Saol Eacnamaíochta; agus Tionscnaimh Leathana. Aidhm ginearálta na Straitéise ná úsáid agus eolas ar an nGaeilge mar theanga phobail a mhéadú ar bhonn chéimnithe.

Is iad aidhmeanna sonracha na Straitéise ná an líon daoine a labhraíonn Gaeilge gach lá lasmuigh den chóras oideachais a ardú ó 83,000 go 250,000; an líon daoine a labhraíonn Gaeilge sa Ghaeltacht gach lá a ardú faoi 25% tríd is tríd, mar beidh borradh a chur faoin nGaeltacht fíorthábhachtach don Straitéis fhoriomlán. Táthar ag súil leis go mbeidh spriocanna sonracha do cheantair Ghaeltachta ar leith leagtha amach sna pleananna teanga áitiúla atá molta; agus an líon daoine a úsáideann seirbhísí Stáit trí Ghaeilge agus atá in ann teilifís, raidió agus na meáin chlóite a rochtain tríd an teanga a ardú (Rialtas na hÉireann, 2010: 9).

Caibidil 1 – Cúlra an Phróisis Pleanála Teanga

1.6 Acht na Gaeltachta 2012

Síníodh [Acht na Gaeltachta 2012](#) ar an 25ú Iúil 2012, cáipéis reachtaíochta eile curtha i dtoll a chéile de dheasca an *Staidéir Chuimsithigh Theangeolaígh*.

Faoi Acht na Gaeltachta 2012, tá sé i gceist go mbeidh an Ghaeltacht bunaithe feasta ar chritéir theangeolaíocha seachas ar limistéir thíreolaíocha mar a bhí go dtí seo. Beidh an phleanáil teanga ag leibhéal an phobail lárnach do phróiseas an tsainmhínte nua don Ghaeltacht. Beidh deis ag ceantair lasmuigh de na ceantair Ghaeltachta aitheantas reachtúil a bhaint amach mar Líonraí Gaeilge nó mar Bhailte Seirbhíse Gaeltachta, faoi réir critéir áirithe a bheith comhlíonta acu (An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, 2015).

Tugann *Acht na Gaeltachta 2012* feidhm reachtúil do phróiseas na pleanála teanga agus tugtar feidhm reachtúil d'Údarás na Gaeltachta maidir le cur i bhfeidhm na *Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* sa Ghaeltacht.

1.7 Nuashonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch

In 2015 foilsíodh an [Nuashonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: 2006-2011](#) (Ó Giollagáin et al.), tuarascáil taighde arna réiteach ag Ollscoil na hÉireann Gaillimh do Údarás na Gaeltachta, ag tabhairt léargas ar staid na Gaeilge sa Ghaeltacht agus faisnéis ar na hathruithe atá tagtha ar phróifíl teanga na bpobal Gaeltachta i gcaitheamh na tréimhse 2006-2011.

Sonraíonn Údarás na Gaeltachta go “léiríonn an anailís atá déanta sa tuarascáil nár tháinig aon mhaolú ar an ráta ag a bhfuil an Ghaeilge á creimeadh mar theanga phobail sa Ghaeltacht ón uair a foilsíodh an chéad thuarascáil taighde *An Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht in 2007*. Dar leis na húdair go bhfuil an creimeadh ag tarlú ag ráta níos tapúla ná mar a bhí á thuar sa bhunstaidéar agus go n-éilíonn sé gníomh práinneach idirghabhála.” Forbraíonn an *Nuashonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch* ar bhuntaighde an *Staidéir Chuimsithigh Teangeolaígh* agus léirítear ann tiomantas an Údaráis i leith na Gaeilge agus aisghabháil na teanga ina teanga phobail sna ceantair Ghaeltachta.

1.8 Polasaí don Oideachas Gaeltachta

Ceann de na cáipéisí is déanaí a bhaineann le hábhar na pleanála teanga ná [Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022](#) arna fhoilsiú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna i mí Dheireadh Fómhair 2016. Tacaíonn an Polasaí le próiseas na pleanála teanga sna ceantair Ghaeltachta agus cruthaítear nasc/struchtúr ann a chuireann ar chumas na gceanneagraíochtaí sna Limistéar Pleanála Teanga obair i gcomhar leis na soláthróirí oideachais sna limistéir úd ar mhaithe le cothú agus caomhnú na Gaeilge.

Tugann an *Polasaí don Oideachas Gaeltachta* soiléiriú ar ról na scoileanna agus ról na seirbhísí luathoidreachais i dtacú le buanú na Gaeilge mar theanga phobail sa Ghaeltacht agus aithníonn an Polasaí tábhacht an oideachais i mbuanú pobail tuaithe. Don chéad uair tugtar aitheantas

Caibidil 1 – Cúlra an Phróisis Pleanála Teanga

sa Pholasáí don chainteoir dúchais Gaeilge agus aithnítear go bhfuil gá le cur chuige ar leith le freastal ar riachtanais an chainteora dúchais sna seirbhísí oideachais Gaeltachta. Aithníonn an Polasáí na dúshláin atá roimh theaghlaigh na Gaeltachta agus iad ag iarraidh an Ghaeilge a sheachadadh chuig an gcéad ghlúin eile agus molann sé struchtúr chun dul i ngleic leis na dúshláin sin. Leagan an Polasáí amach bearta a thugann aghaidh ar na dúshláin atá ann teacht ar mhúinteoirí le hard-chaighdeán Gaeilge le múineadh i scoileanna Gaeltachta (Údarás na Gaeltachta: 2016).

1.9 Conclúid

Faoi Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 agus Acht na Gaeltachta 2012 ní mór don 26 Limistéar Pleanála Teanga ó cheann ceann na tíre plean teanga iomchuí a chur le chéile chun tacú le húsáid, forbairt agus cur chun cinn na Gaeilge mar theanga phobail. Tá Comharchumann Forbartha Mhúscraí Teo., mar Cheanneagraíocht, agus Meitheal Pleanála Teanga Mhúscraí, mar choiste stiúrtha na pleanála teanga agus fochoiste dá chuid, go hiomlán tiomanta plean teanga uile-chuimsitheach, uailmhianach ach réalaíoch a chur i gcrích i dtaca le Limistéar Pleanála Teanga Mhúscraí.

Tuigtear go mbainfidh an plean teanga leis an bpobal trí chéile agus go mbraithfidh rath an phlean ar rannpháirtíocht agus ionchur an phobail áitiúil. Lena chois sin, tuigtear go mbraithfidh rath an phlean teanga ar chur chuige comhtháithe idir eagraíochtaí pobail agus deonacha, an earnáil phríobháideach agus an earnáil phoiblí. Tá tréaniarracht déanta dá réir Plean Teanga Mhúscraí a chur i dtoll a chéile i gcomhar agus i gcomhairle le pobal Mhúscraí trí chéile, na spriocghrúpaí agus na páirtithe leasmhara éagsúla.

Plean Teanga Mhúscraí

Caibidil 2 – Sonraí na Ceanneagraíochta

2. Sonraí na Ceanneagraíochta

2.1 Comharchumann Forbartha Mhúscraí

Bunaíodh Comharchumann Forbartha Mhúscraí Teoranta sa bhliain 2008, le tacaíocht mhaoinithe ó Údarás na Gaeltachta, agus táthar ag feidhmiú go gníomhach chun leasa an phobail áitiúil i nGaeltacht Mhúscraí ó shin i leith.

An ráiteas misin atá ag Comharchumann Forbartha Mhúscraí ná: *Traidisiún, Teanga, Todhchaí – Seirbhís forbartha pobail a sholáthar don phobal trí chéile i nGaeltacht Mhúscraí chun leasa an cheantair áitiúil, le buanú agus caomhnú na Gaeilge, agus cur chun cinn an traidisiúin i gcroílár ár réimse oibre i gcónaí.*

Tá oifig an Chomharchumainn lonnaithe i gCois Cille, Cill na Martra, áit ina bhfuil Bainisteoir lánaimseartha lonnaithe. Is í Julia May Uí Chríodáin Bainisteoir an Chomharchumainn faoi láthair. Tuairiscíonn an Bainisteoir díreach do Chathaoirleach an Chomharchumainn, a fheidhmíonn thar ceann Choiste Stiúrtha an Chomharchumainn, coiste deonach atá ionadaíoch ar phobal Mhúscraí trí chéile. Buaileann Bainisteoir agus Coiste an Chomharchumainn le hionadaithe Údarás na Gaeltachta go rialta chun pleananna oibre leanúnacha, foinsí maoinithe, éilimh an phobail s.rl. a phlé.

Ó thráth a bhunaithe tá sé mar phríomhaidhm ag an gComharchumann seirbhís forbartha pobail a sholáthar don phobal trí chéile i nGaeltacht Mhúscraí chun leasa an cheantair áitiúil, le buanú agus caomhnú na Gaeilge, agus cur chun cinn an traidisiúin i gcroílár a chuid oibre i gcónaí. Tá an Comharchumann ann chun cúnamh agus tacaíocht a thabhairt pé slí is féidir do na grúpaí pobail agus coistí deonacha atá gníomhach sa cheantar áitiúil. Tugtar cúnamh agus tacaíocht i dtaobh na Gaeilge ach go háirithe, ach chomh maith leis sin tugtar cúnamh i dtaobh eolas agus rochtain ar fhoinsí maoinithe, cúrsaí/oiliúint, cúnamh le foirmeacha iarratais, bolscaireacht, s.rl.

Buaileann Bainisteoir an Chomharchumainn le coistí agus grúpaí pobail an cheantair i gcaitheamh na bliana chun dul chun cinn chlár forbartha na heagraíochta a phlé agus chun an chéad chlár forbartha eile a phlé leis na grúpaí ar leith agus aontú ar thacaíocht dá chéile. Pléann baill an Chomharchumainn clár oibre na bliana le teacht lena gcuid coistí féin chun a gcuid tuairimí siúd a fháil, le deis a thabhairt dóibh ionchur a bheith acu ar an méid a chuirtear ar an gclár oibre don bhliain le teacht. Déantar iarracht díriú ach go háirithe ar na heasnamh agus na riachtanais atá sa phobal áitiúil ó thaobh na Gaeilge, turasóireachta, fiontraíochta, seirbhísí sóisialta agus cúrsaí oideachais/oiliúna. Seo a leanas éachtaint achomair ar chlár oibre an Chomharchumainn, leagtha amach de réir 5 phríomh-réimse oibre:

Buanú agus Forbairt na Gaeilge mar Theanga Pobail - Déantar iarracht ciorcail chomhrá agus ranganna Gaeilge (ar struchtúr TEG) a eagrú bunaithe ar an éileamh ar a leithéid go háitiúil; Iarracht ghníomhach á dhéanamh an Ghaeilge a chur chun cinn i measc na ngrúpaí tuismitheoirí agus lapadán i gceantar Mhúscraí; Teagmháil leanúnach le páirtithe leasmhara an cheantair (coistí agus cumainn ach go háirithe) chun cúnamh a thabhairt dóibh polasaí teanga a chur i gcrích.

Plean Teanga Mhúscraí

Caibidil 2 – Sonraí na Ceanneagraíochta

Forbairt na Turasóireachta Cultúrtha agus Pobail – Eagraítear imeachtaí éagsúla go háitiúil chun an pobal áitiúil a thabhairt le chéile ar bhonn sóisialta, m.sh. tráth na gceist, imeachtaí Oíche Chultúir, Picnic na Bealtaine do theaghlaigh s.r.l.; Tugtar tacaíocht pé slí gur féidir do choistí áitiúla ag reáchtáil féilte éagsúla sa cheantar, m.sh. Féile Sheáin Uí Shíocháin i gCill na Martra, Éigse Dhiarmuid Uí Shúilleabháin i gCúil Aodha/Baile Mhúirne, Taispeántas Talmhaíochta Baile Mhúirne/Cúil Aodha s.r.l.

Soláthar Seirbhísí Sóisialta don Phobal – Tugtar tacaíocht leanúnach do na scéimeanna fostaíochta sa cheantar trí dheontais a lorg, cúrsaí a reáchtáil, folúntais a fhógairt, tuairisciú don phobal maidir le dul chun cinn, agus obair riaracháin; Tá an Comharchumann freagrach as riaradh na Scéime Sóisialta Tuaithe i Múscraí; Reáchtálar imeachtaí éagsúla dírithe ar an oideachas aosach, m.sh. ócáid náisiúnta Féile Foghlama Fadsaoil.

Forbairt na Fiontraíochta agus na Fostaíochta – Déantar iarracht ghníomhaíoch aon chlár fhiontraíochta a bhfuil éileamh orthu go háitiúil a chur ar fáil go háitiúil, i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta, Comhpháirtíocht Forbartha Cheantar Dheisceart agus Oirthear Chorcaí (SECAD) agus an Rubicon Centre CIT, m.sh. PINC/Cumas - clár fiontraíochta do mhná i 2016/17.

Soláthar Cúrsaí Oideachais agus Oiliúna don phobal – Déantar iarracht i gcónaí aon chúrsaí oideachais agus oiliúna atá de dhíth ar an bpobal áitiúil a chur ar fáil, m.sh. HACCP, Pas Sábháilte, Garchabhair s.r.l.

2.2 Coiste an Chomharchumainn

Tagann Coiste an Chomharchumainn le chéile le haghaidh cruinnithe míosúla, de ghnáth an chéad Mháirt den mhí in ionaid éagsúla sa cheantar áitiúil. Tá sé aontaithe i mBunreacht an Chomharchumainn go mbeadh íosmhéid de sheachtar mball ar Choiste an Chomharchumainn i gcónaí agus go mbeadh gach duine de na baill úd ionadaíoch ar choistí deonacha áitiúla eile sa cheantar (coistí forbartha, cumainn peile, coistí bailte slachtmhara s.r.l.).

Seo a leanas Coiste an Chomharchumainn faoi láthair (Iúil 2017):

Cathaoirleach:	Diarmuid Ó hÉalaithe (Cúil Aodha)
Leasathaoirleach:	Eilís Ní Shúilleabháin (Cúil Aodha / Baile Mhúirne)
Cisteoir:	Seán Ó Cuill (Cill na Martra/Cúil Aodha)
Rúnaí:	Colmán Ó Ceallaigh (Cúil Aodha)
Leas-Rúnaí:	Gearóid Ó hÉalaithe (Cill na Martra)
Baill eile:	Gearóid Mac Suibhne (Cill na Martra)
	Diarmuid Ó Cuill (Cúil Aodha)
	Seosamh Ó Lorcáin (Béal Átha'n Ghaorthaidh)
	Tomás Ó hAodha (Baile Mhúirne/Baile Mhic Íre)
	Micheál Ó Ceallacháin (Scéim Shóisialta Tuaithe Mhúscraí)

2.3 An tIarratas

Go luath in 2015, tar éis a ainmníodh Múscraí mar cheann den 26 Limistéar Pleanála Teanga, thug Údarás na Gaeltachta cuireadh d'eagraíochtaí agus do ghrúpaí pobail sa Limistéar Pleanála Teanga iarratas a dhéanamh le bheith roghnaithe mar Cheanneagraíocht pleanála

Caibidil 2 – Sonraí na Ceanneagraíochta

teanga freagrach as plean teanga a ullmhú agus a chur i bhfeidhm sa limistéar. Tugadh le fios go mbeadh suas le 2 bhliain ag an gCeanneagraíocht plean teanga a ullmhú agus 7 mbliana ina dhiaidh sin chun an plean teanga a chur i bhfeidhm. Léiríodh nach mór go mbeadh an Ceanneagraíocht a cheapfaí ionadaíoch don phobal, d'eagraíochtaí pobail, do choistí agus do chumainn dheonacha agus teanga, agus é mar aidhm acu cur le húsáid na Gaeilge sa limistéar ábhartha.

Phléigh Coiste an Chomharchumainn scéal na pleanála teanga ag cruinniú coiste míosúil agus, i bhfianaise ról na Gaeilge mar chuid lárnach de réimse oibre an Chomharchumainn, aontaíodh d'aonghuth go dtabharfaí faoin bpróiseas iarratais le bheith roghnaithe chun plean teanga a ullmhú do Limistéar Pleanála Teanga Mhúscraí faoi Acht na Gaeltachta 2012.

Thosaigh an Chomharchumann i mbun oibre ar an iarratas gan mhoill. Tuigeadh láithreach go mbeadh sé ríthábhachtach go mbeadh an pobal áitiúil lárnach in ullmhú an phlean teanga agus dá réir sin chuathas i muinín grúpaí agus eagraíochtaí pobail éagsúla chun a dtacaíocht siúd a fháil d'iarratas an Chomharchumainn a bheith roghnaithe mar Ceanneagraíocht. Fuarthas aiseolas thar a bheith dearfach ó na grúpaí agus eagraíochtaí sin ar fad, agus mar chuid den iarratas a cuireadh faoi bhráid Údarás na Gaeltachta ar an 15ú Aibreán 2015 cuimsíodh iliomad litreacha tacaíochta ag tacú le hiarratas an Chomharchumainn.

Seo a leanas liosta na ndreamanna éagsúla a sholáthair litreacha tacaíochta don Chomharchumann agus a cuireadh faoi bhráid an Údaráis mar chuid d'iarratas an Chomharchumainn le bheith roghnaithe mar Ceanneagraíocht:

- Coiste Forbartha Bhéal Átha'n Ghaorthaidh;
- Coiste Forbartha Chill na Martra;
- Coiste Tithíochta agus Forbairt an tSuláin Teoranta;
- Coláiste Ghobnatan, Baile Mhúirne;
- Coláiste na Mumhan, Béal Átha'n Ghaorthaidh;
- Comhaltas Cosanta Chúil Aodha;
- Comhar Naíonraí na Gaeltachta (thar ceann naíonraí an cheantair);
- Cumann Peile Béal Átha'n Ghaorthaidh;
- Cumann Peile Cill na Martra;
- Cumann Peile Naomh Abán, Baile Mhúirne;
- Gael Linn (thar ceann Coláiste Gael Linn Bhaile Mhúirne);
- Imbolc;
- Ionad Cultúrtha an Dochtúir Ó Loingsigh;
- Óige na Gaeltachta;
- Scoil Abán Naofa, Baile Mhúirne;
- Scoil Chúil Aodha-Barr d'Inse;
- Scoil Lachtaín Naofa, Cill na Martra;
- Scoil Mhuire, Béal Átha'n Ghaorthaidh;
- Scoil Naomh Fhionnbarra, Béal Átha'n Ghaorthaidh;
- Spraoi na Laoi (Coiste Tithíochta Uíbh Laoghaire), Béal Átha'n Ghaorthaidh.

Caibidil 2 – Sonraí na Ceanneagraíochta

I mí Iúil 2015 ainmníodh Comharchumann Forbartha Mhúscraí Teoranta mar an Ceanneagraíocht freagrach as plean teanga a chur i gcrích i Limistéar Pleanála Teanga Mhúscraí. Síníodh comhaontú le hÚdarás na Gaeltachta ar an 15ú Iúil 2015 agus ceadaíodh soláthar maoinithe €35,000 chun tacú leis an gComharchumann tabhairt faoi chostais ullmhúcháin an phlean teanga do Limistéar Pleanála Teanga Mhúscraí.

2.4 Meitheal Pleanála Teanga Mhúscraí

Go gairid tar éis a ainmníodh Comharchumann Forbartha Mhúscraí mar Ceanneagraíocht na pleanála teanga i Limistéar Pleanála Teanga Mhúscraí tháinig Coiste an Chomharchumainn le chéile chun an cur chuige is oiriúnaí don cheantar áitiúil a phlé.

Thug an Comharchumann cuireadh do ghrúpaí pobail, coistí agus scoileanna Mhúscraí freastal ar sheisiún eolais faoin bpleanáil teanga ar an 13ú Deireadh Fómhair 2015. Thug Julia May Uí Chríodáin, Bainisteoir an Chomharchumainn, agus Rachel Ní Riada, thar ceann Údarás na Gaeltachta, cur i láthair faoin bpleanáil teanga ar an oíche. Ag eascairt as an gcruinniú sin bunaíodh Meitheal Pleanála Teanga Mhúscraí chun togra na pleanála teanga go háitiúil a riaradh agus a bhrú chun cinn. Tá ionadaithe ar an meitheal sin ó shráidbhailte Mhúscraí agus táthar ag obair go díograiseach ó shin i leith chun plean teanga iomchuí a chur i gcrích do Limistéar Pleanála Teanga Mhúscraí i gcomhar agus i gcomhairle leis an bpobal áitiúil.

Seo a leanas baill Mheitheal Pleanála Teanga Mhúscraí:

Donnchadh Ó hAodha, Cathaoirleach - Rugadh agus tógadh Donnchadh i gcathair Chorcaí ach tá cónaí air le fada an lá anois i gCúil Aodha. Tá sé ina Chathaoirleach ar Bhord na Gaeilge i gColáiste na hOllscoile Corcaigh, chaith sé seal ina Uachtarán ar Chonradh na Gaeilge (2011-2014), bhí sé ina Bhainisteoir ar Áras na Mac Léinn (UCC) ar feadh tamall de bhlianta agus bhí sé ina Uachtarán ar Oireachtas na Gaeilge tráth chomh maith. I measc a chuid cáilíochtaí tá Baitsiléir Ealaíon, Ard-Diplóma san Oideachas, Céim B.C.L. agus Céim Mháistir (*honoris causa*).

Diarmuid Ó hÉalaithe - Is ó Chúil Aodha é Diarmuid. Tá sé ina Chathaoirleach ar Chomhaltas Cosanta Gaeltacht Chúil Aodha, ina Chathaoirleach ar Chomharchumann Forbartha Mhúscraí agus ina bhall rí-ghníomhach de phobal Chúil Aodha/Baile Mhúirne le tacaíocht á thabhairt i gcónaí dá leithéidí Coiste Bailte Slachtmhara Chúil Aodha i measc go leor eile nach iad.

Breandán Ó Lionáird - Is ó Ghort na Scairte i mBaile Mhúirne é Breandán. Tá ocht mbliana déag caite aige ina Phríomhoide ar Choláiste Ghobnatan, Baile Mhúirne agus tá sé ina Rúnaí ar Choiste Ionad Cultúrtha an Dochtúir Ó Loingsigh, Baile Mhúirne chomh maith.

Domhnall Ó Loingsigh –Saolaíodh Domhnall i nDoire na Sagart, Baile Mhúirne. Bhain sé amach oiliúint mar mhúinteoir bunscoile i gColáiste Phádraig agus chaith formhór dá shaol ag múineadh i gColáiste Mhic Aogáin, Maigh Chromtha. Tá sé ina bhall gníomhach de Chonradh na Gaeilge ó na seachtóidí agus ina Chathaoirleach ar chraobh Bhaile Mhúirne faoi láthair.

Plean Teanga Mhúscraí

Caibidil 2 – Sonraí na Ceanneagraíochta

Siobhán Ní Loingsigh – Is ó Ré na nDoirí í Siobhán. Is múinteoir meánscoile í i Scoil Ghramadaí Dhroichead na Bandan, ag múineadh Gaeilge agus Béarla. I measc a cuid cáilíochtaí tá Baitsiléir Ealaíon sa Ghaeilge agus Béarla, Ard-Diplóma sa Mhúinteoireacht, Diplóma Iarchéime sa Cheannaireacht Oideachais, agus tá sí ag tabhairt faoi Céim Mháistir san Oideachas faoi láthair. Tá sí ina Rúnaí ar Choiste Forbartha Réidh na nDoirí chomh maith.

Emma Ní Chéilleachair – Is ó Bhéal Átha'n Ghaorthaidh í Emma. Is múinteoir bunscoile í ag múineadh i Scoil Náisiúnta Chill Mhathnáin, An Eatharla agus teagascóir cáilithe ióga í chomh maith. Tá an-spéis ag Emma i gcur chun cinn na Gaeilge agus bíonn sí ag múineadh Gaeilge i gColáiste na Mumhan i rith an tsamhraidh. Tá sí ina ball gníomhach de Choiste Forbartha Béal Átha'n Ghaorthaidh.

Julia May Uí Chríodáin – Tá Julia May ionadaíoch ar an Meitheal Pleanála Teanga thar cheann Chomharchumann Forbartha Mhúscraí. Is ó Bhéal Átha'n Ghaorthaidh ó dhúchas í agus tá sí ina Bainisteoir ar an gComharchumann ó Márta 2015. Bhain sí amach Baitsiléir Ealaíon sa Ghaeilge agus Léann Dúchais ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh in 2005 agus Céim Mháistir sa Nua-Ghaeilge on insitiúid chéanna in 2006.

Rachel Ní Riada (Údarás na Gaeltachta) – Is ó Chúil Aodha í Rachel. Tá sí ina Feidhmeannach Teanga agus Chultúir le hÚdarás na Gaeltachta. Tá Máistreacht Eolaíochta sa bhFiontraíocht Shóisialta (UCC) agus Diplóma sa Phleanáil Teanga (NUIG) aici. Tá Rachel rí-ghníomhach i gcur chun cinn na Gaeilge go háitiúil le fada an lá agus i measc na gcoistí go bhfuil sí gafa leo áirítear Coiste Litríochta Mhúscraí, Coiste Éigse Dhiarmuid Uí Shúilleabháin, Comhaltas Cosanta Ghaeltacht Chúil Aodha, Coiste Cairde Mhúscraí san Eoraip, Slí Gaeltacht Mhúscraí agus a thuilleadh eile nach iad.

Samhlaítear, nuair a bheidh Plean Teanga Mhúscraí á chur i bhfeidhm, go mbeidh ról lárnach ag an Meitheal Pleanála Teanga agus táthar ag moladh dá réir go bhforbródh agus go múnlóidh an Mheitheal go Fóram Pleanála Teanga Mhúscraí, agus go meallfar isteach tuilleadh baill ar bhonn leanúnach.

2.5 Rosaí Nic Chárthaigh – Comhordaitheoir Pleanála Teanga

Is ó Bhaile Mhic Íre ó dhúchas í Rosaí. Tar éis di Céim Bhaitisléara sa Léann Eorpach agus Gaeilge a bhaint amach in Ollscoil Luimnigh lean Rosaí uirthi ag obair leis an nGaeilge agus trí mheán na Gaeilge ó shin. Chuaigh sí i mbun oibre mar Oifigeach Óige le hÚdarás na Gaeltachta i mBaile Mhic Íre ar feadh dhá bhliain agus ina dhiaidh sin chaith sí cúig bliana déag ag obair san earnáil teilifíse agus scannánaíochta. Tá sí ina Rúnaí ar Chumann Bheachairí Mhúscraí agus ina bhall de Choiste Dúlra & Dúchas Bhaile Bhúirne.

Thosnaigh Rosaí ag obair mar Chomhordaitheoir Pleanála Teanga le Meitheal Pleanála Teanga Mhúscraí i mí Dheireadh Fómhair 2016. Tá neart ama caite aici ag dul i muinín an phobail áitiúil chun a dtuairimí siúd i leith na Gaeilge agus todhchaí na teanga a bhailiú agus chun comhordú a dhéanamh ar Phlean Teanga Mhúscraí.

Caibidil 2 – Sonraí na Ceanneagraíochta

2.6 An Dr. Tadhg Ó hIfearnáin – Comhairleoir Seachtrach

Tá an Dr. Tadhg Ó hIfearnáin ina léachtóir sinsearach le Gaeilge in Ollscoil Luimnigh. Tá seantaithí ag Tadhg a bheith ag plé leis an bpleanáil teanga agus le cúrsaí sochtheangeolaíochta na Gaeilge agus na bpobal Gaeltachta. Tá aithne mhaith aige ar cheantar Mhúscraí chomh maith, le roinnt staidéir déanta aige i gcaitheamh na mblianta ar staid na Gaeilge i Múscraí.

Tá neart tacaíochta agus comhairle tugtha ag Tadhg le réimsí éagsúla de Phlean Teanga Mhúscraí, go háirithe i dtaca leis na ceistneoirí éagsúla atá curtha i gcrích. Tá áthas ar Meitheal Pleanála Teanga Mhúscraí gur thug Tadhg agus a fhoireann in Ollscoil Luimnigh faoi scagadh agus cíoradh a dhéanamh ar na ceistneoirí éagsúla a cuireadh i gcrích go háitiúil mar chuid de phróiseas na pleanála teanga.

Caibidil 3 – Léargas ar an Limistéar Pleanála Teanga


3. Léargas ar an Limistéar Pleanála Teanga

3.1 Réamhrá

Tabharfar cur síos sa chaibidil seo ar Limistéar Pleanála Teanga Mhúscraí trí chéile – cúig shráidbhaile an cheantair, na toghranna sa limistéar, áiseanna agus buntáistí an cheantair mar aon le heasnaimh agus míbhuntáistí na háite. Tabharfar cur síos ginearálta ar an gceantar agus tabharfar roinnt eolais chomh maith ar an topagrafaíocht, an daonra agus roinnt sonraí ar staid na teanga sa cheantar bunaithe ar fhigiúirí na ndaonáireamh le roinnt blianta anuas.

3.2 Limistéar Pleanála Teanga Mhúscraí – Topagrafaíocht & Infreastruchtúr

Tá Limistéar Pleanála Teanga Mhúscraí mar chuid de Ghaeltacht Chorcaí, suite thart ar 45 ciliméadar siar ó chathair Chorcaí.



Limistéar Pleanála Teanga Mhúscraí (i ndath gorm) tógtha ó shuíomh Amharcóir Pleanála Teanga¹

Tugadh faoi deara le linn céim ullmhúcháin an Phlean Teanga ní mar a chéile go hiomlán teorainneacha na dtoghcheantair i Múscraí agus an limistéar Pleanála Teanga. Tá stráicí talún taobh amuigh den Ghaeltacht san áireamh i limistéir na toghcheantair agus dá réir táimid chun cloí leis na figiúirí atá bunaithe ar an leagan oifigiúil de Limistéar Pleanála Teanga Mhúscraí agus ar an Daonáireamh a déanadh i 2011 & 2016 atá curtha ar fáil ag an Phríomh-Oifig Staidrimh.

¹ Suíomh Amharcóir Pleanála Teanga – Meitheamh 2017

<https://dahg.maps.arcgis.com/apps/webappviewer/index.html?id=7090794ee2ca4b53bb785b84c2bd9ad8>

Caibidil 3 – Léargas ar an Limistéar Pleanála Teanga

Clúdaíonn Limistéar Pleanála Teanga Mhúscraí sráidbhailte Baile Mhúirne/Baile Mhic Íre, Béal Átha'n Ghaorthaidh, Cill na Martra, Cúil Aodha agus Réidh na nDoirí, ag cuimsiú achar 262km², achar ar ionann é agus 6% de cheantair Ghaeltachta na tíre trí chéile. Tá sráidbhaile Baile Mhúirne/Baile Mhic Íre ar an lonnaíocht is mó sa cheantar, le príomhbhóthar náisiúnta an N22 (an príomhbhóthar ó Chorcaigh go Cill Airne) ag gabháil tríd an tsráidbhaile. Tá Béal Átha'n Ghaorthaidh ó dheas, ar an dara lonnaíocht is mó sa cheantar.

Sonraíonn na figiúirí ó Dhaonáireamh 2016 go raibh daonra 3,785 duine ina gcónaí i Limistéir Pleanála Teanga Mhúscraí.² Tugtar tuilleadh sonraí i dtaobh daonra an cheantair i gcuid 3.5 *Limistéar Pleanála Teanga Mhúscraí – Daonra agus mionanailís i gCaibidil 5.*

Ó thaobh na topagrafaíochta de tá an áilleacht nádúrtha flúirseach go maith i Múscraí, idir lochanna, aibhneacha agus srutháin neamhthruailithe, iarsmaí gan mhilleadh de choillearnaí dúchasacha, talamh feirme breá, gleannta doimhne, sléibhte forleathan agus gan dabht roinnt foraoiseachta i measc na gcarraigeacha chomh maith.

Mar theorainn mórthimpeall ar cheantar Mhúscraí tá Cnoic na Seithe agus Abhainn na Laoi ó dheas, siar ó dheas tá Loch an Ghuagáin agus na sléibhte timpeall air, san iarthar agus ó thuaidh tá Sléibhte Dhoire na Sagart, agus níos faide soir tá an Gaorthadh, atá mar chuid de Abhainn na Laoi, in aice le Maigh Chromtha.

I dteannta le hAbhainn na Laoi ag sní trí cheantar Mhúscraí tá an Sulán, an t-aon abha fireann sa tír. Éiríonn an Abha an tSuláin sna sléibhte ar theorainn Chorcaí agus Chiarraí, sníonn sé trí shráidbhailte Chúil Aodha agus Baile Mhúirne/Baile Mhic Íre, ar aghaidh i dtreo Mhaigh Chromtha agus isteach sa Laoi thart ar chiliméadar soir ó bhaile Mhaigh Chromtha.

Tá roinnt bealaí siúlóide i gceantar Mhúscraí, ina measc Páirc Foraoise Ghuagán Barra agus Slí na Staire 1-4 i gCill na Martra. An siúlóid is mó sa cheantar ná Slí Gaeltacht Mhúscraí³, sciar thart ar 50km ar fhad de Shlí Béara-Breifne, ón gCaolchoill go Sráid a' Mhuilinn.

Tá infreastruchtúr láidir go maith i nGaeltacht Mhúscraí. Mar a luadh cheana gabhann príomhbhóthar náisiúnta an N22 trí shráidbhaile Baile Mhúirne/Baile Mhic Íre ag tabhairt rochtain éasca ar chathair Chorcaí, áit ina bhfuil aerfort idirnáisiúnta agus seirbhísí farantóireachta ag freastal ar an Ríocht Aontaithe agus ar Mhór-roinn na hEorpa. Lena chois sin soláthraíonn an N22 rochtain ar Chill Airne agus ar Chontae Chiarraí trí chéile, le hAerfort Réigiúnach Chiarraí ar an bhFearann Fuar i ngiorracht uair a' chloig tiomána ó Mhúscraí.

Ní féidir infreastruchtúr an cheantair a lua gan trácht ar Údarás na Gaeltachta. Tá fo-oifig de chuid an Údaráis lonnaithe i mBaile Mhic Íre, ag soláthar neart tacaíochta agus cúnaimh do chomhlachtaí an cheantair ach go háirithe. Tá eastáit tionsclaíochta agus páirceanna gnó ag an Údarás i mBaile Mhúirne/Baile Mhic Íre agus i mBéal Átha'n Ghaorthaidh, mar aon le neart chliant-chomhlachtaí, a chuireann go mór le forbairt na fiontraíochta agus na fostaíochta sa

² Príomh-Oifig Staidrimh www.cso.ie.

³ Tuilleadh eolais ag www.sligaeltachtmhuscraí.com.

Caibidil 3 – Léargas ar an Limistéar Pleanála Teanga

limistéar. Ag deireadh na bliana 2016 bhí 675 duine fostaithe i gcliant-chomhlachtaí an Údaráis.

I dteannta le tacaíocht do chomhlachtaí agus fiontair sa limistéar tacaíonn Údarás na Gaeltachta le scéimeanna fostaíochta sóisialta sa limistéar chomh maith. Feidhmíonn an tÚdarás mar ghníomhaire ar son na Roinne Coimirce Sóisialaí d'fhormhór na scéimeanna fostaíochta pobail atá á reáchtáil sa Ghaeltacht, i Limistéar Pleanála Teanga Mhúscraí feidhmíonn an tÚdarás an Scéim Shóisialta Tuaithe agus an Scéim Tús.

Ag deireadh na bliana 2016 bhí 20 rannpháirtithe fostaithe ar an Scéim Shóisialta Tuaithe sa limistéar i dteannta le maor lánaimseartha, agus bhí 6 rannpháirtithe eile fostaithe ar an Scéim Tús. Tá Maor Tús Chúige Mumhan lonnaithe i gCiarraí Theas. Tá Comharchumann Forbartha Mhúscraí freagrach as riaradh na Scéime Sóisialta Tuaithe i Múscraí agus oibríonn an Bainisteoir i gcomhar le Maor na Scéime chun obair riarachán na scéime a chur i gcrích.

Seo a leanas briseadh síos de rannpháirtithe SST agus Tús ag deireadh na bliana 2016:

Sráidbhaile	Rannpháirtithe SST & Tús	Láthair oibre
Baile Mhúirne / Baile Mhic Íre	10	An Ionad Lae, CLG Naomh Abán, Coiste Bailte Slachtmhara, Scrín Ghobnatan, Slí Gaeltacht Mhúscraí
Béal Átha'n Ghaorthaidh	6	Coiste Forbartha Bhéal Átha'n Ghaorthaidh Coiste Bailte Slachtmhara, CLG Béal Átha'n Ghaorthaidh, Slí Gaeltacht Mhúscraí, Cuan Barra (ionad lae)
Cill na Martra	6	Coiste Forbartha Chill na Martra, Coiste Bailte Slachtmhara, CLG Cill na Martra, Scoil Lachtaín Naofa, Cois Cille (ionad lae)
Cúil Aodha	3	Comhaltas Cosanta Chúil Aodha, Coiste Bailte Slachtmhara, Linn Snámha, Scoil Náisiúnta Chúil Aodha-Barr d'Inse
Réidh na nDoirí	1	Coiste Forbartha Réidh na nDoirí

Chomh maith leis an Scéim Shóisialta Tuaithe agus an Scéim Tús, arna riaradh ag Údarás na Gaeltachta, tá an Clár Seirbhísí Pobail (CSP) á sholáthar sa limistéar ag Comhlacht Tithe Sóisialta & Forbairt an tSuláin Teo faoi scáth Pobal. Ag deireadh na bliana 2016 bhí 15 rannpháirtithe CSP sa limistéar agus iad ar fad i mbun oibre in ionaid lae an limistéir, ag déanamh obair chistine, obair ghlantacháin, obair rúnaíochta, riarachán, cuntasáíocht s.rl.

Seachbhóthar

Tá tús curtha i mbliana leis an réamh-obair ar sheachbhóthar Mhaigh Chromtha-Baile Mhúirne an N22, agus nuair a chomhlíontar an togra sin ciallóidh sé nach mbeidh an príomhbhóthar ó Chorcaigh go Cill Airne ag taisteal trí shráidbhaile Bhaile Mhúirne/Baile Mhic Íre níos mó. Beidh idir dheiseanna agus bagairtí leis seo. Tá gach seans go bhfásfaidh Baile Mhúirne/Baile Mhic Íre mar bhaile comaitéireachta, rud a dhéanfaidh níos mealltaí é mar áit chónaithe dóibh siúd i mbun oibre i gcathair Chorcaí, i gCill Airne, i dTrá Lí nó níos faide ón gceantar fiú. Cabhróidh an plean teanga le pobal Mhúscraí aon chomaitéirí a bhogann chun na háite a chur ar an eolas faoi thábhacht na Gaeilge go háitiúil, buanna agus buntáistí an

Caibidil 3 – Léargas ar an Limistéar Pleanála Teanga

dátheangachais, agus beidh an struchtúr i bhfeidhm le cur ar a gcumas cur lena gcuid Gaeilge nó Gaeilge a fhoghlaim don chéad uair mura bhfuil sí acu cheana.

Plean Oidhreacht

Ní mór a lua chomh maith go bhfuil ollscoil scairte an cheantair Acadamh Fódhla, i gcomhar le Comhairle Contae Chorcaí, i mbun oibre le comhairleoirí oidhreacht Research and Dig le tamall de bhlianta anuas ar phlean oidhreacht do cheantar Mhúscraí, cáipéis atá tar éis múnú as sin go tuarascáil níos dealraithí do phlean forbartha, ach tuarascáil fós féin a chabhróidh chun tacú le hinbhuanaitheacht cheantar Mhúscraí sna blianta le teacht. Tá sé i gceist ag Acadamh Fódhla agus Comhairle Contae Chorcaí an tuarascáil úd a fhoilsiú i mbliana agus is plean é a mhairfidh go dtí 2031.⁴ Táthar ag súil go mbeidh an togra seo agus togra na pleanála teanga ag obair as láimh a chéile sna blianta le teacht ar mhaithe le ceantar agus pobal Mhúscraí trí chéile.

Turasóireacht

Ó thaobh na turasóireachta de is cosúil nach bhfuil barr a chumais á bhaint amach ag Múscraí faoi láthair. Cinnte mealltar na sluaite go Guagán Barra bliain ar bhliain, idir daoine le spéis ach sa chnocadóireacht, daoine ar thurais spioradálta go láthair Naomh Fionnbarra agus Reilg Ghobnatan, agus gan dabht daoine ar thóir an tsuaimhnis atá go flúirseach ann. Seachas sin is beag turasóirí a thagann go Múscraí, in ainneoin na sluaite a thaistealaíonn tríd an limistéar ar an slí go Ciarraí nó Iarthar Chorcaí dóibh. Tá deiseanna go háitiúil turasóireacht chultúrtha agus gníomhaíochta a chur chun cinn ach iad a thapú. Tá Slí Gaeltacht Mhúscraí – cuid de Shiúlóid Bhéara Bhreifne a shíneann ó Bhéara go Liatrom – á fhorbairt le roinnt blianta agus is togra é a chabhróidh go mór le turasóirí a mhealladh chun na h-áite.

Oidhreacht & Cultúr

Nuair atáthar ag trácht ar Mhúscraí ní féidir gan saibhreas oidhreacht agus cultúrtha an cheantair a lua. Tá saibhreas iontach ceoil agus amhránaíochta, filíochta agus rince sa cheantar, óna leithéidí Seán Ó Riada, Seán Ó Riordáin, Máire Bhuí Ní Laoghaire, Dónal Bán Ó Céileachair agus a thuilleadh nach iad ón am atá caite go pearsana móra an lae inniu, a leithéidí Peadar Ó Riada, Seán Ó Muimhneacháin, Iarla Ó Lionáird agus Nell Ní Chróinín. Tá éirithe le muintir na háite oidhreacht agus cultúr dúchais an cheantair a thabhairt ar aghaidh ó ghlúin go glúin ionas go bhfuil an saibhreas sin fós le braistint go láidir san iliomad féilte agus imeachtaí éagsúla a reáchtáiltear.

I measc na bhféilte a bhíonn ar siúl go háitiúil agus a chabhraíonn chun traidisiúin dúchais an cheantair a chothú áirítear Dáimhscoil Mhúscraí Uí Fhloinn, Cruinniú na bhFliúit, Daonscoil an Fhómhair, Comóradh Sheáin Uí Shíocháin. Ceann de mhór-fhéilte bliantúla eile an cheantair í Éigse Dhiarmuid Uí Shúilleabháin a bhíonn ar siúl i sráidbhailte Bhaile Mhúirne/Baile Mhic Íre agus Cúil Aodha. Le tacaíocht maoinithe óna leithéidí an Chomhairle Ealaíon tá an fhéile cheoil

⁴ Múscraí Gaeltacht Conservation, Management and Interpretation Plan 2017-2031. Dréacht-leagan mhí an Mheithimh 2017 - <http://www.corkcoco.ie/sites/cork-cms/files/2017-06/M%20C3%20BAscra%20C3%20AD%20Gaeltacht%20CMIP%20Public%20Consultation%20Draft%206.pdf>.

Caibidil 3 – Léargas ar an Limistéar Pleanála Teanga

agus amhránaíochta seo ar an bhfód le breis agus cúig bliana fichead anois, ag ceiliúradh saol agus saothar an chraoltóra agus amhránaí sean-nóis áitiúil Diarmuid Ó Súilleabháin. Mór-fhéile áitiúil eile fós é Imbolc, an chomhdháil Ghaeilge inspioráideach a reáchtáiltear gach bliain san Ionad Cultúrtha i mBaile Mhúirne. Meallann an fhéile seo scoth na nGaeilgeoirí, a bhfuil obair agus taighde ceannródaíoch ar bun acu, agus is iondúil go mbíonn plé, díospóireacht, is cur agus cúiteamh ann, ná bhfaighfí a leithéid aon áit eile.

Scéim Aisling Gheal

Togra ríthábhachtach eile sa cheantar atá ag feidhmiú a bhuíochas le tacaíocht maoinithe dá leithéid agus atá ag cothú agus ag forbairt ghné ríthábhachtach de chultúr Mhúscraí í scéim amhránaíochta Aisling Gheal. Tá an amhránaíocht ar an sean-nós ar cheann de na gnéithe is uathúla agus is speisialta dár n-oidhreacht chultúrtha, agus is slí ar leith í chomh maith chun saibhreas teanga a chothú. Go traidisiúnta thugtaí na hamhráin ar aghaidh ó ghlúin go glúin ar bhonn neamhfhoirmiúil, ait ina gcloisfeadh daoine na hamhráin á gcasadh sa bhaile agus shúfaí isteach na focail, an ceol agus an stíl i ngan fhios dóibh féin nach mór. Ní iondúil go tharlaíonn a leithéid i saol nua-aimseartha an lae inniu ach chun dul i ngleic leis an mbaol go gcaillfí amhráin an cheantair bunaíodh scéim amhránaíochta Aisling Gheal sa bhliain 2000. Ó shin i leith, le tacaíocht maoinithe óna leithéidí an Chomhairle Ealaíon agus Ealaín na Gaeltachta. Tá traidisiún amhránaíochta sean-nóis i stíl Mhúscraí á chothú agus á fhorbairt i measc an aosa óig sa limistéar.

3.3 Forléargas Ginearálta ar Limistéar Pleanála Teanga Mhúscraí

Tabharfar forléargas ginearálta anseo thíos ar Limistéar Pleanála Teanga Mhúscraí - na háiseanna agus seirbhísí atá sa cheantar, mar aon le haon áiseanna nó seirbhísí atá de dhíth ar an gceantar; an soláthar oideachais sa cheantar, idir soláthar oideachais réamhscolaíochta, oideachas bunscoile agus oideachas meánscoile; áiseanna agus seirbhísí ag freastal ar phobal scothaosta an cheantair; agus, cur síos ar ghníomhaíochtaí allamuigh sa cheantar. Cuirtear na sonraí sin i láthair bunaithe ar chúig shráidbhaile an limistéir.

3.3.1 Baile Mhúirne / Baile Mhic Íre

Tá Baile Mhúirne/Baile Mhic Íre ar an sráidbhaile is mó i Limistéar Pleanála Teanga Mhúscraí suite ar phríomhbhóthar gnóthach an N22. I measc na n-áiseanna atá i mBaile Mhúirne/Baile Mhic Íre faoi láthair tá siopaí, caidéal pheitрил, oifig an phoist, gruagairí, sciamheolaí, leabharlann, tithe tábhairne, óstáin agus bialanna. Tá seirbhís bus rialta de chuid Bus Éireann ag taisteal idir Chorcaigh agus Cill Airne, a stopann i sráidbhaile Bhaile Mhúirne/Baile Mhic Íre. Tá ionad sláinte faoi scáth **Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte** ag feidhmiú sa sráidbhaile chomh maith. Tá séipéal Caitliceach sa sráidbhaile mar aon le **Reilig Ghobnatan** in aice láimhe áit a thagann na sluaite gach bliain ar oilithreacht go láthair bheannaithe **Naomh Gobnait**.

Ó thaobh an oideachais tá **naíonra** faoi scáth Chomhar Naíonraí na Gaeltachta lonnaithe sa sráidbhaile, mar aon leis an mbunscoil Scoil Abán agus meánscoil Coláiste Ghobnatan. Tá iarratas curtha isteach ag **bunscoil Scoil Abán Naofa agus iarbhunscoil Choláiste**

Caibidil 3 – Léargas ar an Limistéar Pleanála Teanga

Ghobnatan ar aitheantas mar Scoil Ghaeltachta faoin bPolasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022.

Tá áis chúram lae **An t-Ionad Lae** ag feidhmiú sa sráidbhaile faoi scáth Chomhlacht Tithe Sóisialta & Forbairt an tSuláin Teoranta agus é ag freastal ar phobal scothaosta an cheantair. Soláthraítear béilí te san ionad ceithre lá sa tseachtain mar aon le seirbhís bhéilí ar rothaí dóibh siúd nach dteastaíonn uathu taisteal ón mbaile. Eagraítear gníomhaíochtaí, scoraíochtaí agus turais lae éagsúla ón ionad chomh maith. Lena chois sin tá roinnt tithe sóisialta á mbainistiú ag an gComhlacht Tithe i gclós an t-Ionad Lae agus é beartaithe tuilleadh tithe a thógaint ann amach anseo. Cuirtear an t-Ionad Lae ar fáil le haghaidh cruinnithe, ranganna agus ócáidí pobail eile sna tráthnóntaí.

Áis eile i sráidbhaile Bhaile Mhúirne/Baile Mhic Íre é **Ionad Cultúrtha an Dochtúir Ó Loingsigh**, lárionad ealaíona ag soláthar clár imeachtaí don aos óg agus do phobal Mhúscraí níos leithne – idir ranganna ceoil, ranganna amhránaíochta, ceardlanna ealaíne, cláir oideachais ealaíne sna scoileanna máguaird, scéimeanna cónaitheach, taispeántais ealaíne agus ceolchoirmeacha traidisiúnta agus clasaiceach. Tá an t-Ionad Cultúrtha mar áis ríthábhachtach i Limistéar Pleanála Teanga Mhúscraí agus tá sé tábhachtach dá réir go mbeadh an Ionad ar cheann de na príomh pháirtithe leasmhara i bhfeidhmiú Phlean Teanga Mhúscraí sna blianta le teacht. Tá maoiniú bliantúil á fháil ag an Ionad ó Roinn na Gaeltachta agus ó Bhord Oideachas agus Oiliúna Chorcaí chun an costais bainistíochta agus riaracháin a iompar agus maoiniú ó Ealain na Gaeltachta ar fáil chun an clár imeachtaí a reachtáil.

Ag freastal ar na gníomhaíochtaí allamuigh sa sráidbhaile tá clós súgartha i gcroílár an tsráidbhaile, taobh le Coláiste Ghobnatan, agus in aice láimhe tá raon reatha/siúlóide **Slí Bhriain** mar aon le roinnt meaisíní aclaíochta allamuigh. Tá **Cumann Peile Naomh Abán** lonnaithe sa sráidbhaile chomh maith, le páirc imeartha nua agus foirgneamh breá Áras Abán tógtha sa bhliain 2016 in am do Chomórtas Peile na Gaeltachta. Déanann **Cumann Iománaíochta Laochra Óg** cuid dá thraenáil sa sráidbhaile chomh maith.

Feidhmíonn **Coláiste Gael Linn Baile Mhúirne** sa sráidbhaile le linn míonna an tsamhraidh, ag tairiscint cúrsaí Gaeilge trí seachtaine do dhéagóirí ar mian leo Gaeilge a fhoghlaim agus blaiseadh a fháil de shaol na Gaeltachta. Tugadh faoi deara le linn an phróisis chomhairliúcháin go bhfuil meathlú thar cuimse tagtha ar líon na mná tí a choimeádann scoláirí na gcúrsaí agus tá sé sin ina bhagairt ollmhór do thodhchaí an Choláiste. Caithfear iarracht ghníomhach a dhéanamh a thuilleadh mná tí a mhealladh isteach nó teacht ar réiteach eile (brú nó lárionad lóistín a fhorbairt b'fhéidir) gan mhoill.

Is léir ón iliomad teagmhála leis an bpobal áitiúil i gcaitheamh an phróisis chomhairliúcháin go bhfuil easnaimh ar leith sa limistéar atá ag déanamh tinnis don phobal áitiúil.⁵ In ainneoin an ualach áiseanna sa sráidbhaile agus an líon mór coistí agus grúpaí pobail éagsúla atá freagrach as riaradh na n-áiseanna sin níl aon choiste forbartha nó ceann-choiste ar leith i sráidbhaile Bhaile Mhúirne/Baile Mhic Íre faoina bhféadfadh na coistí ar fad feidhmiú faoina

⁵ Tá liosta na moltaí ar fad a bhfuarthas ón bpobal áitiúil ar fáil in Aguisín I.

Caibidil 3 – Léargas ar an Limistéar Pleanála Teanga

scáth. Tá **Coiste Bailte Slachtmhara agus Coiste Scrín Ghobnatan** (freagrach as cothabháil na reilige) ar an dá phríomh-choiste sa sráidbhaile faoi láthair. Cinnte chruthódh struchtúr ar nós coiste forbartha sa cheantar nasc breise idir na grúpaí éagsúla atá ag feidhmiú go gníomhach ann cheana féin.

Tá ganntanas ollmhór spásanna páirceála i mBaile Mhic Íre, go háirithe cóngarach do na siopaí, leabharlann agus oifig an phoist. Moltar go láidir plean baile ceart a chur i gcrích ann i gcomhar leis an gComhairle Contae agus is togra é sin a d'fhéadfadh coiste forbartha a bheith lárnach ann.

Agus sinn ag trácht ar Bhaile Mhúirne/Baile Mhic Íre caithfear **Coláiste Íosagáin** a lua. Tá geallúintí á dtabhairt i leith Coláiste Íosagáin a fhorbairt mar Ionad Náisiúnta Oideachais ón mbliain 1999 i leith nuair a fógraíodh go mbeadh an Ionad á fhorbairt sa sráidbhaile ar mhaithe le teagasc na Gaeilge agus teagasc trí mheán na Gaeilge. Chas iar-Aire Oideachais, Michael Woods, an fód d'fhorbairt an Ionaid i gColáiste Íosagáin sa bhliain 2002. Sonraíodh go neamhbhalbh sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, arna foilsiú in 2010, go ndéanfaí “*beart láithreach le dlús a chur le forbairt an ionaid acmhainní oideachais Ghaeilge i mBaile Bhúirne i gCo. Chorcaí*”⁶, ach is beag dul chun cinn atá déanta ó shin i leith.

3.3.2 Béal Átha'n Ghaorthaidh

Is é Béal Átha'n Ghaorthaidh an dara sráidbhaile is mó i Limistéar Pleanála Teanga Mhúscraí. I measc na n-áiseanna atá i mBéal Átha'n Ghaorthaidh faoi láthair tá siopa amháin agus dhá thigh tábhairne. Freastalaíonn leabharlann soghluaiste na Comhairle Contae ar an sráidbhaile uair sa choicís. Bhíodh Oifig an Phoist sa sráidbhaile ach dhún sé sa bhliain 2011 agus tháinig deireadh leis an seirbhís bus laethúil de chuid Bus Éireann go Maigh Chromtha agus cathair Chorcaí thart ar an am céanna, dhá bhuile tubaisteach do Bhéal Átha'n Ghaorthaidh.

Tá séipéal Caitliceach sa sráidbhaile agus an reilig is cóngaraí lonnaithe in Inse Geimhleach thart ar naoi gciliméadar soir ar bhruacha **Locha Lua** nó ceann eile i **nGuagán Barra** thart ar 7 gciliméadar siar ón sráidbhaile. Tá ceangal láidir ag **Naomh Fionnbarra** le Béal Átha'n Ghaorthaidh agus Guagán Barra, áit a thagann na sluaite ar thurais oilithreachta gach bliain.

Ó thaobh an oideachais tá **naíonra** faoi scáth Chomhar Naíonraí na Gaeltachta lonnaithe sa sráidbhaile, mar aon leis an **mbunscoil Scoil Fhionnbarra agus iarbhunscoil Scoil Mhuire**. Tá iarratas curtha isteach ag Scoil Fhionnbarra agus Scoil Mhuire ar aitheantas mar Scoil Ghaeltachta faoin bPolasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022.

Tá áis **chúram lae Cuan Barra** ag feidhmiú sa sráidbhaile faoi scáth Choiste Tithíochta Uíbh Laoghaire agus Comhlacht Tithe Sóisialta & Forbairt an tSuláin Teoranta, ag freastal ar phobal scothaosta an cheantair. Soláthraítear béilí te san ionad agus seirbhís bhéilí ar rothaí dhá lá sa tseachtain, Luan agus Aoine. Cuirtear seirbhís dhochtúra, cois-liachta agus sciamheolaí ar fáil san ionad uair sa mhí, nó níos minice ag brath ar éileamh, mar aon le seirbhís ghruagaire uair sa tseachtain. Lena chois sin tá trí thithe sóisialta á mbainistiú ag **Coiste Tithe Uíbh**

⁶ Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 (lch. 17) -

<http://www.ahrrga.gov.ie/app/uploads/2015/07/Straiteis-20-Bliain-Leagan-Gaeilge.pdf>.

Caibidil 3 – Léargas ar an Limistéar Pleanála Teanga

Laoghaire i gclós Cuan Barra agus tá cead pleanála faighte roinnt tithe eile a thógaint in aice láimhe, togra go mbeidh tús á chur leis go luath. Cuirtear **Cuan Barra** ar fáil le haghaidh cruinnithe, ranganna, cúrsaí agus ócáidí pobail eile nach iad go mion minic.

Faoi dhíon Chuan Barra chomh maith tá **Spraoi na Laoi**, áis chúram leanaí le clós súgartha in aice láimhe. Soláthraíonn Spraoi na Laoi seirbhís tar éis scoile do pháistí bunscoile i gcaitheamh na scoilbhliana agus le linn laethanta saoire na scoile reáchtáiltear réimse leathanampaí ealaíon agus ceardaíochta ann do pháistí óga. Tagann an grúpa tuismitheoirí agus lapadán áitiúil le chéile i Spraoi na Laoi maidin amháin sa tseachtain mar theacht le chéile sóisialta spráúil.

Ag freastal ar na gníomhaíochtaí allamuigh sa sráidbhaile tá **clós súgartha Spraoi na Laoi** mar a luadh cheana féin, agus lena chois sin tá páirc phobail Casadh na Spride ar thaobh thiar an tsráidbhaile áit inar féidir le muintir na háite agus cuairteoirí sos a ghlacadh, picnic a bheith acu agus siúl mórthimpeall na bplandaí agus mbláthanna éagsúla atá ag fás ann. Trasna an bhóthair ó **Chasadh na Spride** tá siúlóid bheag chomh fada le sean-struchtúr ársa Na Céimeanna thar Abha na Laoi. Tá **Cumann Peile Bhéal Átha'n Ghaorthaidh** lonnaithe sa sráidbhaile chomh maith, le páirc imeartha nua-athchóirithe agus áras breá ina bhfuil seomraí feistis, seomraí cruinnithe agus halla mór. Tá halla pobail agus linn snámha sa sráidbhaile chomh maith faoi scáth **Choláiste na Mumhan**, an coláiste samhraidh is sine sa tír agus é ar an bhfód ó 1904 i leith.

In ainneoin na n-áiseanna iontacha atá ag Coláiste na Mumhan i gcroílár an tsráidbhaile, is léir ó na teagmhálacha leis an bpobal áitiúil i gcaitheamh an phróisis phleanála teanga⁷ go mothaíonn muintir na háite nach bhfuil go leor úsáide á mbaint as na háiseanna sin, do mhuintir na háite féin agus do chuairteoirí ag teacht chuig an gceantar. Moltar dá réir mar chuid den phlean teanga go mbunófaí coiste i mBéal Átha'n Ghaorthaidh chun tacú leis an gColáiste agus gur cheart machnamh ar phlean straitéiseach a chur le chéile chun todhchaí an Choláiste a chinntiú.

3.3.3 Cill na Martra

Tá Cill na Martra lonnaithe ar an taobh thoir de Limistéar Pleanála Teanga Mhúscraí. I measc na n-áiseanna atá i sráidbhaile Chill na Martra faoi láthair tá siopa agus oifig an phoist, agus dhá thigh tábhairne. Tá séipéal Caitliceach sa sráidbhaile mar aon le reilig in aice láimhe. Is é **Naomh Lachtaín** naomh patrún an cheantair.

Ó thaobh an oideachais tá **naíonra** faoi scáth Chomhar Naíonraí na Gaeltachta lonnaithe sa sráidbhaile, mar aon leis an **mbunscoil Scoil Lachtaín Naofa**. Tá iarratas curtha isteach ag Scoil Lachtaín Naofa ar aitheantas mar Scoil Ghaeltachta faoin bPolasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022.

Tá áis **chúram lae Cois Cille** ag feidhmiú sa sráidbhaile faoi scáth Chomhlacht Tithe Sóisialta & Forbairt an tSuláin Teoranta agus é ag freastal ar phobal scothaosta an cheantair mháguaird. Soláthraítear béilí te san ionad ceithre lá sa tseachtain mar aon le seirbhís bhéilí

⁷ Tá liosta na moltaí/easnaimh ar fad a fuarthas ón bpobal áitiúil ar fáil in Aguisín I.

Caibidil 3 – Léargas ar an Limistéar Pleanála Teanga

ar rothaí san ionad lá amháin sa tseachtain. Eagraítear gníomhaíochtaí éagsúla agus scoraíochtaí san ionad chomh maith. Lena chois sin tá roinnt tithe sóisialta á mbainistiú ag an gComhlacht Tithe i sráidbhaile Chill na Martra agus cuid acu i gclós Chois Cille, áit ina bhfuil oifig na ceannagraíochta **Comharchumann Forbartha Mhúscraí** lonnaithe faoi láthair. Cuirtear seirbhís dhochtúra, cois-liachta agus suathaireachta ar fáil i gCois Cille uair sa mhí agus cuirtear an t-ionad ar fáil le haghaidh cruinnithe, ranganna agus ócáidí pobail eile chomh maith.

Tá halla pobail lonnaithe sa sráidbhaile áit ina reáchtáiltear éagsúlacht imeachtaí. Tá **Cumann Peile Chill na Martra** lonnaithe sa sráidbhaile chomh maith, le páirc imeartha **Páirc Uí Chuana** agus foirgneamh **Aire na nÓg** lonnaithe ann.

Is léir ón iliomad teagmhála leis an bpobal áitiúil i gcaitheamh an phróisis chomhairliúcháin go bhfuil easnaimh ar leith sa limistéar atá ag déanamh tinnis don phobal áitiúil.⁸ Thug an pobal áitiúil le fios gur easnamh mór i gCill na Martra faoi láthair é clós súgartha. Seachas an pháirc peile níl aon áit ag ógánaigh an cheantair teacht le chéile ar bhonn sóisialta, lasmuigh de thimpeallacht na scoile, le bheith i gcomhlúadar a chéile agus iad ag labhairt Gaeilge. Tá moladh sa phlean teanga dá réir coiste a bhunú sa sráidbhaile i gcomhar le Scoil Lachtaín Naofa chun tosnú i mbun taighde ar an bhféidearthacht a bheadh ann clós súgartha a fhorbairt i gCill na Martra don phobal áitiúil.

3.3.4 Cúil Aodha

Tá Cúil Aodha lonnaithe ar an taobh thiar de Limistéar Pleanála Teanga Mhúscraí. Níl a leithéidí siopa, oifig an phoist ná tigh tábhairne i sráidbhaile Chúil Aodha níos mó ach fós féin is pobal bríomhar é. Freastalaíonn leabharlann soghluaiste na Comhairle Contae ar an sráidbhaile uair sa choicís. Tá séipéal Caitliceach sa sráidbhaile áit ina mbíonn **Cór Chúil Aodha** le clos nach mór gach Domhnach ó cheann ceann na bliana. Is í Naomh Gobnait naomh patrún an cheantair agus tá a láthair bheannaithe lonnaithe cóngarach go maith i mBaile Mhúirne/Baile Mhic Íre.

Ó thaobh an oideachais tá **naíonra** faoi scáth Chomhar Naíonraí na Gaeltachta lonnaithe sa sráidbhaile, mar aon leis an **mbunscoil Scoil Chúil Aodha-Barr d’Inse**. Tá iarratas curtha isteach ag Scoil Chúil Aodha-Barr d’Inse ar aitheantas mar Scoil Ghaeltachta faoin bPolasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022.

Tá roinnt **tithe sóisialta** sa sráidbhaile faoi scáth Chomhlacht Tithe Sóisialta & Forbairt an tSuláin Teoranta.

Tá halla pobail, **Áras Éamonn Mac Suibhne** agus **Ionad Óige Dónall Ó Liatháin** lonnaithe sa sráidbhaile, faoi scáth an choiste forbartha áitiúil Comhaltas Cosanta Gaeltacht Chúil Aodha. Reáchtáiltear ualach mór imeachtaí, ranganna agus cruinnithe sa halla agus san ionad óige ó cheann ceann na bliana. Tá **Oifigeach Forbartha na Mumhan** de chuid Muintearas/Óige na Gaeltachta lonnaithe san Ionad Óige agus is ann a thagann an grúpa tuismitheoirí agus lapadán áitiúil le chéile uair sa tseachtain. Tá **Linn Snámha Conchúbhar Ó Laoghair** i

⁸ Tá liosta na moltaí/easnaimh ar fad a fuarthas ón bpobal áitiúil ar fáil in Aguisín I.

Caibidil 3 – Léargas ar an Limistéar Pleanála Teanga

gcroílár an tsráidbhaile chomh maith áit ina reáchtáiltear iliomad cúrsaí snámha agus tarrthála d'ógánaigh an cheantair mháguaird gach bliain. Imríonn cumann sacair **Peileadóirí an tSuláin** a gcuid cluichí baile ar an bpáirc imeartha i gCúil Aodha, lonnaithe in aice le Scoil Chúil Aodha-Barr d'Inse.

Bhíodh coláiste samhraidh ag feidhmiú i gCúil Aodha tamall de bhlianta ó shin ach tháinig meathlú air diaidh ar ndiaidh de bharr easpa mná tí go dtí gur cuireadh deireadh leis ar fad. Bheadh sé go maith dá bhféadfaí muintir Bhaile Mhúirne/Baile Mhic Íre agus Cúil Aodha a thabhairt le chéile chun dul i ngleic leis an bhfadhb céanna seo atá sa dhá shráidbhaile.

Is léir ón iliomad teagmhála leis an bpobal áitiúil i gcaitheamh an phróisis chomhairliúcháin go bhfuil easnaimh ar leith sa limistéar atá ag déanamh tinnis don phobal áitiúil.⁹ Mar a bhíonn i gceist le go leor ceantar tuaithe ar fud na tíre tá na bóithre i gCúil Aodha cúng go maith agus easnamh aitheanta amháin sa cheantar é spás siúlóide nó rothaíochta sábháilte don phobal áitiúil agus do chuirteoirí. Tá moladh sa phlean teanga dá réir coiste a bhunú sa sráidbhaile i gcomhar le Coiste na mBailte Slachtmhara chun iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bheadh ann slí siúlóide nó bealach glas a fhorbairt i gCúil Aodha.

3.3.5 Réidh na nDoirí

Tá Réidh na nDoirí lonnaithe i gcroílár Limistéar Pleanála Teanga Mhúscraí. I measc na náiseanna atá i sráidbhaile Ré na nDoirí faoi láthair tá siopa agus oifig an phoist, áiseanna atá ríthábhachtach d'inhuanaitheacht an tsráidbhaile. Freastalaíonn leabharlann soghluaiste na Comhairle Contae ar an sráidbhaile uair sa choicís. Tá séipéal Caitliceach sa sráidbhaile agus is é **Naomh Lachtaín** naomh patrún an cheantair.

Ó thaobh an oideachais tá bunscoil **Scoil Náisiúnta Réidh na nDoirí** lonnaithe sa sráidbhaile agus tá iarratas curtha isteach acu ar aitheantas mar Scoil Ghaeltachta faoin bPolasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022. Is iondúil go bhfreastalaíonn páistí réamhscolaíochta an cheantair ar an naíonra i gCill na Martra nó i mBaile Mhúirne/Baile Mhic Íre, agus nuair a shroicheann lucht na bunscoile aois na meánscoile freastalaíonn formhór acu ar Choláiste Ghobnatan.

Áis ar leith sa sráidbhaile é an **t-Ionad Áise**, áit ina raibh Meitheal Mhúscraí faoi scáth Mheitheal Forbartha na Gaeltachta (M.F.G.) lonnaithe go dtí 2011, tráth a dtáinig deireadh le MFG go náisiúnta. Tá an áis á riaradh ag coiste áitiúil Mullach na Réidh anois. Tá úsáid ócáideach á bhaint as an t-Ionad Áise le haghaidh éagsúlacht ranganna, cúrsaí agus imeachtaí pobail. Tagann an grúpa tuismitheoirí agus lapadán áitiúil le chéile ann maidin amháin sa tseachtain chomh maith. Tá an t-Ionad Áise mar áis thar a bheith luachmhar i gcroílár limistéar Mhúscraí, cóngarach go maith don cheithre sráidbhaile eile, agus moltar dá réir gur cheart iarracht ghníomhach a dhéanamh níos mó úsáide a bhaint as.


⁹ Tá liosta na moltaí/easnaimh ar fad a bhfuarthas ón bpobal áitiúil ar fáil in Aguisín I.

Caibidil 3 – Léargas ar an Limistéar Pleanála Teanga

3.4 Limistéar Pleanála Teanga Mhúscraí - Daonra

Tá Limistéar Pleanála Teanga Mhúscraí lonnaithe i gceantar bardasach Mhaigh Chromtha-na Blárnan. Mar a luadh cheana, cuimsíonn an ceantar sráidbhailte Bhaile Mhúirne/Bhaile Mhic Íre, Béal Átha'n Ghaorthaidh, Cill na Martra, Cúil Aodha agus Ré na nDoirí. Bunaithe ar an Staidreamh Daonra i gCeantair Bheaga¹⁰ atá curtha ar fáil ag an bPríomh-Oifig Staidrimh i dtaca le Daonáireamh 2016, tá ar ár gcumas pictiúir níos doimhne a fháil ar dhéantús an daonra i Limistéar Pleanála Teanga Mhúscraí.

Sa chairt anseo thíos agus sa tábla a ghabhann ina diaidh, bunaithe ar Dhaonáireamh 2016, as na sonraí a bailíodh ó 3,733 freagróirí, léirítear gur rugadh 89.09% de ghnáth chónaitheoirí Limistéar Pleanála Teanga Mhúscraí in Éirinn. Le céatadán íseal de ghnáth-chónaitheoirí an limistéar a shonraíonn gur rugadh iad sa Ríocht Aontaithe (5.1%), sa Pholainn (2%), sa Liotuáin (0.01%), i dtíortha eile an Aontas Eorpach 28 (AE28) (2.4%) agus sa chuid eile den domhan (1.4%).



Bunaithe ar fhigiúirí eisithe ag an bPríomh-Oifig Staidrimh www.cso.ie.


	Éire	An Ríocht Aontaithe	An Pholainn	An Liotuáin	AE 28 Eile	Cuid eile den domhan
Líon daoine	3326	192	70	1	90	54
Céatadán	89.09%	5.1%	2%	0.01%	2.04%	1.04%

Leis an líon céanna freagróirí (3,733 duine) ag tabhairt sonraí i dtaca lena náisiúntacht, leirítear gur Éireannaigh iad formhór (91%) de ghnáth chónaitheoirí an limistéir.

¹⁰ Small Area Population Statistics (SAPS) -


<http://www.cso.ie/en/census/census2016reports/census2016smallareapopulationstatistics/>.

Caibidil 3 – Léargas ar an Limistéar Pleanála Teanga



Bunaithe ar fhigiúirí eisithe ag an bPríomh-Oifig Staidrimh www.cso.ie.

	Éire	An Ríocht Aontaithe	An Pholainn	An Liotuáin	AE28 Eile	Cuid eile den domhan	Níor sonraíodh
Líon daoine	3401	119	74	1	95	24	19




Bunaithe ar thorthaí na gceistneoirí a scaipeadh le linn an phróisis chomhairliúcháin n=620 (seasann N do líon na gcomhfhreagraithe)

3.5 Staid na Gaeilge sa Limistéar

Bunaithe ar fhigiúirí Dhaonáireamh 2016, as an 3,619 duine sa limistéar os cionn aois 3 bliana, léirítear go bhfuil 2,782 duine (76.8%) le Gaeilge acu agus 787 duine (21.17%) gan aon Ghaeilge acu. Bhí 1.3% de fhreagróirí na ceiste nár shonraigh freagra ar leith. Tá tuilleadh eolais faoi seo i gCaibidil 5 – Torthaí an Taighde.


Staid na Gaeilge i nGaeltacht Mhúscraí (2016)



Léaráid 2 - Bunaithe ar fhigiúirí eisithe ag an bPríomh-Oifig Staidrimh www.cso.ie.

3.6 Bailte Seirbhíse Gaeltachta

Is é atá i gceist leis na Bailte Seirbhíse Gaeltachta ná bailte atá suite i Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta nó taobh leo. Tá Maigh Chromtha agus cathair Chorcaí luaite mar bhailte seirbhíse Gaeltachta i gcontae Chorcaí. Beidh orthu plean teanga ar leith a ullmhú agus a fheidhmiú sna bailte sin – “táthar ag súil go mbeidh an pobal, an earnáil dheonach, an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach ag obair as lámha a chéile sa bhaile chun tacú leis an nGaeilge ann. Is é an cuspóir a bheidh ag an bplean teanga ná cur le húsáid na Gaeilge sa bhaile mar a bhaineann sé le réimse leathan gníomhaíochtaí, lena n-áirítear cúrsaí teaghlaigh, pobail, oideachais, sóisialta, gnó agus poiblí”.¹¹



Limistéar Pleanála Teanga Mhúscraí (i ndath gorm) & Bailte Seirbhíse (i ndath dearg)¹²

¹¹ www.ahrrga.gov.ie/app/uploads/2015/12/bailte-seirbhise-gaeltachta-faqs.pdf.

¹² Tógtha ó shuíomh Amharcóir Pleanála Teanga – Meitheamh 2017

<https://dahg.maps.arcgis.com/apps/webappviewer/index.html?id=7090794ee2ca4b53bb785b84c2bd9ad8>

3.7 Conclúid

Is léir ón gcur síos sa chaibidil seo gur ceantar bríomhar, beoga é Limistéar Pleanála Teanga Mhúscraí. Tá áilleacht nádúrtha thar cuimse sa cheantar, idir aibhneacha, locha agus sléibhte, plandaí agus fiadhúlra. Tá saibhreas cultúir agus oidhreacht thar na bearta sa dúthaigh, agus a bhuíochas le scéimeanna, grúpaí agus coistí éagsúla tá éirithe leis an bpobal traidisiún béil na háite, idir amhráin ar an sean-nós, lúibíní, agallaimh beirte agus scéalaíocht, a thabhairt ar aghaidh chuig an gcéad ghlúin eile.

Gan dabht i dteannta le láidreachtaí tagann laigí, agus níl dúthaigh ar bith sa tír gan laigí nó easnaimh ar leith iontu. Cinnte tá easnaimh ar leith i limistéar Múscraí trí chéile, m.sh. níl aon ionad cúram leanaí sa limistéar (Beart 3.1) agus tá gá le suíomh idirlín lárnach don cheantar, ar mhaithe le muintir na háite agus turasóirí araon (Beart 1.5). Tá easnaimh eile a bhaineann leis na sráidbhailte ar leith, m.sh. níl aon pháirc súgartha i gCill na Martra (Beart 10.4), tá cosán agus bealach glas de dhíth ar mhuintir Chúil Aodha (Beart 10.5), ba mhaith le muintir Réidh na nDoirí go mbainfí ní mó úsáide as an Ionad Áise (Beart 10.8), ba mhaith le muintir Bhéal Átha'n Ghaorthaidh díriú ar an úsáid a baintear as Coláiste na Mumhan (Beart 10.2) agus moltar go mbunófaí Coiste Forbartha i mBaile Mhúirne (Beart 10.11).

Caithfear Coláiste Íosagáin a lua chomh maith i dtaca le Baile Mhúirne agus ceantar Mhúscraí trí chéile. Ní mór don Rialtas thar éinne eile a chinntiú go gcuirtear na tacaíochtaí agus an maoiniú cuí i leataobh in am trátha chun gur féidir an áis a fhorbairt faoi mar atá leagtha amach sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge.¹³

¹³ Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 (lch. 17) -

<http://www.ahrrga.gov.ie/app/uploads/2015/07/Straiteis-20-Bliain-Leagan-Gaeilge.pdf>.

Plean Teanga Mhúscraí

Caibidil 4 – Ullmhú an Phlean

4. Ullmhú an Phlean

4.1 An Réamhobair

I mí Iúil 2015 ainmníodh Comharchumann Forbartha Mhúscraí Teoranta mar an cheanneagraíocht freagrach as plean teanga a chur le chéile do Limistéar Pleanála Teanga Mhúscraí. Tháinig Coiste an Chomharchumainn le chéile go gairid ina dhiaidh sin chun an cur chuige is oiriúnaí don cheantar áitiúil a phlé.

Tugadh cuireadh do ghrúpaí pobail, coistí agus scoileanna Mhúscraí freastal ar sheisiún eolais faoin bpleanáil teanga ar an 13ú Deireadh Fómhair 2015. Thug Bainisteoir an Chomharchumainn agus Rachel Ní Riada, thar ceann Údarás na Gaeltachta, cur i láthair faoin bpleanáil teanga ar an oíche. Ag eascairt as an gcruinniú sin bunaíodh Meitheal Pleanála Teanga Mhúscraí chun togra na pleanála teanga go háitiúil a bhrú chun cinn. Tá tuilleadh eolais faoin Meitheal Pleanála Teanga i gCaibidil 2.

I mí Feabhra 2016 toghadh Donnchadh Ó hAodha ina Chathaoirleach ar Mheitheal Pleanála Teanga Mhúscraí agus aontaíodh téarmaí tagartha na meithle. Cuireadh plean oibre gearrthéarmach le chéile ag leagan amach an méid a bheadh le déanamh i leith na pleanála teanga sna míonna le teacht. I mí na Bealtaine 2016 d'éagraigh an tÚdarás ceardlann pleanála teanga réigiúnach i gCúil Aodha. D'fhreastail Bainisteoir an Chomharchumainn agus ionadaí ón Meitheal ar an gceardlann sin. D'fhreastail an Bainisteoir agus ionadaí ón Meitheal ar cheardlann náisiúnta pleanála teanga sa Ghaillimh níos déanaí an mhí sin.

4.2 Feasacht

I Meán Fómhair 2016 scaipeadh breis agus 1,700 cóip den bhileog eolais go háitiúil. Caitheadh roinnt ama ag déanamh taighde ar bhileoga eolais comhchosúla a bhí curtha le chéile sna limistéir pleanála teanga agus oibríodh i gcomhar le dearthóir chun cáipéis mealltach ach eolasach a chur i gcrích.



% Cainteoirí Laethúla na Gaeilge i gceantar Mhúscraí	
% Daily Irish Speakers in Múscraí	
2002	37%
2006	40%
2011	43%

Tá an saol níos gile le Gaeilge



Bainfidh an plean teanga leis an bpobal trí chéile - cainteoirí éúchais na Gaeilge, scoláirí na Gaeilge, cainteoirí líofa, daoine ar bheagán Gaeilge agus fiú iad siúd nach labhraíonn aon Ghaeilge in aon chor. Beidh tuairimí an phobail i leith na Gaeilge á fórg ag Meitheal Pleanála Teanga Mhúscraí sna míonna romhain amach le cur ar ár gcumas plean teanga a chur i gcrích in oiriúint do phobal Mhúscraí trí chéile.

The language plan will concern the entire community - native speakers, Irish language scholars, fluent speakers, people with limited Irish and those who don't speak any Irish at all. In the coming months, Meitheal Pleanála Teanga Mhúscraí will be looking for the community's opinions on the Irish language to enable us to compile a language plan which will accommodate the entire Múscraí community.

Tuilleadh eolais / Further information:

Comharchumann Forbartha Mhúscraí Teo.
5 Cois Cille, Cill na Martra,
Co. Chorcaí
☎ 026 40877 / 083 191 5432

✉ eolas@cfmteo.com
🌐 www.cfmteo.com
📱 @CFM_Teoranta
📘 www.facebook.com/cfmteo




An féidir linn seasamh le chéile ar son ár dteanga dhúchais, ár gcultúr agus ár gceantar?
Is Féidir Linn!
Can we stand together for the sake of our native language, our culture and our local area?
Yes, We Can!



Comtha le chéile ag Meitheal Pleanála Teanga Mhúscraí i gcomhar le Comharchumann Forbartha Mhúscraí Teoranta.

© Comharchumann Forbartha Mhúscraí



Údarás na Gaeltachta

Bíodh ionchur agat i dtodhchaí na Gaeilge anseo i Múscraí!
Have your say on the future of the Irish language in Múscraí!

Plean Teanga Mhúscraí

Caibidil 4 – Ullmhú an Phlean

4.3 Comhordaitheoir Pleanála Teanga & Meitheal Pleanála Teanga Mhúscraí

I mí Dheireadh Fómhair 2016 fostaíodh Rosaí Nic Chárthaigh mar Chomhordaitheoir Pleanála Teanga Mhúscraí chun dul i mbun oibre i gcomhar le Meitheal Pleanála Teanga Mhúscraí. Chuathas i dteagmháil leis na limistéir pleanála teanga a bhí tosaithe ar a gcuid pleananna teanga cheana féin chun an cur chuige a bhí acu siúd a phlé. Tugadh comhairle mhaith dúinn. Bheartaíomar úsáid a bhaint as meascán de mhodhanna taighde agus gurb é an rud is tábhachtaí ná go mbeadh tús áite ag rannpháirtíocht an phobail.

Bhíodh cruinnithe ag an gComhordaitheoir le Rachel Ní Riada, Údarás na Gaeltachta i mBaile Mhic Íre ar bhonn reatha chun cabhair agus treoir a fháil de réir mar a bhí dul chun cinn á dhéanamh. Tá sean-taithí ag Rachel Ní Riada a bheith ag plé leis an bpleanáil teanga agus le cúrsaí sochtheangeolaíochta na Gaeilge agus na bpobal Gaeltachta.

Bhíodh cruinnithe míosúla ag an gComhordaitheoir leis an Meitheal Pleanála Teanga chun plean oibre míosúil a aontú. Bhí na cruinnithe seo thar a bheith tábhachtach mar bhíomar in ann na deacrachtaí, na dúshláin agus na fionnachtain a phlé chomh maith leis an dul chun cinn agus na réimsí ratha. Thug sé an deis dúinn a chinntiú go rabhamar i gcónaí ag dul sa treo ceart.

4.4 Scagadh agus Anailís - Ollscoil Luimnigh

I mí na Samhna 2016 eagraíodh cruinniú leis an Dr. Tadhg Ó hÍfearnáin, Ollscoil Luimnigh chun iarraidh air teacht ar bord chun comhairleoireacht a dhéanamh i dtaobh an phlean teanga, agus an scagadh agus anailís. Tá tacaíocht agus comhairle tugtha ag Tadhg do Rosaí, Comhordaitheoir Pleanála Teanga, le linn an phróisis ar fad.

Lena chois sin is é an Dr. Tadhg Ó hÍfearnáin a chur foireann ó Ollscoil Luimnigh le chéile chun an scagadh, cíoradh agus anailís a dhéanamh ar na ceistneoirí ar fad a comhlánaíodh agus a bailíodh go háitiúil mar chuid de phróiseas na pleanála teanga. Tá cóip de thorthaí an taighde ar fáil i gCaibidil 5.

4.5 Scaipeadh Eolais agus Bolscaireacht

Déanadh cinneadh poiblíocht dhátteangach a úsáid mar go bhfuil go leor daoine i Limistéar Pleanála Teanga Mhúscraí nach bhfuil mórán Gaeilge acu agus daoine gan aon Ghaeilge, agus aontaíodh go raibh sé thar a bheith tábhachtach go mbeidís siúd páirteach agus lárnach sa phlean teanga seo.

Le cur leis an bhfeachtas feasachta a bhí tosaithe leis an ‘Bileog Eolais’ cuireadh fógra in iriseán an Lee Valley Outlook i mí na Samhna 2016 chun tuilleadh eolais a scaipeadh maidir leis an bplean teanga agus an próiseas comhairliúcháin a bhí beartaithe againn a dhéanamh.

Plean Teanga Mhúscraí

Caibidil 4 – Ullmhú an Phlean




COMHARCHUMANN FORBARTHA MHÚSCRAÍ

BÍODH IONCHUR AGAT I DTODHCHAÍ NA GAELIGE ANSEO I MÚSCRAÍ!

Is é Comharchumann Forbartha Mhúscraí an cheanneagraíocht atá freagrach as plean teanga a ullmhú do Ghaeltacht Mhúscraí. Beidh tuairimí an phobail i leith na Gaeilge á lorg againn sna míonna amach romhainn le cur ar ár gcumas plean teanga a chur i gcrích in oiriúint do phobal Mhúscraí trí chéile.

DE RÉIR ACHT NA GAELTACHTA 2012:

- Tá ar gach coantar Gaeilteach plean teanga a aontú.
- Tá baol ann go gcaillimid ár stádas Gaeilteach mura gcuirtear coann le chéile.

TÁBHACHT NA GAELIGE GO HÁITIÚIL:

- Is cuid lárnach dár n-oidhreacht agus dár gcultúr í.
- Cuireann sí le féiniúlacht uathúil an cheantair.
- Rithbhachtach d'eachnamalocht na háite.
- Ilomad buntáistí intleachtúla an dátheangachais.

SPRIOCANNA:

- An Ghaeilge a chur chun cinn sa cheantar.
- Seirbhísí agus áiseanna trí Ghaeilge a chur ar fáil don phobal.
- An deis a thabhairt don phobal gach gné den saol a chaitheamh "trí Ghaeilge".

CÉN FÁTH GO BHFUIL GÁ LE PLEAN TEANGA?

Bionn orainn go léir pleanáil a dhéanamh gach lá, ó phleanáil do bhéil agus leathanta saoire, go pleanáil d'oidreachas leanaí agus a leithéid sin. Ní mór pleanáil a dhéanamh do theangacha chomh maith ach ní chumhnímid air sin mórán. Fiú i gcás na mórtéangacha domhanda ar nós an Bhéarla agus na Spáinnise, bíonn pleanáil leanúnach ar siúl maidir le téarmaí nua a chumadh do réimsí cosúil le teicneolaíocht, ríomhaireacht agus leigheas nuair a chruthaítear rud nua. I gcás teangacha atá timpeallaithe ag mórtéangacha domhanda agus i gcás teangacha atá fíor bhuairt a mbáis, bíonn gá le siorphleanáil chun úsáid na dtéangacha sin a neartú, a leathnú agus a bhuáil. Ní mór dúinn plean teanga a chur le chéile chun a chinntiú go leanfaidh an Ghaeilge ar aghaidh ag feidhmiú mar theanga phobail agus go leanann an líon daoine ag baint úsáide aisti go laethúil ar aghaidh ag méadó.

HAVE YOUR SAY ON THE FUTURE OF THE IRISH LANGUAGE IN MÚSCRAÍ!

Comharchumann Forbartha Mhúscraí is the lead organisation responsible for preparing an Irish language plan for the Múscraí Gaeltacht. In the coming months we will be looking for the community's opinions on the Irish language to enable us to compile a language plan which will work for the entire community of Múscraí.

THE GAELTACHT ACT OF 2012 STATES THE FOLLOWING:

- Every Gaeltacht has to draw up a language plan.
- There is a risk that our Gaeltacht status will be lost if we don't put a language plan together.

IMPORTANCE OF THE IRISH LANGUAGE LOCALLY:

- It is a central aspect of our heritage and culture.
- It adds to the area's unique identity.
- Vital to the area's economy.
- Multiple intellectual benefits of bilingualism.

OBJECTIVES:

- To promote the Irish language in the Múscraí Gaeltacht.
- To provide the community with excellent services and facilities through the medium of Irish.
- To give everyone the opportunity to carry out their everyday lives through the medium of Irish.

WHY DO WE NEED A LANGUAGE PLAN?

We all need to plan every day, from planning our meals and our holidays to planning for children's education. We also need to plan for language, but we don't think too much about this. Even in the case of major world languages such as English and Spanish, planning is ongoing daily. New terms for new things in technology, computing and medicine need to be coined and introduced. For languages that are surrounded by major world languages and for languages under threat of extinction consistent planning is required to strengthen, expand and maintain these languages, otherwise they will die. This is happening with regards to Irish where the language is under threat. There is a need to put a plan together for the survival of Irish as a community language and to ensure that the number of people using it daily continues to grow.

BÍGÍ LINN!

Tuilleadh eolais / Further info
Comharchumann Forbartha Mhúscraí Teo.
026 40677 / 083 191 5432
eolas@cfmteo.com
www.facebook.com/cfmteo

Táimid fíorthuiscithe leis Udarás na Gaeltachta atá ag tabú linn leis an tseirbhís rithbhachtach seo.
We are grateful for all the support from Udarás na Gaeltachta with regards this important project.

38  27.10.16

Suíomh Idirlín

Foilsíodh suíomh idirlín sealadach Chomharchumann Forbartha Mhúscraí www.cfmteo.com chun eolas a roinnt leis an bpobal maidir leis an bPlean Teanga. Bhí leathanach Facebook agus Twitter ag an gComharchumann cheana agus baineadh úsáid astu sin chomh maith chun tuilleadh bolscaireachta a dhéanamh.

Comharchumann Forbartha Mhúscraí Teo.

Traidisiún Teanga Todhchaí

Baile Fúinn Múscraí Teagmháil Nuacht / Imeachtaí An Phleanáil Teanga Bearta & Moltaí



Bearta / Actions

Plean Teanga Mhúscraí

Caibidil 4 – Ullmhú an Phlean

Raidió na Gaeltachta

Tá an iriseoir Seán Ó Loingsigh lonnaithe i nGaeltacht Mhúscraí agus rinne sé bolscaireacht linn an slí ar fad tríd an próiseas chun an pobal a choimeád ar an eolas agus suas chun dáta trí mheán Raidió na Gaeltachta.



Lee Valley Outlook

Déanadh an chuid is mó den bolscaireacht chlóite tríd an Lee Valley Outlook. Is iris choicíseáin é, lán de scéalta ó Ghleann na Laoi agus ceantar Gaeltachta Mhúscraí.



Nuachtlitreacha áitiúla

Chuireadh fógraí rialta i nuachtlitreacha na bparóistí áitiúla i gCúil Aodha/Baile Mhúirne, Cill na Martra/Réidh na nDoirí, Béal Átha'n Ghaorthaidh agus sa nuachtlitir leictreonach Béal Átha Abú.

NUAGHT AN PHARÓISTE
AN 5ú DOMHNACH DEN CHAISIC : 14ú BEALTAINÉ 2017

Parish Priest:
Fr. Dick Browne, P.P.
Phone: (026) 40013
Mobile: (087) 2363539
Email: brownerp@eircom.net
Sunday Mass Times:
Cill na Martra -
Saturday at 8.00 p.m.
Sunday at 11.30 a.m.
Réidh na nDoirí -
Sunday at 9.30 a.m.
Reconciliation:
Cill na Martra: Saturday at 9.30 a.m., & 8.40 p.m.
Réidh na nDoirí on First
Friday from 9.00 to 9.25 a.m.

PARISH ANNUAL CONFERENCE COLLECTION

The Annual Collection for the purposes of the Irish Bishops' Conference will be made at all the masses next weekend, 20th & 21st May, through the church, at the Offertory time. This Collection goes to fund all the organisations that serve the Irish Church at a national level and that are used on a regular basis by each parish and diocese. Please be generous in your support.

AN PHLEAN TEANGA


Tá Plean Teanga á reiteach do cheantar Mhúscraí foai láthair ag Comharchumanna Forbartha Mhúscraí. Plean seacht mbliana a bfeidh ann agus bainneann sé leis an pobal ar fad. Tá smaointe agus meitirí á bfuiliú ón bpobal le 9 mhí anuas. Tá comiteoir ar fáil an deireadh seachtaine seo chugainn chun seans a thabhairt d'éinne nach raibh an deis go dtí seo ionchar ídeach acu. Is réidh cóip a thógáil abhaile, é a líonadh agus é a thabhairt isteach san Oifig an Phoist áitiúil as seo go ceann coicíse. **The Language Plan** - Over the last 9 months Múscraí's Development Cooperative has been collecting ideas and suggestions from the community for the Language Plan that is being prepared for Gaeltacht Mhúscraí. It is a 7 year plan and it concerns the entire community. For those of you who have not had the opportunity to contribute thus far there is a Questionnaire *available at all masses next weekend* which you can take home with you and it can be filled in and dropped into your local post office within the next fortnight.

TRATH NA GCEIST

Beidh tráth na gceist dhátheangach ar siúl i gCúil Aodha, Cill na Martra ar an Déardaoin, 18ú Bealtaine @ 9.30n. Ocaid shóisialta oiriúnach do dhaoine le Gaeilge ilfha agus dóibh siad san ach an

Evening Echo

Chuireadh scéalta isteach sa leathanach Gaeilge seachtainiúil 'Scéalta Ó Mhúscraí' a fhoilsítear i nuachtán an Evening Echo, i gcomhar leis an iriseoir áitiúil Pet Uí Chonaill.



Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 4 – Ullmhú an Phlean

4.6 Na Ceistneoirí¹

Seo liad na ceistneoirí a cuireadh le chéile mar chuid de phróiseas na pleanála teanga:

A. Ceistneoir Gnóthaí Áitiúla²

- 1. Ceistneoir na gCoistí/Grúpaí Pobail**
- 2. Ceistneoir na nDaltaí Meánscoile**
- 3. Ceistneoir na nDaltaí Bunscoile**
- 4. Ceistneoir Tuismitheoirí Dhaltaí Bunscoile & Meánscoile**
- 5. Ceistneoir Tuismitheoirí na Lapadán & na bPáistí sna Naíonraí**
- 6. Ceistneoir Comónta**

4.6 Comhairliúchán Poiblí

Deireadh Fómhair 2016

Glaonna Gutháin Pearsanta - chun tús a chur leis an bpróiseas comhairliúcháin chur an Comhordaitheoir glaoch gutháin ar breis agus 120 duine atá gníomhach le coistí, cumainn agus grúpaí áitiúla chun:

- a) labhairt leo faoin bplean teanga agus cad go díreach a bhí i gceist leis;
- b) cuireadh pearsanta a thabhairt dóibh freastal ar na ceardlanna a bhí á reáchtáil i mí na Samhna; agus
- c) labhairt leo go pearsanta maidir leis na tuairimí agus moltaí a bhí acu maidir leis an bplean teanga.

Bailíodh beagnach 25 moltaí³ thar an nguthán agus cuireadh bunachar sonraí le chéile de na coistí agus grúpaí pobail ar fad atá ag feidhmiú i gceantar Gaeltachta Mhúscraí. Tá an bunachar sonraí seo ag Comharchumann Forbartha Mhúscraí.

¹ Tá cóipeanna de na ceistneoirí ar fad ar fáil in Aguisín II.

² I mí Márta/Aibreáin 2016 scaip an Comharchumann agus Meitheal Pleanála Teanga Mhúscraí ceistneoirí bunúsacha i measc roinnt páirtithe leasmhara áitiúla (ghnóthaí, tithe tábhairne, bialanna, siopaí, scoileanna s.r.l.) chun éachtaint a fháil ar an meon i leith na Gaeilge go háitiúil agus na riachtanais ag na grúpaí sin i leith na teanga.

³ Tá cóip de na tuairimí agus moltaí sin ar fáil in Aguisín I.

Plean Teanga Mhúscraí

Caibidil 4 – Ullmhú an Phlean

Samhain 2016

Ceardlanna & Ceistneoirí

Reáchtáladh 5 cheardlann fiúntach i sráidbhailte Chill na Martra, Béal Átha'n Ghaorthaidh, Réidh na nDoirí, Cúil Aodha & Baile Mhúirne. D'fhreastail níos mó ná 110 duine ó choistí agus grúpaí forbartha pobail áitiúla ar na ceardlanna sin.

- Bailíodh os cionn 280 tuairimí agus moltaí. Tá cóip de na tuairimí agus moltaí sin ar fáil in Aguisín I.
- Bailíodh 80 ceistneoirí comhlánaithe tríd na ceardlanna sin. Tá torthaí na gceistneoirí ar fáil i gCaibidil 5.

COMHARCHUMANN FORBARTHA MHÚSCRAÍ
(Muscráí Development Co-operative)





AG GLAOCH AR - CALLING OUT TO

COISTÍ, CLUBANNA & GRÚPAÍ POBAIL

Tá cuireadh á thabhairt do bhaill clubanna, coistí agus grúpaí pobail atá ag feidhmiú i gceantar Mhúscraí teacht chuig cruinniú dhátteangach a bheidh ar siúl i do sráidbhaile le labhairt faoi phlean teanga chun todhchaí ár nGaeltacht a chinntiú.

COMMITTEES, CLUBS & COMMUNITY GROUPS

Members of all clubs, committees and community development groups active in the Múscraí Gaeltacht are invited to attend a bilingual meeting in your village to discuss a language plan to ensure the future of our Gaeltacht.

BÍODH IONCHUR AGAT:
Roghnaigh ár dteanga!
Roghnaigh ár dtodhchaí!
Coimeád ár nGaeltacht!

HAVE YOUR SAY:
Choose our language!
Choose our Future!
Save our Gaeltacht!

IONAD / VENUE	DÁTA & AM / DATE & TIME
Aire na nÓg, Cill na Martra	Dé Máirt, 6 ^ú Nollaig / Tuesday, 6 th December 2016 @ 7:30pm
An Halla, Béal Átha'n Ghaorthaidh	Dé Céadaoin, 7 ^ú Nollaig / Wednesday, 7 th December 2016 @ 7:30pm
Ionad Áise, Ré na nDoirí	Déardaoin, 8 ^ú Nollaig / Thursday, 8 th December 2016 @ 7:30pm
Áras Éamonn Mac Suibhne, Cúil Aodha	Dé Máirt, 13 ^ú Nollaig / Tuesday, 13 th December 2016 @ 7:30pm
Halla an Pharóiste, Baile Bhúirne	Déardaoin, 15 ^ú Nollaig / Thursday 15 th December 2016 @ 7:30pm

Táimid fíorbhuíoch do Údarás na Gaeltachta atá ag tacú linn leis an togra rithabhachtach seo.
We are grateful for all the support from Údarás na Gaeltachta with regards this important project.

Plean Teanga Mhúscraí

Caibidil 4 – Ullmhú an Phlean

Nollaig 2016 & Eanáir 2017

Ceardlanna & Ceistneoirí - Iarbhunscoileanna

Reáchtáladh 15 ceardlanna spreagúla le 300 daltaí iarbhunscoile i gColáiste Ghobnatan, Baile Mhúirne agus Scoil Mhuire, Béal Átha'n Ghaorthaidh.

- Bailíodh os cionn 450 tuairimí agus moltaí. *Tá cóip de na tuairimí agus moltaí sin ar fáil in Aguisín Aguisín I.*
- Bailíodh 298 ceistneoirí comhlánaithe tríd na ceardlanna sin. *Tá torthaí na gceistneoirí ar fáil i gCaibidil 5.*
- Bailíodh 109 ceistneoirí comhlánaithe ó thuismitheoirí na ndaltaí meánscoile tríd an dá iarbhunscoil agus bailíodh os cionn 115 tuairimí agus moltaí. *Tá cóip de na tuairimí agus moltaí sin ar fáil in Aguisín I.*

COMHARCHUMANN FORBARTHA MHÚSCRAÍ (Muscraí Development Co-operative)



AG GLAOCH AR - CALLING OUT TO

TUISMITHEOIRÍ &
CAOMHNÓIRÍ na ndaltaí
bunscoile & meánscoile

PARENTS & GUARDIANS
of primary & secondary
school students

Tá moltaí agus smaointe á lorg againn uaibh maidir le forbairt agus todhchaí na Gaeilge i nGaeltacht Mhúscraí.

Tá ceistneoirí á gcur abhaile ó na scoileanna áitiúla chuig thuismitheoirí agus caomhnóirí na ndaltaí bunscoile agus meánscoile i nGaeltacht Mhúscraí. Bhéimís thar a bheith buíoch dá n-úsáidfé na ceistneoirí seo mar dheis chun bhúr smaointe agus moltaí a roinnt linn. Ba cheart ceistneoirí comhlánaithe a thabhairt ar ais chuig an scoil, áit a mbaileoimid iad ar fad.

Lena chois sin, tá ceardlanna á reáchtáil againn le daltaí rang 3, 4, 5 & 6 sa chúig bhunscoil i nGaeltacht Mhúscraí chun a gcuid moltaí agus smaointe siúd a bhailiú chomh maith.

Tacaigí le bhúr bpáistí agus cabhraigh linn ár bplean forbartha teanga a chur le chéile do Ghaeltacht Mhúscraí.

We are looking for ideas and suggestions in relation to the development and future of the Irish language in Gaeltacht Mhúscraí.

Questionnaires are currently being sent home from local school to the parents and guardians of all primary and secondary school students in Gaeltacht Mhúscraí. We would appreciate it if you would use these questionnaires as an opportunity to share your ideas and suggestions. Completed questionnaires should be returned to the school where we will collect them.

In addition, we will be running some workshops with 3rd, 4th, 5th & 6th class students in the five primary schools in Gaeltacht Mhúscraí in order to collect their ideas and suggestions too.

Join your children and help us to shape our Irish language development plan for Gaeltacht Mhúscraí.

Plean Teanga Mhúscraí

Caibidil 4 – Ullmhú an Phlean

Feabhra & Márta 2017

Ceardlanna & Ceistneoirí

Reáchtáladh 9 gceardlann éirimiúil leis na daltaí bunscoile (Rang 3 – Rang 6) i Scoil Lachtaín Naofa i gCill na Marta, Scoil Abán Naofa i mBaile Mhúirne, Scoil Náisiúnta Chúil Aodha-Barr d’Inse, Scoil Fhionnbarra i mBéal Átha’n Ghaorthaidh agus Scoil Náisiúnta Réidh na nDoirí. D’fhreastail 190 dalta ar na ceardlanna sin.

- Bailíodh 178 ceistneoirí comhlánaithe tríd na ceardlanna sin. Tá torthaí na gceistneoirí ar fáil i gCaibidil 5 agus bailíodh os cionn 360 tuairimí agus moltaí. *Tá cóip de na tuairimí agus moltaí sin ar fáil in Aguisín I.*
- Bailíodh 196 ceistneoirí comhlánaithe ag 594 thuismitheoir ó na ndaltaí bunscoile tríd an cúig bhunscoil, agus bailíodh os cionn 205 tuairimí agus moltaí. *Tá cóip de na tuairimí agus moltaí sin ar fáil in Aguisín I.*
- Reáchtáladh ceardlann *al fresco* le 30 ógánach i mBunchlub Chúil Aodha chun tuairimí a bhailiú uathu siúd.

HELLO! Ó MEITHEAL PLEANÁLA TEANGA MHÚSCRAÍ

Hello from the Múscraí Language Planning Group





Scoil Lachtaín Naofa, Cill na Marta



Scoil Náisiúnta Réidh na nDoirí

Le déanaí – Recently

Le déanaí tá ceistneoirí agus pacáistí eolais scaipthe i measc tuismitheoirí na lapadán agus tuismitheoirí na bpaistí sna naionraí i gceantar Gaeltachta Mhúscraí.

We have recently sent out questionnaires and information packs to the parents of toddlers and the parents of children in the naionraí in the Múscraí Gaeltacht area.



Scoil Fhionnbarra, Béal Átha’n Ghaorthaidh

Déanta go dtí seo – So far so good!

Reáchtáladh ceardlanna pleanála teanga leis na grúpaí seo a leanas / Language planning workshops were carried out with the following groups:

- 310 dalta meánscoile / secondary school students;
- 200 dalta bunscoile / national school students;
- 105 ball de choistí áitiúla / members of local committees;

Tá ceistneoirí comhlánaithe ag na grúpaí seo a leanas / Questionnaires have been filled out by the following groups:

- 310 dalta meánscoile / secondary school students;
- 200 dalta bunscoile / national school students;
- 80 ball de choistí áitiúla / members of local committees
- 612 tuismitheoir dhaltaí bunscoile & meánscoile / parents of national & secondary school pupils.



Bunchlub Chúil Aodha



Scoil Abán Naofa, Baile Mhúirne

Plean Teanga Mhúscraí

Caibidil 4 – Ullmhú an Phlean

Aibreán 2017

Ceardlanna & Ceistneoirí

Reáchtáladh 2 cheardlann móraigeanta leis na Grúpaí Tuismitheoirí & Lapadán i Réidh na nDoirí agus Béal Átha'n Ghaorthaidh, le 40 duine ag glacadh páirt iontu.

Scaipeadh 130 pacáiste eolais sna naíonraí agus sna grúpaí tuismitheoirí agus lapadán le cáipéisí eolais i dtaca le páistí a thógaint trí Ghaeilge agus tugadh cóip den dlúthdhiosca 'Sicín Mise go Sona Sásta' do gach páiste (urraithe ag Údarás na Gaeltachta).



- Bailíodh os cionn 110 tuairimí agus moltaí. Tá cóip de na tuairimí agus moltaí sin ar fáil in Aguisín I. Bailíodh 51 ceistneoirí comhlánaithe tríd na ceardlanna sin agus tá torthaí na gceistneoirí sin ar fáil i gCaibidil 5.

Ag tógáil do pháiste le Gaeilge *Raising your child through Irish*

Mar Eolas: Is féidir pacáiste tacaíochta (leabhair & dlúthdhioscaí) a fháil - saor in aisce – ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta ach glaoch ar an uimhir thíos nó r-phost a sheoladh chucu:

Please note - You can get a support pack (books & CDs) – free of charge – from the Department of Arts, Heritage, Regional, Rural and Gaeltacht Affairs by ringing the number below or emailing them:

091 503700 or ctt@ahg.gov.ie



Nuair a thógann tú páiste le Gaeilge, tá tú ag tabhairt buntáiste luachmhar dó/di a d'fhéadfadh cabhrú leis/léi:

1. foghlaim conas léamh agus comhaireamh
2. teangacha eile a fhoghlaim
3. scileanna cumarsáide a fhorbairt
4. post a fháil amach anseo
5. cairde nua a dhéanamh
6. a bheith páirteach i nglúin nua cainteoirí Gaeilge
7. féiniúlacht a threisiú

When you raise your child through Irish, you are giving him/her a valuable advantage that could help him/her:

1. to learn how to read and count
2. to learn new languages
3. develop communication skills
4. to obtain employment in the future
5. to make new friends
6. to be part of a new generation of Irish language speakers
7. to deepen their sense of identity

Plean Teanga Mhúscraí

Caibidil 4 – Ullmhú an Phlean

Bealtaine 2017

Ceistneoirí Comónta

Scaipeadh na ceistneoirí comónta tríd na hAifrinín áitiúla i gCúil Aodha, Baile Mhúirne, Réidh na nDoirí, Cill na Martra agus Béal Átha'n Ghaorthaidh, agus ar-líne ag úsáid Google-Forms ar shuíomh idirlín an Chomharchumainn (Féach [anseo](#)).

- Bailíodh 37 ceistneoirí comónta comhlánaithe in iomlán le hos cionn 80 tuairimí agus moltaí á soláthar iontu sin. Tá cóip de na tuairimí agus moltaí sin ar fáil in Aguisín I.

Meitheamh 2017

Mar thoradh ar phróiseas comhairliúcháin d'éirigh linn 1,500 moltaí a ghiorrú go **73 Dréacht-Bhearta**. Cuireadh cóip de na dréacht-bhearta ar fáil le léamh ar líne ag www.cfmteo.com, faoin tab 'Bearta & Moltaí'

COMHARCHUMANN FORBARTHA MHÚSCRAÍ (Múscraí Development Co-operative)



PLEAN TEANGA Cruinnithe Poiblí

Mar thoradh ar phróiseas comhairliúcháin fiúntach leis an bpobal bailíodh níos mó ná 1,500 moltaí.

Tá na moltaí seo giorraithe go **73 Dréacht-Bhearta**.

Anois beidh sraith Cruinnithe Poiblí á reáchtáil againn chun tuairimí a fháil ar na dréacht-bhearta agus nithe ábhartha eile.

Tá cóip de na dréacht-bhearta ar fáil le léamh ar líne ag www.cfmteo.com - faoin tab 'Bearta & Moltaí'

BÍODH IONCHUR AGAT: Roghnaigh ár dteanga! Roghnaigh ár dtodhchaí! Coimeád ár nGaeltacht!

LANGUAGE PLAN Public Meetings

During our recent successful local consultation process we collected over 1,500 suggestions.

We have edited all of these suggestions into **73 Draft Actions**.

Now is the time for Public Meetings to hear your opinions on the draft actions and other relevant issues.

A copy of these draft actions is now available for you to read online at www.cfmteo.com under the tab 'Bearta & Moltaí'.

HAVE YOUR SAY: Choose our language! Choose our Future! Save our Gaeltacht!

IONAD / VENUE	DÁTA & AM / DATE & TIME - 2017
Scoil Mhuire, Béal Átha'n Ghaorthaidh	An Chéadaoin, 05 ^ú Iúil - Wednesday, 05 th July @ 7:30pm
Áras Éamonn Mac Suibhne, Cúil Aodha	An Déardaoin, 06 ^ú Iúil - Thursday, 06 th July @ 7:30pm
Halla an Pharóiste, Baile Bhúirne	An Mháirt, 11 ^ú Iúil - Tuesday 11 th July @ 7:30pm
Ionad Áise, Réidh na nDoirí	An Chéadaoin, 12 ^ú Iúil - Wednesday, 12 th July @ 7:30pm
Aire na nÓg, Cill na Martra	An Déardaoin, 13 ^ú Iúil - Thursday, 13 th July @ 7:30pm

AR LEAN / PLEASE TURN OVER



Plean Teanga Mhúscraí

Caibidil 4 – Ullmhú an Phlean



Iúil 2017

Eagraíodh sraith cruinnithe poiblí chun tuairimí a fháil ar na dréacht-bhearta agus chun an deis a thabhairt do dhaoine aiseolas a thabhairt ina leith.

- Reáchtáladh 5 chruinniú spreagúil i sráidbhailte Chill na Martra, Béal Átha'n Ghaorthaidh, Réidh na nDoirí, Cúil Aodha agus Baile Mhúirne. D'fhreastail 85 duine ar na cruinnithe. Fuaireamar aiseolas fiúntach agus d'fhás líon na ndr éacht-bhearta ó 73 go 77. Tá cóip de na 77 bearta ar fáil i gCaibidil 6.

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 4 – Ullmhú an Phlean

Líon Ceardlanna / Cruinnithe	Líon Moltaí / Tuairimí bailithe	Líon Ceistneoirí comhlánaithe	Líon rannpháirtithe	Daonra Iomlán
36	1,644	962	1,769	3,785

Grúpa & Dáta	Áit	Líon Daoine	Líon Moltaí	Líon Ceistneoirí Comhlánaithe
Ceistneoirí - Páirtithe leasmhara áitiúla Márta/Aibreán 2016	Baile Mhúirne, Cúil Aodha, Réidh na nDoirí, Béal Átha'n Ghaorthaidh agus Cill na Martra	30	20	13
Glaonna Gutháin - Coistí/Grúpaí Pobail Deireadh Fómhair 2016	Baile Mhúirne, Cúil Aodha, Réidh na nDoirí, Béal Átha'n Ghaorthaidh agus Cill na Martra	120	25	- - -
Ceardlanna - Coistí/Grúpaí Pobail Samhain & Nollaig 2016	Baile Mhúirne, Cúil Aodha, Réidh na nDoirí, Béal Átha'n Ghaorthaidh agus Cill na Martra	110	280	80
Ceardlanna - Daltaí Iarbhunscoile Nollaig 2016 & Eanáir 2017	Coláiste Ghobnatan, Baile Mhúirne & Scoil Mhuire, Béal Átha'n Ghaorthaidh (Bliain 1-6)	300	450	298
Ceistneoirí - Tuismitheoirí & Caomhnóirí na ndaltaí iarbhunscoile Eanáir 2017	Baile Mhúirne, Cúil Aodha, Réidh na nDoirí, Béal Átha'n Ghaorthaidh agus Cill na Martra	- - -	114	109
Ceardlanna - Daltaí bunscoile (Rang 3-6) Feabhra & Márta 2017	Scoil Abán Naofa, Baile Mhúirne Scoil Lachtaín Naofa, Cill na Martra Scoil Fhionnbarra, Béal Átha'n Ghaor. Scoil Chúil Aodha / Barr d'Inse Scoil Náisiúnta Réidh na nDoirí	190	360	178
Ceistneoirí - Tuismitheoirí/Caomhnóirí Márta 2017	Tuismitheoirí na nDaltaí Bunscoile	594	205	196
Ceardlanna - Tuismitheoirí/Caomhnóirí na Lapadán & na bPáistí sna Naíonraí Aibreán 2017	Tuismitheoirí - Réidh na nDoirí, Béal Átha'n Ghaorthaidh, Baile Mhúirne, Cúil Aodha agus Cill na Martra	40	110	51
Ceistneoirí Comónta Bealtaine 2017	Ar-líne agus tríd na hAifrinn áitiúla i mBaile Mhúirne, Cúil Aodha, Réidh na nDoirí, Béal Átha'n Ghaorthaidh agus Cill na Martra	300	80	37
Cruinnithe Poiblí - Dréacht-bhearta Iúil 2017	Baile Mhúirne, Cúil Aodha, Réidh na nDoirí, Béal Átha'n Ghaorthaidh agus Cill na Martra	85	20	- - -

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 5 – Torthaí an Taighde


5. Torthaí an Taighde

5.1 Forléargas


Bunaithe ar mholtaí an phobail agus ar thorthaí an taighde* a cuireadh i gcrích le linn an phróisis ullmhúcháin léiríodh go bhfuil meon dearfach ag pobal Mhúscraí i leith na Gaeilge. Ba mhaith leis na daoine an teanga a chaomhnú agus an stádas Gaeltachta a choimeád. Léiríodh go dteastaíonn ón bpobal i gcoitinne a bheith páirteach sa phlean teanga chun an Ghaeilge a choimeád beo mar theanga phobail (*Léaráid 1*).

Tá minicíocht labhairt na Gaeilge agus cumas na teangan fite fuaite. Is ábhar misnigh é go bhfuil cumas maith Gaeilge sa cheantar ach ba chóir úsáid na teangan a leathnú trí réimse ranganna agus ceardlanna** (*Léaráid 2*). Lena chois sin, tá gá le deiseanna a chruthú chun an Ghaeilge a labhairt le chéile níos minicí trí chlár imeachtaí sóisialta a chur ar fáil. Ach is léir gur an chuma is fearr chun an Ghaeilge a threisiú ná go mbeadh sí mar phríomh-theanga an teaghlaigh agus an phobail dá réir.

Rosaí Nic Chárthaigh - Comhordaitheoir Pleanála Teanga Mhúscraí



Léaráid 1- Bunaithe ar thorthaí na gceistneoirí a scaipeadh le linn an phróisis chomhairliúcháin n=620



Léaráid 2 - Bunaithe ar fhigiúirí eisithe ag an bPríomh-Oifig Staidrimh www.cso.ie.

Plean Teanga Mhúscraí

Caibidil 5 – Torthaí an Taighde

* Scagadh ar Thorthaí an Taighde déanta faoi stiúir an Dr. Tadhg Ó hIfearnáin, Ollscoil Luimnigh. Nóta breise: Mar chuid de phróiseas na pleanála teanga go háitiúil reáchtáladh roinnt grúpaí fócais agus cuireadh ualach ceistneoirí i gcrích le grúpaí éagsúla sa phobal. Tá torthaí agus anailís ar chéatadán beag de na torthaí a bailíodh tríd na ceistneoirí le feiscint sa chaibidil seo. Tá sé tábhachtach a chur in iúl go mbeidh go leor torthaí eile á bhfoilsiú le linn saolré an Phlean Teanga agus beidh roinnt mhaith de na torthaí á n-úsáid mar shlat tomhais chomh maith.

** Tá Gaeilge ag muintir na háite. Ní mór caighdeán agus cumas a gcuid Gaeilge a mheas ionas gur féidir tacaíocht a chur ar fáil chun feabhas a chur ar chumas/úsáid na Gaeilge, más gá. Caithfidh na fo-ghrúpaí a aithint agus ranganna / ceardlanna a chur ar fáil bunaithe ar an éileamh. B'fhiú lá oscailte a eagrú tríd na hinstiúidí oideachais agus na hionaid pobail idir seo agus an uair a thugtar an solas glas chun na nithe seo thíos a fháil amach:

- cad iad na saghsanna ranganna / ceardlanna atá ag teastáil ó dhaoine
- cad é an cumas Gaeilge atá ag daoine.

5.2 Torthaí an Taighde

5.3 Spriocanna bunaithe ar anailís thorthaí an taighde

5.4 Tuismitheoirí / Caomhnóirí

5.5 Na hInstitiúidí Oideachais & an tAos Óg

5.5.1 Naíonraí

5.5.2 Bunscoileanna

5.5.2 Iarbhunscoileanna

5.6 Eagraíochtaí Pobail

5.7 Gnóthaí Áitiúla

5.8 Comhlachtaí Áitiúla & Scéimeann Fostaíochta

5.9 Daonáireamh

Plean Teanga Mhúscraí

Caibidil 5 – Torthaí an Taighde

5.3 Spriocanna

Tá spriocanna an phlean teanga bunaithe ar anailís thorthaí an taighde. Is léir go bhfuil dúshlán roimh an pobal agus roimh fhoireann an phlean teanga ach bunaithe ar na ceistneoirí, na ceardlanna agus na cruinnithe, a cuireadh i gcrích mar chuid de chéim ullmhúcháin an phlean, aontaítear go bhfuil muintir Mhúscraí ullamh chun tabhairt faoin dúshlán seo.

Tá sé beartaithe na spriocanna seo a bhaint amach trí sraith gníomhachtaí atá leagtha amach sna 77 bearta atá dearfach, mór, beag, dúshlánach agus spráíúil. Beidh siad sin, le tacaíocht ghníomhach ón bpobal, le cur i bhfeidhm thar thréimhse an Phlean. Tá na bearta léirithe go mion i gCaibidil 6. Seo a leanas na spriocanna atá leagtha amach:

✚ **IMEACHTAÍ SÓISIALTA** – clár leathan imeachtaí sóisialta trí Ghaeilge a chur i bhfeidhm don aos óg agus don aos fásta chun úsáid na Gaeilge ar bhonn neamhfhoirmiúil a chur chun cinn i measc an phobail agus chun níos mó deiseanna úsáide a chruthú dóibh.

✚ **TUISMITHEOIRÍ** – Seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil do na tuismitheoirí trí mheán ceardlanna Gaeilge neamhfhoirmiúla, ranganna Gaeilge foirmiúla, imeachtaí sóisialta trí Ghaeilge, acmhainní i dtaca leis an obair scoile, níos mó eolais agus comhairleoireachta maidir le buntáistí an dhátheangachais.

- Tuismitheoirí na lapadán
- Tuismitheoirí na leanaí sna naíonraí
- Tuismitheoirí na ndaltaí bunscoile
- Tuismitheoirí na ndaltaí iarbhunscoile

✚ **RANGANNA GAEILGE** – Réimse leathan ranganna foirmiúla & neamhfhoirmiúla a chur ar fáil do gach aoisghrúpa.

✚ **IONAD CÚRAM LEANAÍ (Crèche)**- Dá luaithe is a chloiseann an páiste Gaeilge, is ea is fearr é. Ionad Cúram Leanaí a fhorbairt i nGaeltacht Mhúscraí chun seirbhísí luathoideachais agus cúram leanaí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge.

✚ **CINNEADH COMHFHIOSACH** - Go ndéanfaidh muintir na háite agus gnóthaí pobail na háite a spreagadh i dtreo cinneadh comhfhiosach níos mó Gaeilge a labhairt.

✚ **TEANGA AN BHAILE** - An méid Gaeilge a labhraítear sa bhaile a mhéadú. Scaipfear ceistneoiriarís i 2021 & 2025 chun é seo a thomhais.

Teanga an Bhaile – Daltaí Bunscoile 2016	2021	2025
28.7% Gaeilge agus Béarla	29%	32%
57.3% Béarla	57%	54%
7.3% Gaeilge	7.6%	10.6%
Teanga an Bhaile – Daltaí Iarbhunscoile 2016	2021	2025
23% Gaeilge agus Béarla	23.3%	26.3%
67% Béarla	66.7%	63.7%
6% Gaeilge	6.3%	9.3%
Teanga an Bhaile – Tuismitheoirí 2016	2021	2025
42% An líon a labhraíonn Gaeilge níos mó ná leath den am	42.3%	45.3%

Plean Teanga Mhúscraí

Caibidil 5 – Torthaí an Taighde

✚ **FEASACHT TEANGA** – go mbeadh feasacht, bród agus mórtas i leith Gaeilge a labhairt.

✚ **POLASAITHE GAEILGE** – méadú i líon na ngnóthaí áitiúla, na n-eagraíochtaí pobail áitiúla agus na n-ionad pobail le polasaí Gaeilge á chur i bhfeidhm acu faoi dheireadh thréimhse an Phlean.

✚ **LÍON NA GCAINTEOIRÍ GAEILGE** - Idir thús saolré an Phlean agus 2021 tá sé mar sprioc go gcuirfear stop le laghdú / meath na Gaeilge sa limistéar agus go mbeadh méadú sa líon daoine gan Ghaeilge acu. Idir 2021 agus deireadh thréimhse an Phlean (2025) beidh méadú ar an líon daoine a labhraíonn Gaeilge agus laghdú ar an líon gan Ghaeilge acu:

	2016	2021	2025
Daoine le cumas Gaeilge.	76.8%	78%	82%
Cainteoirí Laethúla Gaeilge	41%	42%	45%
Cainteoirí Laethúla Gaeilge lasmuigh den chóras oideachais	23.1%	25%	30%
Daoine gan Ghaeilge	21.17%	20%	18%

✚ **LÍON NA BPÁISTÍ RÉAMHSOILE LE GAEILGE** - Méadú i líon na leanaí go bhfuil Gaeilge mhaith agus Gaeilge ó dhúchas acu ag tosnú sna naíonraí áitiúla faoi dheireadh thréimhse an Phlean Teanga.

	2015/2016	2016/2017	2021	2025
Leanaí le Gaeilge Mhaith & Gaeilge ó Dhúchas	16%	11%	15%	17%

✚ **POLASÁÍ DON OIDEACHAS GAELTACHTA** – Go mbeadh stádas Scoil Ghaeltachta bainte amach ag gach scoil sa limistéar le linn tréimhse an Phlean Teanga.




Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 5 – Torthaí an Taighde

5.4 Tuismitheoirí / Caomhnóirí¹

620 rannpháirtithe – Tuismitheoirí na ndaltaí Bunscoile & Iarbhunscoile.

Cuireadh ceist ar na daoine fásta a d'fhreagair an suirbhé a gcumas Gaeilge a mheas. Tá na torthaí thíos suaitheantasach.

- Deir 42% go bhfuil Labhairt na Gaeilge 'go maith nó níos fearr' acu.
- Deir 55% go bhfuil Tuiscint na Gaeilge 'go maith nó níos fearr' acu.
- Deir 50% go bhfuil Léamh na Gaeilge 'go maith nó níos fearr' acu.
- Deir 40% go bhfuil Scríobh na Gaeilge 'go maith nó níos fearr' acu.



Léaráid 3 - Bunaithe ar thorthaí na gceistneoirí a scaipeadh le linn an phróisis chomhairliúcháin n=620


¹ Tá cóip de na ceistneoirí ar fad faoi iamh in Aguisín II.

- Iomlán 620 tuismitheoirí na ndaltaí bunscoile agus meánscoile nó 247 ceistneoirí
- 70 tuismitheoirí leanaí sna naíonraí agus tuismitheoirí lapadáin

Plean Teanga Mhúscraí

Caibidil 5 – Torthaí an Taighde


Ach cé go n-úsáideann 40.50% de na tuismitheoirí Gaeilge ar bhonn laethiúil tá céatadán na dteaghlach a labhraíonn an Ghaeilge sa bhaile íseal go leor. (Féach léaráid 5)



Léaráid 4 - Bunaithe ar thorthaí na gceistneoirí a scaipeadh le linn an phróisis chomhairliúcháin n=588

Príomhtheanga Labhartha an Tí

Is ábhar inníoch é an lámh in uachtar atá ag an mBéarla sa bhaile. 29% a labhraíonn Gaeilge níos mó ná leath den am. 5% a labhraíonn Gaeilge an t-am ar fad.




Léaráid 5 – Bunaithe ar líon na dteaghlach a bhfuil daltaí scoile iontu a freagraíodh = 186

Plean Teanga Mhúscraí

Caibidil 5 – Torthaí an Taighde

Grúpaí Tuismitheoirí & Lapadán agus Tuismitheoirí le páistí sna Naíonraí 70 rannpháirtithe.

Tá Ionad Cúram Leanaí (Crèche) riachtannach ach idir an dá linn tá géarghá le háisitheoirí a chur isteach leis na grúpaí tuismitheoirí agus lapadán chun breis tacaíochta agus cabhair a thabhairt dóibh, agus chun clár leathan imeachtaí sóisialta trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil.



Léaráid 6 - Bunaithe ar thorthaí na gceistneoirí a scaipeadh le linn an phróisis chomhairliúcháin n=70

Conclúid: Ní mór réimse leathan seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil chun tacú le tuismitheoirí. Tá dúshlán sa bhreis ag baint le páistí a thógáil le teanga nach mórtheanga na dúichí í. Tá sé rí-shoiléir gur pobal dháttheangach atá i nGaeltacht Mhúscraí. Tá cuid mhaith leis an mBéarla in uachtar – agus beifear ag iarraidh cuid den ghrúpa seo a thabhairt ar aghaidh agus Gaeilge a bheith in úsáid ag cuid acu sa bhaile laistigh de shaolré an phlean chomh maith le neartú a dhéanamh ar líon na dteaghlach ina bhfuil an Ghaeilge in uachtar.

Caithfear tacaíocht a thabhairt do na tuismitheoirí trí réimse leathan cheardlanna Gaeilge neamhfhoirmiúla; rogha leathan ranganna Gaeilge foirmiúla; imeachtaí trí Ghaeilge; Scéim Tús Maith a fhiosrú; comhairleoireacht maidir leis an dáttheangachas; tacaíochtaí maidir le do pháiste a thógaint le mionteanga:

- Tuismitheoirí na lapadán
- Tuismitheoirí na leanaí sna naíonraí
- Tuismitheoirí atá ag tógaint leanaí trí Ghaeilge amháin
- Tuismitheoirí ag tógaint leanaí ar bhonn dháttheangach (Gaeilge san áireamh)
- Tuismitheoirí na ndaltaí bunscoile
- Tuismitheoirí na ndaltaí iarbhunscoile

Aithníonn an pobal go bhfuil géarghá le raon imeachtaí sóisialta trí mheán na Gaeilge amháin a chur ar fáil do dhaoine fásta agus do na teaghlaigh chun níos mó deiseanna úsáide a chruthú dóibh.

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 5 – Torthaí an Taighde

5.5 Institiúidí Oideachais

Le linn na scoilbhliana 2016/2017 bhí 840 daoine óga ag freastal ar an 4 naíonra, 5 bhunscoil agus dhá iarbhunscoil i nGaeltacht Mhúscraí agus iad go léir ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge.

- 73 Leanaí sna Naíonraí
- 429 Daltaí Bunscoile - Cúil Aodha 69 + Baile Mhúirne 158 + Réidh na nDoirí 26 + Béal Átha'n Ghaorthaidh 76 + Cill na Martra 100
- 329 Daltaí Iarbhunscoile - Baile Mhúirne 210 + Béal Átha'n Ghaorthaidh 119

Conclúid: Tá na hinstitiúidí oideachais áitiúla ag comhlíonadh a ról siúd chun ardchaighdeán oideachais trí mheán na Gaeilge a sholáthar sna scoileanna. Is léir ón taighde go bhfuil laigí nach beag le caighdeán Gaeilge na bpáistí ag teacht go dtí na Naíonraí. Is léir áfach go bhfuil Gaeilge mhaith/an-mhaith ag na daltaí ag fágaint na mbunscoileanna / n-iarbhunscoileanna. Is ceart mar sin aitheantas a thabhairt don obair mhaith atá ar siúl ag foirne na n-institiúidí oideachais.

Tá sé soiléir go bhfuil géarghá le hIonad Cúram Leanaí (Crèche), a fheidhmeodh trí mheán na Gaeilge, chun seirbhísí luathoideachais agus cúram leanaí a chur ar fáil i nGaeltacht Mhúscraí. Dá luaithe is a chloiseann an páiste Gaeilge, is ea is fearr é.

Tá sé soiléir chomh maith go bhfuil géarghá le réimse leathan imeachtaí sóisialta trí mheán na Gaeilge amháin a chur ar fáil don aos óg.

5.5.1 Na Naíonraí

51 rannpháirtithe – Tuismitheoirí leanaí sna Naíonraí

Bhí 51 leanaí sna Naíonraí áitiúla sa scoilbhliain 2015/16 agus bhí 73 leanaí ag freastal orthu sa scoilbhliain 2016/17². Idir an scoilbhliain 2015/16 agus 2016/17 léiríonn na figiúirí thíos go raibh laghdú ar chéatadán na bpáistí le Gaeilge mhaith & ó dhúchas acu ó 16% go 11%.

Bliain	Líon Páistí	Cainteoirí Dúchais	Gaeilge Mhaith	Beagán Gaeilge	Tuiscint	Gan aon tuiscint (Béarla amháin nó teanga eile)
2015/'16	51	6%	10%	29%	26%	29%
2016/'17	73	8%	3%	30%	27%	32%

Léaráid 7 - Cumas Gaeilge Páistí Naíonra 2015/2016 & 2016/2017 ó Chomhar Naíonraí na Gaeltachta

² Bunaithe ar figiúirí arna mbailiú ag Comhar Naíonraí na Gaeltachta ón gceithre naíonra i Limistéar Pleanála Teanga Mhúscraí don scoilbhliain 2015/16 agus don scoilbhliain 2016/17

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 5 – Torthaí an Taighde


5.5.2 Daltaí Bunscoile Mhúscraí³ -

200 rannpháirtithe ó Rang 3 - Rang 6.

Cuireadh ceist ar na daltaí sa suirbhé a gcumas Gaeilge a mheas. Tá sé soiléir go bhfuil cumas Gaeilge an-mhaith ag na daoine óga agus go bhfuil na bunscoileanna áitiúla ag feidhmiú trí Ghaeilge.

Tá sé curtha in iúl ag na daltaí go bhfuil éileamh ar réimse leathan imeachtaí sóisialta trí mheán na Gaeilge amháin a chur ar fáil dóibh taobh amuigh den chóras oideachais agus go bhfuil gá leis an méid Gaeilge atá a labhairt sa bhaile a mhéadú. Mar a luadh níos luaithe tá tacaíocht ag teastáil ó na tuismitheoirí chun é seo a bhaint amach.

- Deir 79% go bhfuil Labhairt na Gaeilge ‘go maith nó níos fearr’ acu.
- Deir 80% go bhfuil Tuiscint na Gaeilge ‘go maith nó níos fearr’ acu.
- Deir 80% go bhfuil Léamh na Gaeilge ‘go maith nó níos fearr’ acu.
- Deir 78% go bhfuil Scríobh na Gaeilge ‘go maith nó níos fearr’ acu.



Léaráid 8 - Bunaithe ar thorthaí na gceistneoirí a scaipeadh le linn an phróisis chomhairliúcháin n=200


³ Ceistneoirí na nDaltaí Bunscoile – Tá cóip de na ceistneoirí ar fad faoi iamh in Aguisín II.

- Ghlac an 5 bhunscoil páirt sna ceardlanna.
- 200 daltaí san iomlán ó Rang 3 suas go Rang 6.
- Ná dearmad gur tháinig na tuairimí ar fad ó na daltaí féin.

Plean Teanga Mhúscraí


Caibidil 5 – Torthaí an Taighde

Tá dearcadh fabhrach agus báúil ag an aos óg i leith na Gaeilge – dúirt 78% gur maith leo an Ghaeilge agus léiríonn sé seo an riachtanas atá ann níos mó deiseanna úsáide a chruthú dóibh.



Léaráid 9 - Bunaithe ar thorthaí na ceistneoirí a scaipeadh le linn an phróisis comhairliúcháin n=200

Tá gá le hiarrachtaí breise an Ghaeilge a chur chun cinn sa chlós scoile. Labhraíonn 36% dóibh an Ghaeilge i measc cairde i gclós na scoile.




Léaráid 10 - Bunaithe ar thorthaí na gceistneoirí a scaipeadh le linn an phróisis chomhairliúcháin n=200

Plean Teanga Mhúscraí

Caibidil 5 – Torthaí an Taighde


Tá cumas Gaeilge an-mhaith ag na daltaí bunscoile ach is ábhar inní é nach labhraíonn ach 11% dóibh an Ghaeilge i measc cairde.



Léaráid 11 - Bunaithe ar thorthaí na gceistneoirí a scaipeadh le linn an phróisis chomhairliúcháin n=200

Príomhtheanga Labhartha an Tí

Cé gur iontach ar fad an rud é go bhfuil cumas maith Gaeilge acu, cúis díomá í nach labhraíonn ach 7.3% de theaghlaigh Gaeilge amháin sa bhaile.



TEANGACHA AN BHAILE

Léaráid 12 - Bunaithe ar thorthaí na ceistneoirí a scaipeadh le linn an phróisis chomhairliúcháin n=200


Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 5 – Torthaí an Taighde

5.5.3 Daltaí Iarbhunscoile Mhúscraí⁴

298 rannpháirtithe ó Bliain 1 – Bliain 6

Cuireadh ceist ar na daltaí sa suirbhé a gcumas Gaeilge a mheas. Soiléirítear go bhfuil cumas Gaeilge an-mhaith ag na daoine óga agus go bhfuil na hiarbhunscoileanna áitiúla ag feidhmiú trí Ghaeilge.

- Deir 78% go bhfuil Labhairt na Gaeilge ‘go maith nó níos fearr’ acu.
- Deir 83% go bhfuil Tuiscint na Gaeilge ‘go maith nó níos fearr’ acu.
- Deir 74% go bhfuil Léamh na Gaeilge ‘go maith nó níos fearr’ acu.
- Deir 72% go bhfuil Scríobh na Gaeilge ‘go maith nó níos fearr’ acu.




Léaráid 13 - Bunaithe ar thorthaí na gceistneoirí a scaipeadh le linn an phróisis chomhairliúcháin n=298

⁴ Ceistneoirí na nDaltaí Meánscoile – Tá cóip de na ceistneoirí ar fad faoi iamh in Aguisín II.

- Ghlac an 2 iarbhunscoil páirt sna ceardlanna.
- 298 daltaí san iomlán ó Bhliain 1 suas go Bliain 6.
- Ná dearmad gur tháinig na tuairimí ar fad ó na daltaí féin.


Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 5 – Torthaí an Taighde

Dúirt 82% dóibh gur mhaith leo dá mbeadh níos mó deiseanna taobh amuigh den scoil chun Gaeilge a úsáid. Tá sé curtha in iúl ag na daltaí go bhfuil éileamh ann do réimse leathan imeachtaí sóisialta trí mheán na Gaeilge amháin a chur ar fáil dóibh.



Léaráid 14 - Bunaithe ar thorthaí na gceistneoirí a scaipeadh le linn an phróisis chomhairliúcháin n=298

Tá 88% atá fabhrach i leith na Ghaeilge agus léiríonn sé seo an riachtanas atá ann níos mó deiseanna úsáide a chruthú dóibh.




Léaráid 15 - Bunaithe ar thorthaí na gceistneoirí a scaipeadh le linn an phróisis chomhairliúcháin n=298

Plean Teanga Mhúscraí

Caibidil 5 – Torthaí an Taighde

Léaráid 16 - Suimiúil gur mhaith le 89% feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge.


AR MHAITH LEAT DO CHUID GAEILGE A FHEABHSÚ?



Léaráid 16 - Bunaithe ar thorthaí na gceistneoirí a scaipeadh le linn an phróisis chomhairliúcháin n=298

Príomhtheanga Labhartha an Tí

Fós féin, cé gur iontach ar fad an rud é go bhfuil cumas Gaeilge an-mhaith acu tá sé díomách nach labhraíonn ach 6% de theaghlaigh Gaeilge amháin sa bhaile (Léaráid 17). Is léir ón gcomparáid idir daltaí na mbunscoileanna agus n-iarbhunscoileanna go laghdaíonn úsáid na Gaeilge sa bhaile de réir agus mar a théann siad in aois. Is féidir is dócha é seo mhíniú leis an tionchar atá ag na meáin shóisialta srl ar na déagóirí. Tá gá leis an méid Gaeilge atá á labhairt sa bhaile a mhéadú. Mar a luadh níos luaithe tá tacaíocht ag teastáil ó na tuismitheoirí chun é seo a bhaint amach.




Léaráid 17 - Bunaithe ar thorthaí na ceistneoirí a scaipeadh le linn an phróisis chomhairliúcháin n=298

Plean Teanga Mhúscraí

Caibidil 5 – Torthaí an Taighde

Dar le formhór na rannpháirtihe táid toillteannach Gaeilge a labhairt sa bhaile má thosnaítear an comhrá i nGaeilge. Má labhraíonn tuismitheoirí Gaeilge lena bpáistí sa bhaile freagraíonn na páistí iad i nGaeilge.



Léaráid 18 - Bunaithe ar thorthaí na gceistneoirí a scaipeadh le linn an phróisis chomhairliúcháin n=298

Léaráid 19 - Tá gá le hiarrachtaí breise an Ghaeilge a chur chun cinn sa chlós scoile. Labhraíonn 27% dóibh an Ghaeilge i measc cairde i gclós na scoile.




Léaráid 19 - Bunaithe ar thorthaí na gceistneoirí a scaipeadh le linn an phróisis chomhairliúcháin n=298

Plean Teanga Mhúscraí


Caibidil 5 – Torthaí an Taighde

Tá cumas Gaeilge an-mhaith ag na daltaí iarbhunscoile ach is ábhar inní é nach labhraíonn ach 12% dóibh an Ghaeilge i measc cairde.



Léaráid 20 - Bunaithe ar thorthaí na gceistneoirí a scaipeadh le linn an phróisis chomhairliúcháin n=298

Léaráid 21 – Na Meáin Shóisialta



Léaráid 21 - Bunaithe ar thorthaí na gceistneoirí a scaipeadh le linn an phróisis chomhairliúcháin n=298

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 5 – Torthaí an Taighde


5.6 – Eagraíochtaí Pobail

100 rannpháirtithe.

Conclúid – Tá spioraid pobail láidir sa cheantar. Tá níos mó ná 120 eagraíochtaí pobail ag feidhmiú sa cheantar. Tá ról lárnach ag na heagraíochtaí seo agus na daoine gníomhach atá gafa leis na heagraíochtaí i dtodhchaí an Ghaeilge.

Tá sé aitheanta go bhfuil gá le polasaithe Gaeilge a bheith ag na heagraíochtaí pobail agus na hionad pobail ar fad, agus go mbeadh sé mar phríomhspríoc ag foireann an Phlean Teanga tacaíocht a thabhairt do na heagraíochtaí na gníomhachtaí seo a bhaint amach thar saolré an phlean teanga ionas go mbeidh úsáid na Gaeilge ag dul i méid de réir a chéile:


1. An Plean Teanga a bheith ar an liosta ábhar ar ‘Clár don Chruinniú’ ag gach eagraíocht.
2. Go mbeadh ‘gníomh amháin san am’ á bhaint amach chun tacú leis an bplean teanga ionas go mbeidh úsáid na Gaeilge ag dul i méid de réir a chéile m.sh miontuairiscí na gcruinnithe as Gaeilge, Litir fógraithe as Gaeilge, Chlár don Chruinniú as Gaeilge, Cruinnithe dátheangach.
3. Go mbeadh príomh-áit na Gaeilge á cur chun cinn nuair atá imeachtaí á n-eagrú agus á reáchtáil go háitiúil.



Léaráid 22 - Bunaithe ar thorthaí na gceistneoirí a scaipeadh le linn an phróisis chomhairliúcháin n=100


Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 5 – Torthaí an Taighde

An bhfuil plean teanga / Gaeilge agaibh?



Léaráid 23 - Bunaithe ar thorthaí na gceistneoirí a scaipeadh le linn an phróisis chomhairliúcháin n=100

Gaeilge ar an bhfógraíocht /ar an mbolscaireacht



Léaráid 24 - Bunaithe ar thorthaí na gceistneoirí a scaipeadh le linn an phróisis chomhairliúcháin n=100

Plean Teanga Mhúscraí

Caibidil 5 – Torthaí an Taighde

5.7 – Gnóthaí Áitiúla

20 rannpháirtithe.

Tá spioraid pobail láidir sa cheantar. Tá níos mó ná 30 gnóthaí áitiúla agus táid go léir tábhachtach i saol an phobail. Bíonn muintir na háite istigh sna gnóthaí seo ar bhonn rialta agus déantar go leor cainte istigh iontu. Tá ról ag muintir na háite chun úsáid nó labhairt na Gaeilge a chur chun cinn san idirphlé leis na gnóthaí seo.

Tá sé mar phríomhsprioc ag foireann an Phlean Teanga tacaíocht a thabhairt do na gnóthaí áitiúla na gníomhachtaí seo a leanas a bhaint amach thar saolré an phlean teanga:

1. Go mbeadh polasaí teanga simplí á chur le chéile agus ceardlann feasachta teanga, frásaí coitianta, muinín teanga agus rogha teanga an chustaiméir á reáchtáil leis na fostaithe.
2. Go mbeadh fáilte roimh úsáid na Gaeilge sa chaidreamh leis na gnóthaí seo.
3. Go mbeadh seirbhís fheiceálach trí Ghaeilge ar fáil don phobal.

5.8 – Comhlachtaí Áitiúla & Scéimeanna Fostaíochta⁵

In 2016 bhí 675 duine fostaithe i gcliantchomhlachtaí Údarás na Gaeltachta. Tá ról tábhachtach ag na comhlachtaí seo - cruthaítear fostaíocht agus tá tionchar dearfach acu ar chúrsaí eacnamaíochta i nGaeltacht Mhúscraí. Is léir go bhfuil an tÚdarás ag iarraidh roinnt coinníollacha teanga a leagadh ar chliantchomhlachtaí dá chuid ach caithfear tacaíocht breise ar bhonn leanúnach a chur ar fáil do na fostaithe agus na bainisteoirí chun ról níos láidre a bheith acu i dtaca le húsáid na Gaeilge sna comhlachtaí m.sh. beannú dhátheangach ar an nguthán agus feiceálacht na Gaeilge sa cheantar - comharthaí Gaeilge nó dhátheangach.

I dteannta le tacaíocht do chomhlachtaí agus fiontair sa limistéar tacaíonn Údarás na Gaeltachta le scéimeanna fostaíochta sóisialta sa limistéar chomh maith. Tá ag éirí go han-mhaith leis na scéimeanna seo ach is fiú cuimhneamh ar ranganna Gaeilge nó ceardlanna Gaeilge a fhorbairt mar chuid don traenáil do rannpháirtithe na scéimeanna.

Ag deireadh na bliana 2016 bhí:

- 20 rannpháirtithe fostaithe ar an Scéim Shóisialta Tuaithe
- 6 rannpháirtithe eile fostaithe ar an Scéim Tús.
- 15 rannpháirtithe Clár Seirbhísí Pobail sa limistéar

⁵ Bunaithe ar thaighde - *Nic Chárthaigh, L. (2012). Údarás na Gaeltachta an lár agus an tImeall – léargas eatramhach, Imleabhar a I.* [e-leabhar] le fáil ar <https://www.litriocht.com/product/dar-s-na-gaeltachta-an-l-r-agus-an-timeall-l-argas-eatramhach-imleabhar-i/>

Plean Teanga Mhúscraí

Caibidil 5 – Torthaí an Taighde

5.9 – An Daonáireamh⁶

De réir Daonáireamh na bliana 2016 tá daonra **3,785** duine i nGaeltacht Mhúscraí.

- Tá **3,619 duine** d'aois 3 bliana agus os cionn = 100%
- **Deir 76.8% go bhfuil Gaeilge acu.** Ní mór caighdeán agus cumas a gcuid Gaeilge a mheas ionas gur féidir tacaíocht a chur ar fáil chun feabhas a chur ar chumas/úsáid na Gaeilge, más gá.
- **Deir 41% gur cainteoirí laethúla Gaeilge iad.** Tá bearta an phlean teanga chun níos mó deiseanna a thabhairt don phobal Gaeilge a úsáid.
- **Tá 21.17% gan Ghaeilge.** Caithfear na daoine seo a aithint agus iad a mhealladh i dtreo na Gaeilge trí ranganna bunúsacha agus imeachtaí éagsúla trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil dóibh.

Limistéar Pleanála Teanga Mhúscraí	2016	%
Daonra iomlán	3,785	
Daonra (3 bliana d'aois agus os a cionn)	3,619	100%
Daoine le cumas Gaeilge	2,782	76.8%
Daoine gan Ghaeilge	787	21.17%
Cainteoirí laethúla	1,477	41%
Cainteoirí laethúla Gaeilge lasmuigh den chóras oideachais	836	23.1%
Cainteoirí laethúla Gaeilge laistigh den chóras oideachais	641	17.72%
Daoine nár thug freagra	50	1.3%

Léaráid 25 - Bunaithe ar fhigiúirí Dhaonáireamh 2016 ón CSO

Limistéar Pleanála Teanga Mhúscraí	2011	2016	Fíorathrú
Daonra iomlán	3,771	3,785	+ 14
Daonra (3 bliana d'aois agus os a cionn)	3,596	3,619	+ 23
Daoine le Gaeilge	2,863	2,782	- 81
Daoine gan Ghaeilge	709	787	+ 78
Cainteoirí laethúla	1,512	1,477	- 35
Cainteoirí laethúla Gaeilge lasmuigh den chóras oideachais	943	836	- 107
Daoine nár thug freagra	24	50	+26

Léaráid 26 - Bunaithe ar fhigiúirí Dhaonáireamh 2016 ón CSO

⁶ Ní hionann na toghcheantair agus limistéar na Gaeltachta agus mar sin ní féidir iontaoibh iomlán a bheith as figiúirí an Daonáirimh. Mar a luaidh i gCaibidil 3, tugadh faoi deara le linn céim ullmhúcháin an Phlean Teanga ní mar a chéile go hiomlán teorainneacha na dtoghcheantair i Múscraí agus limistéar an limistéar Pleanála Teanga. Tá stráicí talún taobh amuigh den Ghaeltacht san áireamh i limistéir na toghcheantair agus dá réir táimid chun cloí leis na figiúirí atá bunaithe ar Limistéar Pleanála Teanga Mhúscraí agus ar an Daonáireamh a déanadh i 2011 & 2016 atá curtha ar fáil ag an Phríomh-Oifig Staidrimh. Is fiú an cheist seo a scrúdú ar bhonn níos doimhne le linn tréimhse an phlean teanga.

Plean Teanga Mhúscraí

Caibidil 6 – Na Bearta

6.0 Bearta an Phlean Teanga - Déantar cur síos ar bhearta an Phlean Teanga sa chaibidil seo.

6.0.1 Na Réimsí - Baineann bearta an phlean leis na réimsí seo a leanas:

- A. an córas oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais);
- B. seirbhísí cúraim leanaí, réamhscolaíochta agus tacaíochta teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga;
- C. seirbhísí don aos óg agus d'aoisghrúpaí eile;
- D. deiseanna foghlama lasmuigh den chóras oideachais;
- E. an earnáil ghnó;
- F. eagraíochtaí pobail agus comharchumainn;
- G. na meáinchumarsáide;
- H. seirbhísí poiblí;
- I. pleanáil agus forbairt fhisiceach;
- J. seirbhísí sóisialta agus caitheamh aimsire;
- K. staid na Gaeilge sa limistéar – dearcadh, cumas agus nósmaireacht an phobail ina leith

6.0.2 Critéir Pleanála Teanga do Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta - seo a leanas na critéir pleanála teanga atá leagtha amach faoi Acht na Gaeltachta mar fhráma tagartha:

1. Eagraíocht, arna roghnú ag Údarás na Gaeltachta faoi fho-alt (6), (10)(a) nó (13)(a), de réir mar is cuí, d'alt 7 d'Acht 2012, a bheith ann chun an plean teanga a ullmhú agus a chur i ngníomh sa limistéar iomchuí.
2. An cion den daonra arb í an Ghaeilge an teanga labhartha atá acu sa limistéar iomchuí, ag féachaint do thionchar tosca déimeagrafacha, eacnamaíocha agus sóisialta ar an limistéar iomchuí.
3. Na socruithe a shonraítear maidir le seirbhísí trí mheán na Gaeilge a sholáthar sa limistéar iomchuí.
4. Forálacha Acht 1998 a bheith á n-úsáid, de réir mar is cuí, chun tacú leis an nGaeilge sa limistéar iomchuí, ag féachaint go háirithe do mhíreanna (i) agus (j) d'alt 6 den Acht sin.
5. Oideachas bunscoile agus iarbhunscoile trí mheán na Gaeilge a bheith ar fáil sa limistéar iomchuí, de réir bheartas na Roinne Oideachais agus Scileanna, lena n-áirítear sruthanna a bheith ar fáil trí mheán na Gaeilge i scoileanna Béarla agus roinnt ábhar a bheith á múineadh trí Ghaeilge i scoileanna Béarla, de réir mar is cuí.
6. Beartais teanga chuí a bheith ann laistigh den timpeallacht scoile a thacaíonn le húsáid na Gaeilge mar theanga labhartha lasmuigh den chóras oideachais sa limistéar iomchuí.
7. Seirbhísí cuí cúraim leanaí, réamhscolaíochta agus tacaíochta teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga, a bheith ar fáil trí mheán na Gaeilge sa limistéar iomchuí.
8. Socruithe cuí a bheith ann sa limistéar iomchuí chun tacú le húsáid na Gaeilge ag leanaí ó theaghlaigh nach í an Ghaeilge an teanga labhartha atá sa bhaile acu.

Plean Teanga Mhúscraí

Caibidil 6 – Na Bearta

9. Socruithe cuí a bheith ann sa limistéar iomchuí chun tacú le foghlaim na Gaeilge ag leanaí réamhscoile, d'fhonn tacú le rollú i mbunscoileanna Gaeilge.
10. Gníomhaíochtaí sóisialta cuí trí mheán na Gaeilge do dhaoine óga agus d'aoisghrúpaí eile a bheith ar fáil agus beartais teanga chuí a bheith ann i dtaca leis na gníomhaíochtaí sin sa limistéar iomchuí.
11. Deiseanna cuí a bheith ar fáil sa limistéar iomchuí chun an Ghaeilge a fhoghlaim agus a úsáid lasmuigh den chóras oideachais.
12. A mhéid a úsáidtear an Ghaeilge i gcúrsaí sóisialta agus áineasa sa limistéar iomchuí.
13. Cuideachtaí agus gnóthaí a bheith ann a sholáthraíonn seirbhísí trí mheán na Gaeilge don phobal sa limistéar iomchuí.
14. Beartais fostaíochta agus earcaíochta a bheith ann atá á gcur i ngníomh ag cuideachtaí agus gnóthaí sa limistéar iomchuí ar mhodh a chinntíonn go bhfuil ar a gcumas seirbhísí trí mheán na Gaeilge a sholáthar.
15. A mhéid a úsáideann eagraíochtaí pobail agus comharchumann an Ghaeilge sa limistéar iomchuí.
16. A mhéid a úsáideann na meáin chumarsáide áitiúla an Ghaeilge sa limistéar iomchuí.
17. Forálacha iomchuí na nAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2013 a bheith á n-úsáid chun tacú leis an nGaeilge sa limistéar iomchuí.
18. Seirbhísí poiblí trí mheán na Gaeilge a bheith ar fáil sa limistéar iomchuí.
19. A mhéid a thacaíonn an pobal i gcoitinne sa limistéar iomchuí leis an bplean teanga.

6.0.3 Noda: Tugann an tábla seo a leanas liosta de na ciorrúcháin atá úsáidte go rialta le linn na mbearta.


ÁM	Áisitheoirí Mhúscraí
CCC	Comhairle Contae Chorcaí
CFM	Comharchumann Forbartha Mhúscraí
CNNG	Comhar Naíonraí na Gaeltachta
COGG	An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta
CPTM	Comhordaitheoir Pleanála Teanga Mhúscraí
FPTM	Fóram Pleanála Teanga Mhúscraí
ICL	Ionad Cúram Leanaí
LPT	Limistéar Pleanála Teanga
MPTM	Meitheal Pleanála Teanga Mhúscraí
POG	Polasaí don Oideachas Gaeltachta
PT	Plean Teanga
RCOG	An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta

Plean Teanga Mhúscraí

Caibidil 6 – Na Bearta

ROS	Roinn Oideachais agus Scileanna
ÚnaG	Údarás na Gaeltachta
BOOC	Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí

6.0.4 Struchtúr Feidhmithe an Phlean



Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

Liosta Teidil na mBeart

.1. FEIDHMIÚ AN PHLEAN TEANGA	Lth. 70
Beart 1.1 - Comharchumann Forbartha Mhúscraí	Lth. 70
Beart 1.2 - Fóram Pleanála Teanga Mhúscraí	Lth. 71
Beart 1.3 - Comhordaitheoir Pleanála Teanga Mhúscraí	Lth. 73
Beart 1.4 - Áisitheoirí Mhúscraí	Lth. 74
Beart 1.5 - Suíomh Idirlín Lárnach	Lth. 75
Beart 1.6 - Nuachtlitir Eolais Chlóite	Lth. 76
Beart 1.7 - Bainisteoir Margaíocht Dhigiteach (Páirtaimseartha)	Lth. 77
Beart 1.8 - Fóram Aistritheoirí Ar-líne	Lth. 78
Beart 1.9 - Lee Valley Outlook – An Múscraíoch	Lth. 79
 .2. DEISEANNA FOGHLAMA LASMUIGH DEN CHÓRAS OIDEACHAIS	 Lth. 80
Beart 2.1 - Seirbhísí Teanga Mhúscraí	Lth. 81
Beart 2.2 - Áisitheoirí d'Imeachtaí Cultúrtha	Lth. 84
Beart 2.3 - Áisitheoirí d'Imeachtaí Breise	Lth. 86
Beart 2.4 - Scéim Scoláirí Samhraidh	Lth. 88
Beart 2.5 - Tacaíocht do Thuismitheoirí Daltaí Bunscoile gan Ghaeilge	Lth. 89
Beart 2.6 - Fóram Chainteoirí Dúchais	Lth. 90
Beart 2.7 - Ceardlann - Daoine ó thíortha eile	Lth. 91
Beart 2.8 – Scoil Cheoil Mhúscraí	Lth. 92
 .3. SEIRBHÍSÍ CÚRAM LEANAÍ, RÉAMHSCOLAÍOCHTA & TACAÍOCHTA TEAGHLAIGH	 Lth. 93
Beart 3.1 - Ionad Cúram Leanaí i nGaeltacht Mhúscraí - (Crèche)	Lth. 93
Beart 3.2 - Dlúthdhiosca & leabhar le léaráidí ó Ghaeltacht Mhúscraí (0-5 bliana)	Lth. 95
Beart 3.3 – Grúpaí Tuismitheoirí & Lapadán	Lth. 96
Beart 3.4 - Club Tar Éis Scoile Spraoi na Laoi, Béal Átha'n Ghaorthaidh	Lth. 97
Beart 3.5 - Cúramóirí Leanaí le Gaeilge	Lth. 98
Beart 3.6 - Tacaíocht do Theaghlaigh ag tógaint clainne trí Ghaeilge	Lth. 99
 .4. AN CÓRAS OIDEACHAIS	 Lth. 100
Beart 4.1 - Rince ar an gCéilí - Bunscoileanna	Lth. 101
Beart 4.2 - Gala Snámha - Bunscoileanna	Lth. 103
Beart 4.3 - Scéim Píolótach, Cleachtas Teanga sa Chlós Scoile	Lth. 104
Beart 4.4 - Tráth na gCeist - Iarbhunscoileanna	Lth. 105
Beart 4.5 - Córas Feasacht Teanga a bhunú do Thuismitheoirí le leanaí sna Naíonraí	Lth. 106
Beart 4.6 - Scoláirí 3 ^ú Leibhéal	Lth. 107
 .5. SEIRBHÍSÍ DON AOS ÓG & D'AOISGHRÚPAÍ EILE	 Lth. 108
Beart 5.1 - Clubanna Óige Mhúscraí – Tacaíocht	Lth. 108
Beart 5.2 - Clubanna Óige – Imeachtaí Breise & Ionad Bualadh Isteach	Lth. 109
Beart 5.3 - Acmhainní & Foilseacháin	Lth. 110
Beart 5.4 - Acmhainní Nuatheicneolaíochta	Lth. 112
 .6. AN EARNÁIL GHNÓ & TURASÓIREACHT CHULTÚRTHA	 Lth. 113
Beart 6.1 - Straitéis Turasóireachta Chultúrtha	Lth. 113
Beart 6.2 - Féilte áitiúla a fhorbairt & féilte Gaeltachta nua a bhunú	Lth. 115
Beart 6.3 - Féile Dhomhnach Cincise	Lth. 117
Beart 6.4 - Féile Cheoil, Cill na Martra	Lth. 118
Beart 6.5 - Cartlann Phobail	Lth. 119

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

Beart 6.6 - Gnóthaí Áitiúla – Cleachtais Teanga	Lth. 120
Beart 6.7 - Gnóthaí Áitiúla, Scéim Tacaíochta Gnó	Lth. 122
Beart 6.8 - Lárionad Fiontraíochta Gnó	Lth. 123
Beart 6.9 - Comhlachtaí Áitiúla, Rogha Teanga	Lth. 124
Beart 6.10 - Coiste Sóisialta na gComhlachtaí Áitiúla	Lth. 125
Beart 6.11 - Feirmeoirí Áitiúla	Lth. 126

.7. EAGRAÍOCHTAÍ POBAIL

Lth. 127

Beart 7.1 - Polasaithe Teanga	Lth. 127
Beart 7.2 - Cleachtais Teanga, Na hIonaid Lae	Lth. 129

.8. NA MEÁIN CHUMARSÁIDE

Lth. 130

Beart 8.1 - Raidió na Gaeltachta	Lth. 130
Beart 8.2 - Cúla 4, TG4 - Múscraí	Lth. 131
Beart 8.3 - Feachtas na nGaeltachtaí – The Late Late Toy Show	Lth. 132

.9. SEIRBHÍSI POIBLÍ

Lth. 133

Beart 9.1 - An Eaglais, Cleachtais Teanga	Lth. 133
Beart 9.2 - Seirbhís Ghaeilge, Comhar Creidmheasa Mhaigh Chromtha	Lth. 134

.10. PLEANÁIL & FORBAIRT FHSICEACH

Lth. 135

Beart 10.1 - Feiceálacht na Gaeilge	Lth. 135
Beart 10.2 - Coláiste na Mumhan, Béal Átha'n Ghaorthaidh	Lth. 136
Beart 10.3 - Coláiste Samhraidh, Baile Mhúirne	Lth. 138
Beart 10.4 - Páirc Súgartha, Cill na Martra	Lth. 139
Beart 10.5 – Cosán & Bealach Glas, Cúil Aodha	Lth. 140
Beart 10.6 – AstroTurf i nGaeltacht Mhúscraí	Lth. 141
Beart 10.7 - Botháin na bhFear & na mBan	Lth. 142
Beart 10.8 - Ionad Áise, Reidh na nDoirí	Lth. 143
Beart 10.9 - Oifig an Phoist, Réidh na nDoirí	Lth. 144
Beart 10.10 - Suíomh Mullach na Réidh, Réidh na nDoirí	Lth. 145
Beart 10.11 – Meitheal Forbartha Bhaile Mhúirne	Lth. 146

.11. SEIRBHÍSI SÓISIALTA & CAITHEAMH AIMSIRE

Lth. 147

Beart 11.1 - Campaí Spraoi, Páistí Réamhscoile	Lth. 147
Beart 11.2 - Campaí Spraoi, Daltaí Bunscoile	Lth. 148
Beart 11.3 - Am Scéalaíochta an tSathairn	Lth. 149
Beart 11.4 - Grúpaí Plé & Tae	Lth. 150
Beart 11.5 - Clubanna Leabhar i nGaeilge	Lth. 151
Beart 11.6 - Clubanna Ceoil Neamhfhoirmiúla	Lth. 152
Beart 11.7 – ‘Taispeáin Dúinn do Pheata’ Taispeántas Talmhaíochta B.Mh./C.A.	Lth. 153
Beart 11.8 - Céilí Mór, Cruinniú na Cásca	Lth. 154
Beart 11.9 - Tóraíocht Uibheacha Cásca do Theaghlaigh	Lth. 155

.12. STAID NA GAEILGE SA LIMISTÉAR

Lth. 156

Beart 12.1 - Feachtas Feasachta	Lth. 156
Beart 12.2 - Feachtas don Dátheangachas ag Cruinnithe Poiblí	Lth. 157
Beart 12.3 - Pacáiste Fáilte do Dhaoine Nua Isteach	Lth. 158
Beart 12.4 - Pacáiste do Tuismitheoirí atá ag Súil	Lth. 159
Beart 12.5 - Giurléidí	Lth. 160
Beart 12.6 - Ambasadóirí Gaeilge	Lth. 161

NA BEARTA

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

6.1 Feidhmiú an Phlean

Beart 1.1	Comharchumann Forbartha Mhúscraí	
Réimsí:	K & F	
Critéir pleanála teanga:	1, 3, 10, 19	
Aidhm:	Struchtúr a bhunú chun an Plean Teanga a chur i bhfeidhm go héifeachtach le hionchur leanúnach ó phobal an LPT.	
Eolas breise:	Teastaíonn struchtúr 3 leibhéal leis an bPlean Teanga a chur i bhfeidhm go héifeachtach le tacaíocht an phobail: 1. Comharchumann Forbartha Mhúscraí (CFM), 2. Fóram Pleanála Teanga Mhúscraí (FPTM) 3. Coiste Stiúrtha 4. Foireann Pleanála Teanga: Comhordaitheoir Pleanála Teanga Mhúscraí (CPTM), Bainisteoir Margaíocht Dhigiteach & Áisitheoirí Mhúscraí (ÁM). Beidh Comharchumann Forbartha Mhúscraí i gceannas ar an bPlean Teanga a chur i bhfeidhm agus tograí eile a fhorbairt.	
Príomhúinéir an bhirt:	Comharchumann Forbartha Mhúscraí & Fóram Pleanála Teanga Mhúscraí, Comhordaitheoir Pleanála Teanga Mhúscraí, Áisitheoirí Mhúscraí	
Páirtithe leasmhara:	Muintir na háite	
Saolré:	Socrúithe agus ullmhúchán:	Bliain 1
	Feidhmiú:	Bliain 1-7
Costas measta iomlán:	- -	
Costas measta in aghaidh na bliana:	- -	
Foinsí maoinithe:	- -	
Dúshlán fhéideartha:	Trédhearcacht Chomharchumann Forbartha Mhúscraí.	
Réiteach molta:	Tá clár oibre leagtha amach sa phlean teanga agus lena chois sin cabhróidh Bearta 1.2, 1.3, 1.4, 1.5, 1.6 & 1.9 ach go háirithe chun an trédhearcacht a bhaint amach.	
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	ÚnaG, RCOG & an Pobal. Ceistneoir bliantúil a dhéanamh sa LPT. Ag cur ceisteanna maidir le héifeacht na mbeart.	
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	ÚnaG & RCOG. Ceistneoir bliantúil a dhéanamh sa LPT. Ag cur ceisteanna maidir le héifeacht na mbeart.	

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

Beart 1.2	Fóram Pleanála Teanga Mhúscraí (FPTM)	
Réimsí:	K & F	
Critéir pleanála teanga:	3, 10, 19	
Aidhm:	Fóram Pleanála Teanga Mhúscraí (FPTM) a bhunú le hionadaithe ó gach sráidbhaile agus go leor réimsí. Coiste Stiúrtha a bhunú a thabharfaidh tacaíocht do gach beart atá sa phlean agus a fheidhmeoidh mar choiste stiúrtha agus monatóireachta.	
Eolas breise:	<u>Fóram Pleanála Teanga Mhúscraí:</u> Meitheal Pleanála Teanga Mhúscraí a athstruchtúrú – bhí an mheitheal ag riaradh agus ag brú an phlean teanga chun cinn go háitiúil i gcomhar agus i gcomhairle leis an bpobal áitiúil. Tabharfar cuireadh do phobal an LPT agus d'ionadaithe ó spriocghrúpaí faoi leith a bheith páirteach san Fhóram Pleanála Teanga. • Ionadaithe ó gach sráidbhaile – Baile Mhúirne, Béal Átha'n Ghaorthaidh, Cúil Aodha, Cill na Martra & Réidh na nDóirí. • Ionadaithe ó gach réimse – eagraíochtaí pobail, cumainn, gnóthaí áitiúla, oideachas, tuismitheoirí, comhlachtaí, eachtrannaigh, Ionad Cultúrtha, an eaglais. • Ionadaithe ó gach aoisghrúpa – an óige, seanóirí, daoine fásta. • Róil agus freagrachtaí soiléire. Tiocfaidh an Fóram le chéile 4 uair sa bhliain le tuairisc oibre a fháil ón gComhordaitheoir & an Coiste Stiúrtha le plé a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Phlean Teanga agus le moltaí a thabhairt. <u>An Coiste Stiúrtha:</u> • Tiocfaidh an Coiste Stiúrtha le chéile uair sa mhí le tuairisc oibre a fháil ón gComhordaitheoir & le plé a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Phlean Teanga agus le moltaí a thabhairt. • Is féidir Coiste Stiúrtha a bhunú tar éis FPTM a bhunú. • Moladh go mbeidh Príomhoidí na bunscoileanna, na hiarbhunscoileanna agus Stiúrthóirí na Naíonraí ar an gcoiste seo. • Beidh róil & freagrachtaí an ghrúpa soiléir i dtaobh tacaíocht a thabhairt chun na bearta a chur i bhfeidhm.	
Príomhúinéir an bhirt:	Comharchumann Forbartha Mhúscraí & Fóram PT Mhúscraí (= Baill ó MPTM & baill nua) & An Coiste Stiúrtha	
Páirtithe leasmhara:	Comhordaitheoir Pleanála Teanga & Áisitheoirí Mhúscraí	
Saolré:	Socrúithe agus ullmhúchán:	6 mhí – Earcú – An Fóram
	Feidhmiú:	Bliain 5-7 – Forbairt

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

Costas measta iomlán:		Bolscaireacht €1,000 - Earcaíocht				
Costas measta in aghaidh na bliana:		Bolscaireacht €1,000 - Earcaíocht				
Bliain 1 €1,000	Bliain 2 ----	Bliain 3 ---	Bliain 4 ----	Bliain 5 ----	Bliain 6 ----	Bliain 7 ----
Foinsí maoinithe:		CFM				
Dúshlán fhéideartha:		Rannpháirtíocht an phobail a choimeád ag dul le linn na tréimhse.				
Réiteach molta:		Próiseas oscailte chun an Fóram a bhunú agus trédhearcacht i dtaobh na hoibre atá ar siúl acu.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:		ÚnaG, RCOG & an Pobal. Ceistneoir bliantúil a dhéanamh sa LPT. Ag cur ceisteanna maidir le héifeacht na mbearta agus éifeacht an Phlean Teanga. Ionchur agus aiseolas ón bpobal i gcoitinne.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:		ÚnaG & RCOG. Ceistneoir bliantúil a dhéanamh sa LPT. Ag cur ceisteanna maidir le héifeacht na mbearta agus éifeacht an Phlean Teanga. Ionchur agus aiseolas ón bpobal i gcoitinne.				

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

Beart 1.3		Comhordaitheoir Pleanála Teanga Mhúscraí				
Réimsí:		A - J				
Critéir pleanála teanga:		3, 8, 10, 11, 12, 14, 19				
Aidhm:		Comhordaitheoir Pleanála Teanga a fhostú mar chuid den Struchtúr chun chomhordú a dhéanamh ar fheidhmiú na mbeart sa Phlean Teanga go héifeachtach & le hionchur leanúnach ó phobal an LPT.				
Eolas breise:		- Comhordaitheoir lánaimseartha a bheidh ag teastáil agus beidh sí/sé freagrach as cur i bhfeidhm na mbeart agus as monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar fheidhmiú an Phlean Teanga. Beidh an Comhordaitheoir fostaithe ag an gCeanneagraíocht agus feidhmeoidh sé/sí faoi stiúir FPTM. - Beidh bunú agus forbairt Áisitheoirí Mhúscraí mar chuid de chúramaí an Chomhordaitheora. - Comhordaitheoir Pleanála Teanga Mhúscraí - b'fhiú don té a cheapfar a bheith lonnaithe in áit lárnach i nGaeltacht Mhúscraí.				
Príomhúinéir an bhirt:		Comharchumann Forbartha Mhúscraí & Fóram Pleanála Teanga Mhúscraí, Comhordaitheoir Pleanála Teanga Mhúscraí				
Páirtithe leasmhara:		Áisitheoirí Mhúscraí & Muintir na háite				
Saolré:		Socruithe agus ullmhúchán:			Earcaíocht	
		Feidhmiú:			Bliain 1-7	
Costas measta iomlán:		€321,770				
Costas measta in aghaidh na bliana:		Earcaíocht €750 Comhordaitheoir @ €43,000 = €301,000 (+ incrimint 2%) €6,020 = €307,020 Costais Taistil €2,000 = €14,000 - REOG				
Bliain 1 €43,000 + €2,000 +€750	Bliain 2 €43,000 +€2,000	Bliain 3 €43,000 +€2,000	Bliain 4 €43,000 +€2,000	Bliain 5 €43,000 +€2,000	Bliain 6 €43,000 +€2,000	Bliain 7 €43,000 +€2,000
Foinsí maoinithe:		RCOG Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta & CFM				
Dúshláin fhéideartha:		Duine a roghnú leis na scileanna cuí.				
Réiteach molta:		Feachtas poiblíochta láidir a dhéanamh nuair atá an earcaíocht ar bun.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:		Beidh éifeacht an bhirt seo le feiscint ar cur i bhfeidhm na mbeart sa PT.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:		Cuirfidh an Comhordaitheoir tuairisc ar chur i bhfeidhm an Phlean Teanga ar fáil do FPTM & Coiste Stiúrtha uair sa mhí.				

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

Beart 1.4	Áisitheoirí Mhúscraí	
Réimsí:	C, D I, J, K	
Critéir pleanála teanga:	3, 8, 10, 11, 12, 19	
Aidhm:	Áisitheoirí Mhúscraí a bhunú agus struchtúr a chur le chéile ionas go mbeadh meitheal áisitheoirí á haimsiú agus á hoiliúint chun réimse leathan imeachtaí a reáchtáil trí mheán na Gaeilge.	
Eolas breise:	Daoine Óga, Daoine Fásta, Daoine ar Scor a aimsiú chun a bheith ina n-áisitheoirí ar Ranganna Gaeilge, Áisitheoirí Abhchóideachta, Áisitheoirí d'Imeachtaí Cultúrtha & Áisitheoirí d'Imeachtaí Breise. ➤ Struchtúr feidhmiúcháin a bhunú. ➤ Áisitheoirí spreagúla a aimsiú - Feachtas poiblíochta láidir. ➤ Cúrsa oiliúna a reáchtáil chun na scileanna cuí a mhúineadh chun tabhairt faoi ranganna / ceardlanna / modhanna teagaisc éagsúla / polasaithe teanga / do gach leibhéal agus gach aoisghrúpa a reáchtáil mórthimpeall ar Ghaeltacht Mhúscraí.	
Príomhúinéir an bhirt:	CFM, FPTM, CPTM	
Páirtithe leasmhara:	Áisitheoirí Mhúscraí, Muintir na háite, ÚnaG	
Saolré:	Socruithe agus ullmhúchán:	Bliain 1 – Struchtúr Feidhmiúcháin a chur le chéile. Áisitheoirí a aimsiú. Iad a thraenáil. Ranganna spreagúla a dhearadh.
	Feidhmiú:	Bliain 2-7 Ag feidhmiú & daoine nua a aimsiú gach bliain.
Costas measta iomlán:	Féach Beart 2.1 + Beart 2.2 + Beart 2.3	
Foinsí maoinithe:	RCOG, Táillí, Conradh na Gaeilge & Údarás na Gaeltachta	
Dúshlán fhéideartha:	Go dtiocfadh brú ar an bPlean Teanga imeachtaí a eagrú láithreach bonn.	
Réitigh:	Is fiú an t-am a ghlacadh chun plean ceart a chur le chéile. Struchtúr, earcaíocht, plean oibre.	
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Suirbhé simplí a chur chuig na háisitheoirí agus na rannpháirtithe ag tús agus deireadh na gcúrsaí. Árdú ar líon na háisitheoirí.	
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Go mbeadh éileamh ar na ranganna, ceardlanna, ciorcail chomhrá agus na cúrsaí oiliúna éagsúla.	

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

Beart 1.5		Suíomh Idirlín Lárnach do Cheantar Mhúscraí				
Réimsí:		F, G, H, J				
Critéir pleanála teanga:		13, 15, 18, 19				
Aidhm:		Go mbeadh sé mar áis bheoga ag muintir Ghaeltacht Mhúscraí chun an pobal a choimeád ar an eolas, chun na sráidbhailte a nascadh agus an Ghaeilge a chur chun cinn i measc an phobail.				
Eolas breise:		- Suíomh idirlín cuimsitheach a bhunú a fhreastalóidh ar an gceantar ar fad & ar an bPlean Teanga. Eolas a chur ar fáil maidir le ranganna reatha, imeachtaí reatha, frásaí úsáideacha, foinsí maoinithe, eolaire gnó, nuacht áitiúil, cruinnithe, nuacht ó na scoileanna s.rl. - Go mbeadh sé mar áis bheoga ag muintir Ghaeltacht Mhúscraí chun an pobal a choimeád ar an eolas, chun na sráidbhailte a nascadh agus an Ghaeilge a chur chun cinn i measc an phobail. - Chun rannpháirtíocht ón bpobal a spreagadh. - Go mbeadh deis acu dul isteach go fóram ar-líne chun aiseolas a thabhairt (gan ainm). - Go mbeadh nasc láidir idir mhuintir na háite agus an PT. - Beidh Twitter & Facebook ceangailte leis an suíomh. - Go mbeadh muintir na háite suas chun dáta maidir le scéal bhuntáistí na Gaeilge, polasaithe nua, polasaí oideachais na scoileanna Gaeltachta s.rl.				
Príomhúinéir an bhirt:		CFM, FPTM, CPTM				
Páirtithe leasmhara:		Muintir na háite, Coistí Pobail & Coistí Forbartha, Clubanna Óige, Bunscoileanna & Iarbhunscoileanna				
Saolré:		Socruithe agus ullmhúchán:			3 mhí	
		Feidhmiú:			Bliain 1-7	
Costas measta iomlán:		€7,250				
Costas measta in aghaidh na bliana:		€2,500 Suíomh Idirlín nua a dhearadh le Beart 9.1 san áireamh. €500 – costais chun é a choimeád beo s.rl. Facebook - €250 ar bhoostáil (€5 in aghaidh na seachtaine).				
Bliain 1 €2,750	Bliain 2 €750	Bliain 3 €750	Bliain 4 €750	Bliain 5 €750	Bliain 6 €750	Bliain 7 €750
Foinsí maoinithe:		Comharchumann Forbartha Mhúscraí				
Dúshlán fhéideartha:		An t-eolas a choimeád ag teacht isteach – m.sh. suíomh idirlín Áislann na Feirste. Suíomh d’ardchaighdeán mealltach a chur le chéile agus a chinntiú go bhfuil ceangal ag an suíomh le Facebook agus Twitter.				
Réiteach molta:		A chinntiú go gcoimeádtar é úr agus suas chun dáta.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:		Beidh sé soiléir ón méid cuairteoirí (google analytics) chuig an suíomh agus an méid eolais/aiseolais a thagann isteach.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:		Choimeádfaí teagmháil leis na coistí, daltaí na scoileanna, na clubanna óige s.rl. Beidh an Bainisteoir Margaíocht Dhigiteach in ann tuairisc a chur le chéile gach trí mhí maidir le dul chun chinn an bhirt.				

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

Beart 1.6		Nuachtlitir Eolais Chlóite				
Réimsí:		K				
Critéir pleanála teanga:		3, 15				
Aidhm:		An pobal a choimeád ar an eolas agus nasc a chruthú idir an pobal agus Fóram Pleanála Teanga Mhúscraí.				
Eolas breise:		- Nuachtlitir gach 3 mhí lán le heolas - cad atá le déanamh, cad atá déanta. - Go mbeadh nasc láidir idir mhuintir na háite agus an PT. - Blúire beag i ngach eagrán maidir leis an nGaeilge & an dátheangachas: m.sh., an tumoideachas agus na buntáistí a bhaineann leis. - Eolas maidir le foinsí maoinithe do choistí, eagraíochtaí agus cumann áitiúla.				
Príomhúinéir an bhirt:		CFM, FPTM, CPTM				
Páirtithe leasmhara:		Pobal Mhúscraí				
Saolré:		Socruithe agus ullmhúchán:			Bliain 1	
		Feidhmiú:			Bliain 2-7	
Costas measta iomlán:		€21,000				
Costas measta in aghaidh na bliana:		€3,000 – 4 heagrán in aghaidh na bliana ar €750 an ceann				
Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7
€3,000	€3,000	€3,000	€3,000	€3,000	€3,000	€3,000
Foinsí maoinithe:		CFM				
Dúshlán fhéideartha:		- -				
Réiteach molta:		- -				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:		ÚnaG, RCOG & an Pobal. Athbhreithniú gach 6 mhí. Ceistneoir bliantúil a dhéanamh sa LPT. Ag cur ceisteanna maidir le héifeacht na mbeart. Ionchur agus aiseolas ón bpobal áitiúil.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:		ÚnaG & RCOG. Ceistneoir bliantúil a dhéanamh sa LPT. Ag cur ceisteanna maidir le téamaí/ábhair an nuachtlitir. Easnaimh? Láidreachtaí? Laigeachtaí?				

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

Beart 1.7		Bainisteoir Margaíocht Dhigiteach (Páirtaimseartha)				
Réimsí:		F, G, H, J				
Critéir pleanála teanga:		13, 15, 18, 19				
Aidhm:		Bheadh an té a cheapfar in ann inneachar an tsuímh idirlín agus na meán sóisialta a choimeád suas chun dáta. Lena chois sin beidh air nó uirthi comhordú a dhéanamh ar an bhfóram aistritheoirí ar-líne.				
Eolas breise:		- Suíomh idirlín cuimsitheach a bhunú a fhreastalóidh ar an gceantar ar fad & ar an bPlean Teanga. Eolas a chur ar fáil maidir le ranganna reatha, imeachtaí reatha, frásaí úsáideacha, foinsí maoinithe, eolaire gnó, nuacht áitiúil, cruinnithe, nuacht ó na scoileanna s.rl. - Go mbeadh sé mar áis bheoga ag muintir Ghaeltacht Mhúscraí chun an pobal a choimeád ar an eolas, chun na sráidbhailte a nascadh agus an Ghaeilge a chur chun cinn i measc an phobail. - Chun rannpháirtíocht ón bpobal a spreagadh. - Go mbeadh deis acu dul isteach go fóram ar-líne chun aiseolas a thabhairt (gan ainm). - Beidh Twitter, Facebook & Instagram ceangailte leis an suíomh. - Go mbeadh nasc láidir idir mhuintir na háite agus an PT.				
Príomhúinéir an bhirt:		CFM, FPTM, CPTM				
Páirtithe leasmhara:		Muintir na háite, Coistí Pobail & Coistí Forbartha, Clubanna Óige, Bunscoileanna & Iarbhunscoileanna				
Saolré:		Socruithe agus ullmhúchán:			3 mhí – Earcaíocht €500	
		Feidhmiú:			Bliain 1-7	
Costas measta iomlán:		€84,500				
Costas measta in aghaidh na bliana:		€12,000				
Bliain 1 €12,500	Bliain 2 €12,000	Bliain 3 €12,000	Bliain 4 €12,000	Bliain 5 €12,000	Bliain 6 €12,000	Bliain 7 €12,000
Foinsí maoinithe:		Urraíocht ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta & Comharchumann Forbartha Mhúscraí				
Dúshlán fhéideartha:		An t-eolas a choimeád ag teacht isteach – m.sh. suíomh idirlín Áislann na Feirste. Suíomh d’ardchaighdeán mealltach a chur le chéile agus a chinntiú go bhfuil ceangal ag an suíomh le Facebook agus Twitter.				
Réiteach molta:		A chinntiú go gcoimeádtar é úr agus suas chun dáta.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:		Beidh sé soiléir ón méid cuairteoirí chuig an suíomh agus an méid eolais/aiseolais a thagann isteach.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:		Beithfear i ndlúth-theagmháil leis na coistí, daltaí na scoileanna, na clubanna óige s.rl. Beidh an Bainisteoir Margaíocht Dhigiteach in ann tuairisc a chur le chéile gach trí mhí maidir le dul chun chinn an bhirt.				

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta


Beart 1.8	Fóram Aistritheoirí ar líne	
Réimsí:	F, J, K	
Critéir pleanála	15, 16, 18, 19	
Aidhm:	Tacaíocht a thabhairt do mhuintir na háite, na coistí agus eagraíochtaí áitiúla níos mó Gaeilge a úsáid i dtaobh bolscaireachta & fógraíochta.	
Eolas breise:	Foireann daoine a aimsiú a bheadh ar fáil (ar líne) chun tacaíocht a thabhairt don phobal níos mó Gaeilge a úsáid - póstaer, nótaí do Facebook / Twitter s.rl. • Is féidir é seo a bhunú tríd ‘Slack’ nó trí chóras r-phoist ar leith. • Foireann aistritheoirí a aimsiú & fóram ar líne a bhunú. • Teimpléid do póstaer s.rl. a chur ar fáil. • Má tá fógra á chur le chéile d’fhéadfaí an dréacht-leagan a chur ar aghaidh chuig an bhfóram seo chun cabhair a fháil i dtaobh na Gaeilge. Go mbeadh na coistí / preas oifigigh / eagraíochtaí áitiúla ag dul i dtaithe ar fhógraíocht dhátheangach nó Gaeilge.	
Príomhúinéir an bhirt:	CFM, FPTM, CPTM, Fóram Aistritheoirí	
Páirtithe leasmhara:	Coistí Pobail, Coistí Forbartha Pobail, Clubanna Óige, Muintir na háite	
Saolré:	Socruithe agus ullmhúchán:	Bliain 1 – Córas a shocrú don fhóram ar líne (faoi bhrat an tsuímh idirlín) nó trí chóras r-phoist? Daoine a aimsiú.
	Feidhmiú:	Bliain 2-7 – Ag feidhmiú agus ag mealladh daoine nua an t-am ar fad.
Costas measta iomlán:	Ag brath ar an gcóras a chuirtear ar bhun	
Costas measta in aghaidh na bliana:	Ag brath ar an gcóras a chuirtear ar bhun	
Foinsí maoinithe:	Ag brath ar an slí a chuirtear an beart i bhfeidhm.	
Dúshlán fhéideartha:		
Réiteach molta:	Rialacha a leagadh síos ón tús.	
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Beidh sé soiléir ón méid daoine a bhainfidh úsáid as an seirbhís.	
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Bolscaireacht chun daoine a choimeád ar an eolas faoin seirbhís agus chun aistritheoirí nua a mhealladh.	

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

Beart 1.9	Lee Valley Outlook – An Múscraíoch	
Réimsí:	C, E, F, G, H,	
Critéir pleanála teanga:	15, 16, 18	
Aidhm:	Bunaithe ar iMúscraí & An Múscraíoch a bhí rathúil fadó ach go mbeidh sé mar iatán laistigh d'iris an Lee Valley Outlook.	
Eolas breise:	- Tá iris áitiúil an 'Lee Valley Outlook'. Foilsítear é gach coicís. Is iris as Béarla atá ann. Le déanaí tá scéalta as Gaeilge á chur isteach san iris ón dhá mheánscoile sa Ghaeltacht. - Dhá leathanach tiomnaithe do scéalta ón gceantar as Gaeilge. - Is anseo a bhfaighfear gach eolas faoi imeachtaí a bheidh ar bun sa cheantar, faoi eagrais atá ag obair anseo, faoi stair ársa an cheantair, faoin gcultúr agus faoi phobal na háite. - Nasc a chruthú idir mhuintir Mhúscraí agus do mhuintir an Lee Valley Outlook.	
Príomhúinéir an bhirt:	CFM, FPTM, CPTM	
Páirtithe leasmhara:	Lee Valley Outlook, Na Comhlachtaí Áitiúla, Coistí Pobail, Coistí Forbartha Pobail, Clubanna Óige, Bunscoileanna, Iarbhunscoileanna, Muintir na háite, Áisitheoirí Mhúscraí	
Saolré:	Socrúithe agus ullmhúchán:	Bliain 2
	Feidhmiú:	Bliain 3-7
Costas measta iomlán:	Braitheann sé ar an Lee Valley Outlook agus an idirbheartaíocht.	
Costas measta in aghaidh na bliana:	Braitheann sé ar an Lee Valley Outlook agus an idirbheartaíocht.	
Foinsí maoinithe:	Tríd an fhógraíocht a íocfaidh na Comhlachtaí áitiúla.	
Dúshlán fhéideartha:	Beidh éileamh agus suim ach amháin go gcaithfimid tacaíocht a thabhairt do dhaoine i dtaobh na scéalta a chur le chéile agus muinín a spreagadh i dtaobh na teanga.	
Réiteach molta:	An féidir duine éigin a fháil ar scéim oiliúna chun scileanna eagarthóireachta a fhoghlaim?	
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Beidh sé soiléir ón méid scéalta a thagann ón bpobal. Bheadh sé mar aidhm líon na leathanach a mhéadú de réir a chéile.	
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Coimeádfar i dteagmháil leis na coistí, daltaí na scoileanna, na clubanna óige s.rl.	

6.2 Deiseanna Foghlama Lasmuigh den Chóras Oideachais

De réir an eolais ó na ceardlanna agus na ceistneoirí seo hiad na bearta go bhfuil an t-éileamh is mó orthu agus an phráinn is mó leo. **Caithfear struchtúir a chur le chéile chun na grúpaí a reáchtáil. Más féidir an 3 mheitheal thíos luaite a bhunú agus na háisitheoirí cuí a aimsiú agus a thraenáil d'fhéadfaí ranganna agus ceardlanna de gach aon saghas a chur ar fáil, trí mheán na Gaeilge, do mhuintir Ghaeltacht Mhúscraí.**



Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

Beart 2.1	Seirbhísí Teanga Mhúscraí - Áisitheoirí Ranganna Gaeilge & Áisitheoirí Abhcóideachta
Réimsí:	C, D I, J, K
Critéir pleanála teanga:	3, 8, 11, 12, 14
Aidhm:	TÁ AN BEART SEO RÍTHÁBHACHTACH Daoine a aimsiú agus a thraenáil chun ranganna Gaeilge neamhfhoirmiúla agus foirmiúla (Teastas Eorpach Gaeilge)a reáchtáil do gach leibhéal agus gach aoisghrúpa.
Eolas breise:	Seo cheann de na bearta is tábhachtaí. Tá sé deacair teacht ar ranganna Gaeilge i gceantar Gaeltachta Mhúscraí. Caithfear an rogha agus tacaíocht a thabhairt do gach éinne a bheith ar bord le linn an turais teanga seo. • Daoine Óga, Daoine Fásta, Daoine ar Scor a aimsiú le bheith ina nÁisitheoirí ar Ranganna Gaeilge. • Áisitheoirí spreagúla a aimsiú - Feachtas Poiblíochta láidir. • Cúrsa oiliúna a reáchtáil chun na scileanna cuí a mhúineadh chun tabhairt faoi ranganna / ceardlanna / modhanna teagaisc éagsúla / polasaithe teanga / do gach leibhéal agus gach aoisghrúpa mórthimpeall ar Ghaeltacht Mhúscraí. • Áisitheoirí Abhcóideachta a aimsiú taobh istigh den mheitheal agus iad a thraenáil. Seo a leanas liosta de na ranganna atá ag teastáil: • Tuismitheoirí & Lapadáin (Beart 3.3) i gcomhar leo agus tríd na Grúpaí Tuismitheoirí & Lapadán. • Tuismitheoirí & Páistí sna Naíonra (Beart 4.5) i gcomhar leo agus tríd na Naíonraí. • Foghlaimeoirí / Daoine nua isteach – Téarmaíocht, nathanna cainte, briathra a bhaineann le tuismitheoireacht. • Tuismitheoirí Daltaí Bunscoile gan Ghaeilge (Beart 2.5) i gcomhar leo, agus tríd na scoileanna náisiúnta. • Tuismitheoirí Daltaí Bunscoile le Gaeilge i gcomhar leo, agus tríd na scoileanna náisiúnta. • Tuismitheoirí Daltaí hIarbhunscoile i gcomhar leo, agus tríd na hiarbhunscoileanna. • Daoine ar scor. • Ranganna Gaeilge nó ceardlanna Gaeilge a fhorbairt mar chuid don traenáil do rannpháirtihe na scéimeanna m.sh. Scéim Shóisialta Tuaithe, Scéim Tús, Clár Seirbhísí Pobail • Bunleibhéal / Tosaitheoirí. • Meánleibhéal. • Ardleibhéal.

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

Eolas breise:	• Gramadach na Gaeilge. • Saibhreas teanga. • Canúint Mhúscraí. • Cainteoirí Dúchais. • Ceardlanna Saincheaptha • Beidh na háisitheoirí in ann ceardlanna a reáchtáil sna Campaí um Cháisc & Campaí Samhraidh - Beart 11.1 & 11.2. • Duine nó beirt nua a aimsiú gach bliain.	
	Scrúduithe TEG Ag na naisc thíos, gheobhaidh tú gach ábhar a bheidh ag teastáil uait ag gach leibhéal: Siollabais, Páipéir Scrúdaithe Shamplacha, Tuairiscí an Phríomhscrúdaitheora agus Ábhair Theagaisc Shamplacha: • Bonnleibhéal 1(A1) • Bonnleibhéal 2(A2) • Meánleibhéal 1(B1) • Meánleibhéal 2(B2) • Ardleibhéal 1	
Príomhúinéir an bhirt:	CFM, FPTM, CPTM	
Páirtithe leasmhara:	Áisitheoirí Mhúscraí, Breacadh, Conradh na Gaeilge, Muintir na háite, CNNG, UCC	
Saolré:	Socruithe agus ullmhúchán:	Bliain 1 –Áisitheoirí a aimsiú. Iad a thraenáil. Ranganna spreagúla a dhearadh.
	Feidhmiú:	Bliain 2-7 – ag fás de réir a chéile.
Costas measta iomlán:	€277,250 = €208,625 RCOG & €63,875 Táillí & €21,750	
Costas measta in aghaidh na bliana:	Bliain 1: Poiblíocht chun daoine a aimsiú €2,000. Daoine a thraenáil thar saolré an bhirt €14,750. Ranganna a Dhearadh €5,000. Bliain 2: 3 Rang Éagsúil x 5 Cheantar x 10 Seachtain = 150 Rang x €150 = €22,500 + Acmhainní / Trealamh €500 = €23,500 Bliain 3: 4 Rang Éagsúil x 5 Cheantar x 10 Seachtain = 200 Rang x €150 = €30,000 + Acmhainní / Trealamh €500 = €30,500 Bliain 4 :5 Rang Éagsúil x 5 Cheantar x 10 Seachtain = 250 Rang x €150 = €37,500 + Acmhainní / Trealamh €500 = €38,000 Bliain 5 :6 Rang Éagsúil x 5 Cheantar x 10 Seachtain = 300 Rang x €150 = €45,000 + Acmhainní / Trealamh €500 = €50,000 Bliain 6 :7 Rang Éagsúil x 5 Cheantar x 10 Seachtain = 350 Rang x €150 = €52,500 + Acmhainní / Trealamh €500 = €53,000 Bliain 7 :8 Rang Éagsúil x 5 Cheantar x 10 Seachtain = 400 Rang x €150 = €60,000 + Acmhainní / Trealamh €500 = €60,500	

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

Bliain 1 €21,750 RCOG Táillí	Bliain 2 €23,500 €17,625 €5,875	Bliain 3 €30,500 €22,875 €7,625 (€15,000)	Bliain 4 €38,000 €28,500 €9,500	Bliain 5 €50,000 €37,500 €12,500	Bliain 6 €53,000 €39,750 €13,250	Bliain 7 €60,500 €45,375 €15,125
Foinsí maoinithe:		RCOG 75% = €191,625 + €21,750 = €213,375 & Táillí na Rannpháirtithe – 25% den chostas = €63,875				
Dúshlán fhéideartha:		Go dtiocfaidh brú ar an bPlean Teanga imeachtaí a eagrú láithreach bonn.				
Réitigh:		Is fiú an t-am a ghlacadh chun plean cheart a chur le chéile. Struchtúr, earcaíocht, plean oibre.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:		Suirbhé simplí a chur chuig na háisitheoirí agus na rannpháirtithe ag tús agus deireadh na gcúrsaí - Foirm Monatóireachta 'A' & Foirm Monatóireachta 'B' ar leathnach 180 a úsáid. Tinreamh a choimeád.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:		Go mbeadh éileamh ar na ciorcail chomhrá, na ranganna, na ceardlanna agus na cúrsaí oiliúna. Go mbeidh árdú ar líon na daoine atá ag freastal ar na ranganna.				

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

Beart 2.2		Áisitheoirí d’Imeachtaí Cultúrtha				
Réimsí:		D, F, K				
Critéir pleanála teanga:		10, 11, 15				
Aidhm:		Áisitheoirí d’Imeachtaí Cultúrtha a aimsiú agus a thraenáil chun ranganna rince ar an gcéilí agus ranganna drámaíochta a chur ar fáil.				
Eolas breise:		Tá éileamh ar 1. Áisitheoirí Drámaíochta - do gach aoisghrúpa & 2. Áisitheoirí - Rince ar an gCéilí • Daoine Óga, Daoine Fásta agus Daoine ar Scor leis na scileanna cuí a aimsiú. • Áisitheoirí spreagúla a aimsiú - Feachtas Poiblíochta láidir. • Cúrsa oiliúna a réachtáil chun na scileanna cuí a mhúineadh (más gá) chun tabhairt faoi ranganna / ceardlanna /imeachtaí cruthaitheacha/ modhanna teagaisc éagsúla / polasaithe teanga do gach leibhéal agus gach aoisghrúpa a réachtáil mórthimpeall ar Ghaeltacht Mhúscraí agus mar chuid de na Campaí um Cháisc & Campaí Samhraidh do dhaoine óga. • Tá an beart seo ceangailte le Beart 4.1 & 11.8. • Imeachtaí nua a chur ar fáil gach bliain de réir an éilimh.				
Príomhúinéir an bhirt:		CFM, FPTM, CPTM				
Páirtithe leasmhara:		Áisitheoirí Mhúscraí, Ionad Cultúrtha, Muintir na háite				
Saolré:		Socruithe agus ullmhúchán:	Bliain 1 - 2 x Áisitheoirí a aimsiú. Iad a thraenáil. Ranganna spreagúla a dhearadh.			
		Feidhmiú:	Bliain 2 - 7 Ag feidhmiú & daoine nua a aimsiú gach bliain.			
Costas measta iomlán:		€77,750 = €18,000 (táillí) & €41,750 (maoiniú RCOG) €18,000 (maoiniú Ealaín na Gealtachta).				
Costas measta in aghaidh na bliana:		Bliain 1: Poiblíocht chun daoine a aimsiú €750. 2 x Áisitheoirí a thraenáil – Ag brath ar na háisitheoirí agus an méid oiliúna atá ag teastáil – Dréacht-fhigiúir €5,000 (1xÁisitheoirí Drámaíochta & 1xÁistheoirí Rince ar an gCéilí) Bliain 2: 2xRang Éagsúil x 5 Cheantar x 10 Seachtain =100 Rang x €100 = €10,000. Acmhainní/Trealamh - €2,000 Iomlán €12,000				
Bliain 1 €5,750	Bliain 2 €12,000	Bliain 3 €12,000	Bliain 4 €12,000	Bliain 5 €12,000	Bliain 6 €12,000	Bliain 7 €12,000

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

	Ealaín na Gaeltachta, Comhairle Contae Chorcaí, RCOG. Iomlán €72,000 + €5,750 Táillí na Rannpháirtithe 25% = €18,000 RCOG 50% = €5,750 + €36,000 = €41,750 Ealaín na Gaeltachta 25% = €18,000
Dúshlán fhéideartha:	Daoine a aimsiú – an t-earcú a bheith leathan – líontán mór.
Réiteach molta:	Tabhairt faoi fheachtas poiblíochta maith agus a chur in iúl go mbeidh traenáil ar fáil má bhíonn a leithéid de dhíth. Labhairt leis an ngrúpa atá taobh thiar de Scéim na gComplachtaí Drámaíochta.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Tinreamh ar na ranganna nuair atá siad ar siúl. Lón na ranganna atá ar siúl. Aischothú a fháil ó na háisitheoirí agus na rannpháirtithe ag tús agus deireadh na ranganna Foirm Monatóireachta 'A' & Foirm Monatóireachta 'B' ar leathnach 180 a úsáid.
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Beidh CFM in ann liosta de na ranganna atá á reáchtáil a bhailiú, agus eolas a fháil ar na saghsanna imeachtaí eile atá ag teastáil.

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

Beart 2.3		Áisitheoirí –d’Imeachtaí Breise				
Réimsí:		C, D, J				
Critéir pleanála teanga:		10, 12, 14				
Aidhm:		Tacaíocht a thabhairt d’áisitheoirí atá ann cheana agus áisitheoirí nua a mhealladh. Réimse imeachtaí breise a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge.				
Eolas breise:		<i>Daoine Óga, Daoine Fásta, Daoine ar Scor a aimsiú le bheith ina nÁisitheoirí d’Imeachtaí Breise.</i> • Cúrsa a reáchtáil chun oiliúint a chur ar fáil dóibh chun scileanna a fhoghlaim i leith conas ranganna a reáchtáil, an Ghaeilge a bheith lárnach agus polasaí teanga soiléir ag gach grúpa. ○ Ranganna Cócaireachta. ○ Ranganna BÁCala. ○ Gleacaíocht. ○ Ióga. ○ Garraíodóireacht. ○ Feirmeoireacht (do dhaoine óga). ○ Treodóireacht. ○ Cártaí. ○ Biongó. ○ Cniotáil. ○ Fuáil. ○ Ceardaíocht. • Beart 11.1 & 11.2 a fhorbairt sa dara bliain chun Campaí um Cháisc & Campaí Samhraidh a eagrú do dhaoine óga. • Duine nó beirt nua a aimsiú gach bliain. • Is féidir scoláirí ón Scéim Scoláirí Samhraidh (Beart 2.4) a chlárú ar an meitheal áisitheoirí chomh maith				
Príomhúinéir an bhirt:		CFM, FPTM, CPTM, ÁM				
Páirtithe leasmhara:		Údarás na Gaeltachta, Muintir na háite				
Saolré:		Socruithe agus ullmhúchán:	Bliain 1 – Tacaíocht a thabhairt d’áisitheoirí atá ann cheana agus daoine nua a mhealladh.			
		Feidhmiú:	Bliain 2 – 7 Cur i bhfeidhm.			
Costas measta iomlán:		€24,500				
Costas measta in aghaidh na bliana:		Poiblíocht - €1000 Oiliúint- €2,500				
Bliain 1 €3,500	Bliain 2 €3,500	Bliain 3 €3,500	Bliain 4 €3,500	Bliain 5 €3,500	Bliain 6 €3,500	Bliain 7 €3,500

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

Foinsí maoinithe:	RCOG, Cumann na bhFiann
Dúshláin fhéideartha	Go dtuigfeadh gach éinne go bhfuil sé seo mar chuid den PT.
Réitigh:	Poiblíocht mhaith a dhéanamh.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Tinreamh ar na ranganna nuair atá siad ar siúl. Aischothú a fháil ó na háisitheoirí agus na rannpháirtithe ag tús agus deireadh na ranganna – Foirm Monatóireachta ‘A’ & Foirm Monatóireachta ‘B’ ar leathnach 180 a úsáid.
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Beidh CFM in ann liosta de na ranganna atá á reáchtáil a bhailiú, agus eolas a fháil ar na saghsanna imeachtaí eile atá ag teastáil.

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

Beart 2.4		Scéim Scoláirí Samhraidh				
Réimsí:		D, F				
Critéir pleanála teanga:		11				
Aidhm:		Deis a thabhairt do dhaoine áitiúla tréimshe scoláireachta a dhéanamh leis an gComhordaitheoir.				
Eolas breise:		Iarrfar ar Údarás na Gaeltachta scoláireacht 3 mhí a chur ar fáil gach bliain do scoláire/scoláirí chun dul i mbun oibre leis an gComhordaitheoir.				
Príomhúinéir an bhirt:		CFM, FPTM, CPTM				
Páirtithe leasmhara:		Áisitheoirí Mhúscraí, Údarás na Gaeltachta, RCOG Coimirce Sóisialaí				
Saolré:		Socruithe agus ullmhúchán:		Bliain 1 – Dearadh ar an ról, foinsí maoinithe a aithint.		
		Feidhmiú:		Bliain 2-7 - Duine nua gach bliain, poiblíocht bhliantúil.		
Costas measta iomlán:		€39,000				
Costas measta in aghaidh na bliana:		€6,000 – Tuarastal €500 - Poiblíocht				
Bliain 1 € - - -	Bliain 2 €6,500	Bliain 3 €6,500	Bliain 4 €6,500	Bliain 5 €6,500	Bliain 6 €6,500	Bliain 7 €6,500
Foinsí maoinithe:		RCOG Coimirce Sóisialaí, Údarás na Gaeltachta (oiliúint) nó Cliant-Comhlachtaí an Údaráis.				
Dúshlán fhéideartha:		Daoine áitiúla, go háirithe daoine óga, a spreagadh le cur isteach ar na scoláireachtaí.				
Réiteach molta:		Eolas a thabhairt do dhaltaí Scoil Mhuire, Béal Átha’n Ghaorthaidh & Coláiste Ghobnatan, Baile Mhúirne agus do scoláirí ollscoile faoi na scoláireachtaí.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:		Aischothú a fháil ó na scoláirí agus an CPTM. Foirm Monatóireachta ‘A’ & Foirm Monatóireachta ‘B’ ar leathnach 180 a úsáid.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:		Tuairiscí a fháil ó na daoine ar na scéimeanna scoláireachta agus CPTM. Nasc a chruthú leis na hinstitiúidí 3ú leibhéal agus na hiarbhunscoileanna áitiúil.				

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

Beart 2.5	Tacaíocht do Thuismitheoirí Daltaí Bunscoile gan Ghaeilge	
Réimsí:	A, B	
Critéir pleanála teanga:	4, 6, 7	
Aidhm:	Tacaíocht agus muinín a thabhairt do thuismitheoirí na ndaltaí bunscoile.	
Eolas breise:	• Na grúpaí seo a aithint. • Bualadh leo agus fáil amach cad iad na riachtanais atá acu. • Ceardlanna leanúnacha a dhearadh timpeall ar na riachtanais sin. • An mbeadh suim acu páirt a ghlacadh sa scéim ‘Tús Maith’?	
Príomhúinéir an bhirt:	CFM, FPTM, CPTM	
Páirtithe leasmhara:	Áisitheoirí Mhúscraí, Teaghlaigh gan Ghaeilge, Bunscoileanna & Áisitheoirí Gaeilge	
Saolré:	Socruithe agus ullmhúchán:	Bliain 1 – An Grúpa a thabhairt le chéile chun na riachtanais a aithint.
	Feidhmiú:	Bliain 2-7
Costas measta iomlán:	Ní bhaineann	
Costas measta in aghaidh na bliana:	Bliain 1 – Cruinnithe & Poiblíocht Bliain 2 – Cur i bhfeidhm	
Foinsí maoinithe:	Thitfeadh sé faoi shíolchiste CFM	
Dúshlán fhéideartha	Beidh sé tábhachtach clár maith a dhearadh an chéad bhliain.	
Réiteach	Go mbeadh cruinnithe / próiseas comhairliúcháin ar dtús.	
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Tinreamh ar na ranganna nuair atá siad ar siúl. Aischothú a fháil ó na háisitheoirí agus na rannpháirtithe ag tús agus deireadh na ranganna – Foirm Monatóireachta ‘A’ ar leathnach 180 a úsáid.	
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Is féidir leis an gComharchumann bualadh leis an ngrúpa tar éis an chéad bhliain chun eolas a fháil ar na riachtanais atá aitheanta agus chun a chinntiú go mbeidh tacaíocht ar fáil chun ‘ceardlanna’ fiúntach a chur le chéile.	

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

Beart 2.6	Fóram Chainteoirí Dúchais	
Réimsí:	C, D, F, H, K	
Critéir pleanála teanga:	11, 19	
Aidhm:	Fóram a bhunú le meascán de dhaoine óga, tuismitheoirí, daoine ar scor s.rl.	
Eolas breise:	Cad é an saghas tacaíochta atá ag teastáil do/ó Chainteoirí Dúchais? Cad iad na dúshlán atá ann? An féidir plean a chur le chéile chun Saibhreas Teanga na ndaoine a chaomhnú agus a threisiú?	
Príomhúinéir an bhirt:	CFM, FPTM, CPTM	
Páirtithe leasmhara:	Fóram Chainteoirí Dúchais, Acadamh Fódhla, Coiste Litríochta Mhúscraí, Muintir na háite	
Saolré:	Socruithe agus ullmhúchán:	Bliain 3
	Feidhmiú:	Bliain 4-7
Costas measta iomlán:	Níl a fhios go fóill – ag brath ar an bplean a chuirtear le chéile.	
Costas measta in aghaidh na bliana:	Níl a fhios go fóill – ag brath ar an bplean a chuirtear le chéile.	
Foinsí maoinithe:	Urraíocht ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta & Glór na nGael	
Dúshláin fhéideartha:	Go mbeidh spriocanna aontaithe ag an bhFóram.	
Réiteach molta:	An Fóram a bhunú sa cheart ón tús.	
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Braitheann se ar dul chun cinn an Fhóraithe agus na spriocanna a leagtar amach.	
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Is féidir leis an gComharchumann bualadh leis an ngrúpa tar éis an chéad bhliain chun eolas a fháil ar na riachtanais atá aitheanta agus chun a chinntiú go mbeidh tacaíocht ar fáil.	

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

Beart 2.7	Ceardlann - Daoine ó thíortha eile	
Réimsí:	B, D, K	
Critéir pleanála teanga:	7, 8, 10, 11	
Aidhm:	Ceardlanna a reáchtáil sna sráidbhailte áitiúla le daoine ó thíortha eile. Tá ról lárnach acu i dtodhchaí na teanga sa cheantar.	
Eolas breise:	• Cad iad na riachtanais atá acu i dtaobh na Gaeilge? • Conas is féidir leis an bplean teanga tacaíocht a thabhairt dóibh? • Conas is féidir leo tacaíocht a thabhairt don phlean teanga? • Coiste lárnach a bhunú tar éis na ceardlanna chun plean a chur le chéile.	
Príomhúinéir an bhirt:	CFM, FPTM, CPTM	
Páirtithe leasmhara:	Muintir na háite	
Saolré:	Socruithe agus ullmhúchán:	Bliain 2
	Feidhmiú:	Bliain 3-7
Costas measta iomlán:	Níl a fhios go fóill – ag brath ar an bplean a chuirtear le chéile.	
Costas measta in aghaidh na bliana:	Níl a fhios go fóill – ag brath ar an bplean a chuirtear le chéile.	
Foinsí maoinithe:	Urraíocht ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta & Glór na nGael	
Dúshlán fhéideartha:	Go mbeidh spriocanna aontaithe ag an gcoiste.	
Réiteach molta:	An choiste a bhunú sa cheart ón tús.	
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Braitheann sé ar dul chun cinn an choiste agus na spriocanna a leagtar amach. Tinreamh ar na ranganna nuair atá siad ar siúl.	
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Is féidir leis an gComharchumann bualadh leis an ngrúpa tar éis an chéad bhliain chun eolas a fháil ar na riachtanais atá aitheanta agus chun a chinntiú go mbeidh tacaíocht ar fáil.	

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

Beart 2.8		Scoil Cheoil Mhúscraí				
Réimsí:		C, D, K				
Critéir pleanála teanga:		10, 11, 12				
Aidhm:		Na deiseanna atá ann le Scoil Cheoil a bhunú i Múscraí a fhiosrú.				
Eolas breise:		- Ranganna ceoil thraidisiúnta agus clasaiceach ar gach leibhéal á chur ar fáil sa Scoil seo trí mheán na Gaeilge - Múinteoirí ceoil a bheith fostaithe ag an Scoil agus ról lárnach acu i bhforbairt réimse leathan imeachtaí a bhaineadh le ardán a thabhairt dos na ceoltóirí agus taispeántais ceoil a chur ar fáil. - Scéim “uirlis ar chíos” ar fáil chun cabhrú le daoine tástáil a dhéanamh ar an gcuid scileanna roimh dóibh infheistíocht a dhéanamh in uirlis ceoil chostasach. - Oiliúint bhreise ar fáil i gcóiríú agus i gcumadóireacht ceoil ó am go h-am agus béim ar ghrúpa ceoil a thabhairt le chéile go rialta chun seinm i dteannta a chéile. - Go fadtéarmach, d’fhiosrófaí na féidireachtaí a bhaineadh leis an Scoil Cheoil a lonnú i gColáiste Íosagáin agus é a bheith mar áis go bhfeadfadh foghlaimoirí idirnáisiúnta teacht chun cleachtadh agus foghlaim, mar dhaoine aonair nó mar ghrúpaí.				
Príomhúinéir an bhirt:		CFM, FPTM, CPTM				
Páirtithe leasmhara:		Údarás na Gaeltachta, Muintir na háite, Ealaín na Gaeltachta, Roinn na Gaeltachta, An tIonad Cultúrtha, Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí.				
Saolré:		Socrúithe agus ullmhúchán:	Bliain 1 - Staidéar Féidearthachta.			
		Feidhmiú:	Ag brath ar an Staidéar Féidearthachta.			
Costas measta iomlán:		Níl a fhios go fóill – ag brath ar an bplean a chuirtear le chéile ach €4,000 chun Staidéar Féidearthachta.				
Costas measta in aghaidh na bliana:		Ag brath ar an Staidéar Féidearthachta.				
Bliain 1 €4,000	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7
Foinsí maoinithe:		U2 and The Ireland Funds, Ealaín na Gaeltachta				
Dúshláin fhéideartha:		Ag brath ar an Staidéar Féidearthachta.				
Réiteach molta:		Ag brath ar an Staidéar Féidearthachta.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:		Ag brath ar an Staidéar Féidearthachta.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:		Ag brath ar an Staidéar Féidearthachta.				

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

6.3 Seirbhísí Cúram Leanaí, Réamhscolaíochta & Tacaíochta Teaghlaigh

Tugtar aitheantas do ról na Naíonraí i gceantar Gaeltachta Mhúscraí. Tá ard-mholadh tugtha ag muintir na háite i dtaobh an obair atá ar bun ag na Naíonraí agus an méid Gaeilge atá á fhoghlaim ag na daltaí.

Beart 3.1		Ionad Cúram Leanaí i nGaeltacht Mhúscraí (Crèche lán Ghaeilge)				
Réimsí:		A, B, C, D,K				
Critéir pleanála		2, 3, 6, 7, 9, 19				
Aidhm:		Ionad Cúram Leanaí chun seirbhísí cúram leanaí a chur ar fáil i nGaeltacht Mhúscraí.				
Eolas breise:		• Staidéar féidearachta chun fáil amach cad é an áit is fearr chun é a lonnú agus chun éileamh a mheas. • Naíolann (Crèche) , Club obair bhaile, club bricfeasta, club tar éis scoile srl. • Beidh coiste le bhunú ar dtús. Coiste daoine leis na scileanna cuí chun an feachtas seo a thosnú agus chun cabhair a thbhairt teacht ar fhoinsí maoinithe oiriúnacha. • Polasaí teanga a dhréachtú ón tús. • A chinntiú go gcuirtear an oiliúint chuí ar fáil don fhoireann ionas go mbeidh siad in ann cuspóirí na naíolainne agus na teanga a bhaint amach.				
Príomhúinéir an bhirt:		CFM, FPTM, CPTM, Fóram Ionad Cúram Leanaí Mhúscraí				
Páirtithe leasmhara:		Comhar Naíonraí na Gaeltachta, Muintir Ghaeltacht Mhúscraí, ÚnaG				
Saolré:		Socruithe agus ullmhúchán:		Bliain 1 – Coiste a bhunú. Staidéar féidearthachta a dhéanamh.		
		Feidhmiú:		Bliain 1.5 - 3 – Maoiniú a fháil. Bliain 4 - Ionad a thógáil.		
Costas measta iomlán:		€4,000 don staidéar féidearthachta agus braitheann costais eile ar thorthaí an staidéir sin.				
Costas measta in aghaidh na bliana:		Bliain 1 – Staidéar Féidearthachta - €4,000 & cuardach maoiniú. Bliain 2 - 7 – Ag brath ar na foinsí airgid agus an plean tógála.				
Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7
€4,000	----	---	----	----	----	----
Foinsí maoinithe:		Údarás na Gaeltachta. Beidh an Coiste ag cuardach foinsí chun an t-ionad a thógáil.				
Dúshlán fhéideartha :		1. Suíomh oiriúnach a aimsiú - Suíomh lárnach. 2. Go mbeadh príomh-áit ag an nGaeilge sa togra.				

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

Réitigh:	1. Staidéar féidearthachta. 2. Beidh seirbhísí le cur ar fáil in oiriúnt do na riachtanais atá ag gach sráidbhaile.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Ag brath ar an Staidéar Féidearthachta.
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Monatóireacht le déanamh ag Fóram Pleanála Teanga Mhúscraí. Foirm Monatóireachta 'C' ar leathnach 180 a úsáid.

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

Beart 3.2		Dlúthdhiosca & leabhar le léaráidí ó Ghaeltacht Mhúscraí (0-5 bliana)				
Réimsí:		B, K				
Critéir pleanála		6, 8, 9				
Aidhm:		- Dlúthdhiosca le Gaeilge Mhúscraí a chur le chéile don aos óg, páistí d’aois 0-5 bliana - m.sh. <i>Sicín Mise go Sona Sásta</i>. - Leabhrán le léaráidí tarraingteacha agus focail na n-amhrán.				
Eolas breise:		Meascán de Amhráin ar an sean-nós - amhráin pap-cheoil & rannta. Leabhrán le léaráidí mealltacha agus míniúcháin.				
Príomhúinéir an bhirt:		CFM, FPTM, CPTM				
Páirtithe leasmhara:		Naíonraí Mhúscraí, Tallann: Daltaí ó na Bunscoileanna áitiúla, Údarás na Gaeltachta, Aisling Gheal, Coiste Litríochta Mhúscraí				
Saolré:		Socruithe agus ullmhúchán:	Bliain 1 – 2 Dearadh agus ullmhú.			
		Feidhmiú:	Bliain 3 –Taifead agus foilsiú.			
Costas measta iomlán:		€14,000				
Costas measta in aghaidh na bliana:		Bliain 1, 2 le haghaidh dlúthdhiosca 1 Bliain 3 - Dlúthdhiosca x500: €7,000 Stiúideo, Taifead, Meascadh, Dlúthdhioscaí, Tallann. Leabhrán x 500 = €5,000 Dearadh, Profáil, Foilsiú.				
Bliain 1 €1,000	Bliain 2 €1,000	Bliain 3 €12,000	Bliain 4 - - -	Bliain 5 - - -	Bliain 6 - - -	Bliain 7 - - -
Foinsí maoinithe:		Clár Tacaíochta Teaghlaigh RCOG Díolacháin na nDlúthdhioscaí & Leabhrán				
Dúshlán fhéideartha :		Níor cheart go mbeadh aon dúshlán seachas spás a bheith ann do na hamhráin ar fad.				
Réitigh:		Ceann eile a dhéanamh 3 bliana i ndiaidh an chéad cheann.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:		Ceisteanna a chur ar na Naíonraí agus na Grúpaí Tuismitheoirí & Lapadán maidir le héifeacht an dlúthdhiosca. Má éiríonn go maith leis an dlúthdhiosca is féidir cinneadh a dhéanamh ceann eile a chur le chéile tar éis cúpla bliain.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:		Ceisteanna a chur ar na Naíonraí agus na Grúpaí Tuismitheoirí & Lapadán maidir le héifeacht an dlúthdhiosca.				

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

Beart 3.3		Grúpaí Tuismitheoirí & Lapadán				
Réimsí:		B, K				
Critéir pleanála teanga:		6, 7, 8, 9				
Aidhm:		Áisitheoirí a chur ar fáil sna Grúpaí Tuismitheoirí & Lapadán chun an Ghaeilge a chur chun cinn trí cheardlanna spreagúla a eagrú.				
Eolas breise:		Fad is atá an Ionad Cúram Leanaí á fhorbairt is fiú díriú isteach ar an mBeart seo ar dtús.....Reáchtálfar ceardlanna neamhfhoirmiúla sna Grúpaí Tuismitheoirí & Lapadán. Mar chuid de na ranganna seo beidh an t-áisitheoir in ann: - Frásaí simplí a mhúineadh. Cad iad na habairtí atá ag teastáil ó na tuismitheoirí? - Ceardlanna a reáchtáil chun na tuismitheoirí a chur ar an eolas faoi acmhainní eile atá ar fáil (Gaschaint, Pacáiste Tacaíochta Teaghlaigh RCOG, Aipeanna Cúla4, Duolingo, Foclóir.ie, Tearma.ie s.rl.) agus tábhacht na teanga ag leibhéal an teaghlaigh. - Seirbhís chomhairliúcháin a chur ar fáil do thuismitheoirí maidir le slite chun úsáid na Gaeilge sa bhaile a chur chun cinn.				
Príomhúinéir an bhirt:		CFM, FPTM, CPTM				
Páirtithe leasmhara:		Fóram Ionad Cúram Leanaí Mhúscraí, Comhar Naíonraí na Gaeltachta, Naíonraí áitiúla, Feighlithe páistí, Muintir Ghaeltacht Mhúscraí, ÚnaG				
Saolré:		Socruithe agus ullmhúchán:	Bliain 1 – É seo a thosnú chomh luath agus is féidir fad is atá an t-ullmhuchán don Ionad Cúram Leanaí ar bun.			
		Feidhmiú:	Ranganna a thosnú láithreach bonn agus iad a chur faoi choimirce Áisitheoirí Mhúscraí de réir a chéile.			
Costas measta iomlán:		€26,000				
Costas measta in aghaidh na bliana:		Réidh na nDóirí & Cúil Aodha - 2 Rang in aghaidh na seachtaine x 20 seachtain x €150 don áisitheoir €6,000. Ábhar €500. (Tá Spraoi na Laoi, BÁC clúdaithe i mBeart 3.3)				
Bliain 1 €6,500	Bliain 2 €6,500	Bliain 3 €6,500	Bliain 4 €6,500	Bliain 5 léirmheas	Bliain 6 léirmheas	Bliain 7 léirmheas
Foinsí maoinithe:		RCOG.				
Dúshlán fhéideartha:		A chinntiú gur ranganna spreagúla atá iontu.				
Réiteach:		Struchtúr maith a chur le chéile ón tús agus comhairle mhaith a fháil ó CNNG.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:		Éileamh – árdú ar líon freastal. Ceist a chur ar na Tuismitheoirí - Foirm Monatóireachta ‘A’ ar leathnach 180 a úsáid.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:		Ceist a chur ar na Tuismitheoirí - Foirm Monatóireachta ‘A’ ar leathnach 180 a úsáid.				

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

Beart 3.4		Club Tar Éis Scoile Spraoi na Laoi, Béal Átha'n Ghaorthaidh				
Réimsí:		B, K				
Critéir pleanála teanga:		6, 7, 9				
Aidhm:		Seirbhísí an Chlub Tar Éis Scoile a leathnú agus níos mó tacaíochta a thabhairt don eagraíocht tábhachtach seo.				
Eolas breise:		• Club Bricfeasta a bhunú - An bhfuil éileamh ann? An bhfuil tacaíocht ar fáil? • Polasaí Teanga - Polasaí Teanga láidir a chur le chéile don eagraíocht. • Áisitheoir - Beidh áisitheoir a chuirfear ar fáil tríd an Plean Teanga in ann imeachtaí spreagúla breise trí Ghaeilge a reáchtáil sa chlub ar bhonn seachtainiúil ar feadh 20 seachtain - drámaíocht, amhránaíocht, rince s.rl. • Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017 – 2022 - Toisc an polasaí oideachais b'iontach an rud é dá mbeadh an saghas seo comhoibrithe idir na seirbhísí cúram leanaí agus seirbhísí oideachais ar fad sa sráidbhaile.				
Príomhúinéir an bhirt:		Comharchumann Forbartha Mhúscraí, Club Tar Éis Scoile Spraoi na Laoi				
Páirtithe leasmhara:		Údarás na Gaeltachta, RCOG Oideachais & Scileanna				
Saolré:		Socruithe agus ullmhúchán:		Bliain 1 - Is féidir le Comharchumann Forbartha Mhúscraí tacaíocht a thabhairt don chlub i dtaca leis an 'Club Bricfeasta' agus an 'Polasaí Teanga'.		
		Feidhmiú:		Bliain 2 – 4		
Costas measta iomlán:		€9,750				
Costas measta in aghaidh na bliana:		1 Rang in aghaidh na seachtaine x 20 seachtain x €150 don áisitheoir €3,000. Acmhainní breise don chlub - €250.				
Bliain 1 - - - -	Bliain 2 €3,250	Bliain 3 €3,250	Bliain 4 €3,250	Bliain 5 ----	Bliain 6 ----	Bliain 7 ----
Foinsí maoinithe:		Údarás na Gaeltachta, RCOG, ROS				
Dúshláin fhéideartha:		- -				
Réiteach:		- -				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:		Líon na leanaí atá ag freastal a árdú. Labhairt leis na daoine atá i bhfeighil ar an ngrúpa. Foirm Monatóireachta 'A' ar leathnach 180 a úsáid.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:		Athbhreithniú a dhéanamh tar éis an chéad 9 mí. Foirm Monatóireachta 'B' ar leathnach 180 a úsáid.				

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

Beart 3.5		Feighlithe / Cúramóirí Leanaí le Gaeilge				
Réimsí:		A, B, C, D,K				
Critéir pleanála teanga:		3, 6, 7, 9, 19				
Aidhm:		Eolas teagmhála a chur ar fáil i leith feighlithe leanaí a fheidhmíonn trí Ghaeilge.				
Eolas breise:		Taighde a dhéanamh ar struchtúr a bhunú chun an t-eolas a seo a chur ar fáil (Árachas? Cúrsaí Slándála? Cúrsaí Cánach? Oiliúint?).				
Príomhúinéir an bhirt:		CFM, FPTM, CPTM, Fóram Ionad Cúram Leanaí Mhúscraí				
Páirtithe leasmhara:		CNNG, Naíonraí, Muintir Ghaeltacht Mhúscraí, CFM, ÚnaG				
Saolré:	Socrúithe agus ullmhúchán:	Bliain 3 – Scrúdú/Taighde a dhéanamh.				
	Feidhmiú:	Bliain 4-7 – Cur i bhfeidhm.				
Costas measta iomlán:		€2,000 Staidéar a dhéanamh ina leith seo. Braitheann na costais eile ar thorthaí an staidéir sin.				
Costas measta in aghaidh na bliana:		Bliain 2 – Staidéar - €2,000 & cuardach maoiniú. Bliain 3 - 7 – Ag brath ar thorthaí an staidéir.				
Bliain 1 ---	Bliain 2 ---	Bliain 3 €2,000	Bliain 4 ---	Bliain 5 ---	Bliain 6 ---	Bliain 7 ---
Foinsí maoinithe:		RCOG				
Dúshlán fhéideartha :		Struchtúr ceart a chur le chéile.				
Réitigh:		Staidéar féidearthachta.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:		Ag brath ar an Staidéar Féidearthachta.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:		Ag brath ar an Staidéar Féidearthachta.				

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

Beart 3.6		Tacaíocht do Theaghlaigh ag tógaint clainne trí Ghaeilge				
Réimsí:		B, C, D				
Critéir pleanála		7, 10, 12				
Aidhm:		Tacaíocht a thabhairt do theaghlaigh ag tógaint clainne trí Ghaeilge.				
Eolas breise:		Ceardlann a réachtáil le Tuismitheoirí/Caomhnóirí atá ag tógaint clainne trí Ghaeilge chun scrúdú a dhéanamh ar na riachtanais agus na dúshláin atá acu.				
Páirtithe leasmhara:	Na hEagraíochtaí Pobail, Na hionad pobail, Gael Linn, Muintir na háite	
Saolré:	Socruithe agus ullmhúchán:	Bliain 1-2 – Buailfidh na coistí ar fad le CFM chun ceist na Gaeilge a phlé. Chun polasaí teanga a scríobh.
	Feidhmiú:	Bliain 3-7 – Na polasaithe teanga a fhorbairt agus na ceardlanna a reáchtáil ar bhonn bliantúil.
Costas measta iomlán:	Beidh an tasc seo le baint amach ag an gceanneagraíocht (CFM) & Foras na Gaeilge.	
Costas measta in aghaidh na bliana:	Beidh an tasc seo le baint amach ag an gceanneagraíocht (CFM)& Foras na Gaeilge.	
Foinsí maoinithe:	CFM & Foras na Gaeilge	
Dúshlán fhéideartha:	Oifigigh Ghaeilge a ainmniú – daoine leis an muintir i leith na Gaeilge s.rl.	
Réiteach:	A chinntiú go bhfuil tacaíocht ann ó na baill eile atá ar an gcoiste.	
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Ceardlanna a reáchtáil gach bliain chun aiseolas a fháil ó na hOifigigh Ghaeilge/ Coistí naheagraíochtaí.	
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Bliain 1 – Cad é líon na ngrúpaí le polasaí teanga? Bliain 2-7 - Teagmháil rialta leis na grúpaí. A chinntiú go mbeidh nasc láidir ann idir na heagraíochtaí pobail, na hionad pobail agus CFM, agus má thagann eagraíocht nua le chéile go mbeadh pacáiste eolais ar fáil dóibh maidir leis an tacaíocht atá ar fáil.	

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

Beart 7.2		Cleachtais teanga – Na hIonaid Lae				
Réimsí:		B, K				
Critéir pleanála teanga:		3, 10, 11, 13				
Aidhm:		Polasaí Teanga a chur le chéile sna hIonaid Lae.				
Eolas breise:		Feachtas chun an Ghaeilge a cheangal isteach in imeachtaí na n-ionad lae. 1. Ceardlanna a reáchtáil leis na foirne oibre chun smaointe agus moltaí a fháil. 2. Ceardlann a reáchtáil le baill na n-ionad lae chun smaointe agus moltaí a bhailiú uathu. m.sh Cluichí Boird trí Ghaeilge, Leabhair as Gaeilge, Cluichí Cártaí as Gaeilge, Biongó as Gaeilge, Biachlár as Gaeilge, Fógraí as Gaeilge/Dhátheangach, Lá amháin in aghaidh na seachtaine a roghnú chun ‘Gaeilge’ ar fad a úsáid.				
Príomhúinéir an bhirt:		CFM, FPTM, CPTM, ÁM, Na hIonaid Lae - Comhlacht Tithe Sóisialta agus Forbairt an tSuláin Teoranta, Coiste Tithíochta Uíbh Laoghaire				
Páirtithe leasmhara:		Na hIonaid Lae				
Saolré:		Socruithe agus ullmhúchán:		Bliain 3 – Is féidir leis an gComhordaitheoir Pleanála Teanga plean a chur le chéile leo agus é a chur i bhfeidhm leo chomh luath agus is féidir.		
		Feidhmiú:		Bliain 4-7 – Áisitheoir atá aimsithe a úsáid chun imeachtaí a reáchtáil.		
Costas measta iomlán:		€20,400				
Costas measta in aghaidh na bliana:		Bliain 3 - 7 – 1xRang in aghaidh na seachtaine x 10 seachtain x 3 Ionad Lae @ 30 Rang in aghaidh na bliana €150 don áisitheoir = €4500 + Acmhainní – cluichí s.rl. - €200x3 = €600				
Bliain 1 ----	Bliain 2 ----	Bliain 3 ---	Bliain 4 €5,100	Bliain 5 €5,100	Bliain 6 €5,100	Bliain 7 €5,100
Foinsí maoinithe:		RCOG				
Dúshlán fhéideartha:		Go mbeadh an trasdul deas réidh				
Réiteach:		Ceardlanna a reáchtáil sna hionad lae ar dtús agus ansan plean a chur le chéile leo.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:		Labhair leis na daoine atá i bhfeighil ar an ngrúpa. Labhair leis na rannpháirtithe agus na háisitheoirí. Aiseolas a fháil maidir le láidreachtaí & laigeachtaí na ceardlanna.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:		Athbhreithniú a dhéanamh tar éis an chéad bhliain. Foirm Monatóireachta ‘A’ (lth.80) a úsáid.				

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

6.8 Na Meáin Chumarsáide

Beart 8.1	Raidió na Gaeltachta – Clár ó Mhúscraí	
Réimsí:	A, C	
Critéir pleanála teanga:	16	
Aidhm:	• Muinín na ndaoine óga a mhéadú. • An óige agus na tuismitheoirí a mhealladh chun éisteacht le RnaG. • Daoine óga a spreagadh i dtaobh a bheith in ann poist a fháil sna meáin – taighdeoir, láithreoir, bainisteoir s.rl.	
Eolas breise:	Stocaireacht a dhéanamh chun a chinntiú go dtiocfaidh Raidió na Gaeltachta ar chamchuairt chuig na bunscoileanna áitiúla uair nó dhó sa bhliain chun labhairt leis an aos óg, ceol a chasadh, amhráin a chanadh, labhairt faoi imeachtaí áitiúla (Um Nollaig nó Um Cháisc nuair atá an Céilí Mór ar siúl).	
Príomhúinéir an bhirt:	CFM, FPTM, CPTM, Raidió na Gaeltachta	
Páirtithe leasmhara:	Bunscoileanna, Muintir na háite	
Saolré:	Socruithe agus ullmhúchán:	Bliain 3
	Feidhmiú:	Bliain 4-7
Costas measta iomlán:	Ní bhaineann.	
Costas measta in aghaidh na bliana:	Ní bhaineann.	
Foinsí maoinithe:	Ní bhaineann.	
Dúshlán fhéideartha:	Cad a bheidh sa chlár & conas é sin a eagrú. Suim na daltaí a mhuscailt.	
Réiteach molta:	Labhairt le RnaG – is iad siúd na saineolaithe. D'fhéadfaí daltaí na scoile a thabhairt le chéile chun éisteacht leis an chlár le chéile.	
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Labhairt leis na múinteoirí agus na daltaí chun aiseolas a fháil. Foirm Monatóireachta 'A' (lth.180) a líonadh leo.	
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Má thagann RnaG chuig na scoileanna áitiúla chun cláracha raidió a dhéanamh. Labhairt le RnaG agus aiseolas a fháil uathu. Cinntigh go mbeidh na tuismitheoirí ar an eolas.	

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

Beart 8.2	Cúla 4, TG4 - Múscraí	
Réimsí:	A, C	
Critéir pleanála teanga:	16	
Aidhm:	- An óige agus na tuismitheoirí a mhealladh chun féachaint ar Cúla 4, TG4. - Daoine óga a spreagadh i dtaobh a bheith in ann poist a fháil sna meáin – taighdeoir, láithreoir, bainisteoir s.rl.	
Eolas breise:	Stocaireacht a dhéanamh chun a chinntiú go dtiocfaidh Cúla4 ar chamchuairt chuig na bunscoileanna agus na naíonraí sa cheantar (rinneadar é i mBaile Mhúirne i 2016 agus bhí tionchar dearfach ag an gcuardaí).	
Príomhúinéir an bhirt:	CFM, FPTM, CPTM, Cúla 4	
Páirtithe leasmhara:	Muintir na háite	
Saolré:	Socrúithe agus ullmhúchán:	Bliain 3
	Feidhmiú:	Bliain 4-7
Costas measta iomlán:	Ní bhaineann.	
Costas measta in aghaidh na bliana:	Ní bhaineann.	
Foinsí maoinithe:	Ní bhaineann.	
Dúshlán fhéideartha:	Nach dtiocfaidh TG4	
Réiteach molta:	Feachtas a bhunú chun brú a chur orthu teacht	
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Labhairt leis na múinteoirí agus na daltaí chun aiseolas a fháil. Foirm Monatóireachta 'A' (lth.180) a líonadh leo.	
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Má thagann TG4 chuig na scoileanna áitiúla chun cláracha a dhéanamh leo. Labhairt le TG4 agus aiseolas a fháil uathu. Cinntigh go mbeidh na tuismitheoirí ar an eolas.	

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

Beart 8.3	Feachtas na nGaeltachtaí - The Late Late Toy Show	
Réimsí:	G, K	
Critéir pleanála teanga:	16. 11, 16	
Aidhm:	Go mbeadh feachtas náisiúnta ag na LPTanna ‘mír’ trí Ghaeilge a bheith ar an Late Late Toy Show.	
Eolas breise:	- Go dtabharfaí an deis do dhaltáí ón nGaeltacht ‘mír’ a dhéanamh as Gaeilge ar an gclár. - Stocaireacht a dhéanamh - Ronán Mac an Iomaire, Grúpcheannasaí Gaeilge R.T.É.	
Príomhúinéir an bhirt:	Na LPTanna, CFM, FPTM, CPTM, R.T.É.	
Páirtithe leasmhara:	Muintir Gaeltachta	
Saolré:	Socruithe agus ullmhúchán:	Bliain 2
	Feidhmiú:	Bliain 3-7
Costas measta iomlán:	Ag brath ar an ‘mír’.	
Costas measta in aghaidh na bliana:	Ag brath ar an ‘mír’.	
Foinsí maoinithe:	Le dearbhú.	
Dúshlán fhéideartha:	An Feachtas / Stocaireacht a eagrú.	
Réiteach molta:	Sprioc amháin a bheith ann.	
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Aiseolas ó na LPTanna. Foirm Monatóireachta C (lth.180) a úsáid.	
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Feicfear an cur i bhfeidhm má éiríonn leis.	

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

6.9. Seirbhísí Poiblí

Beart 9.1	An Eaglais – Cleachtais Teanga	
Réimsí:	H, J, K	
Critéir pleanála teanga:	3, 18, 19	
Aidhm:	Nasc a chruthú idir an Plean Teanga agus an Eaglais.	
Eolas breise:	- Is fiú cruinniú a eagrú leis na Sagairt / Coistí na Séipéal agus CFM chun fáil amach conas gur féidir tacaíocht a thabhairt dóibh an Ghaeilge a chothú. - Chun seirbhísí eaglasta as Gaeilge a fhorbairt. - Polasaí Teanga a chur le chéile i ngach séipéal / paróiste. - Tá Aifrin Chúil Aodha, Baile Mhúirne, Réidh na nDóirí & Cill na Martra as Gaeilge. - Is trí Bhéarla is mó atá an tAifreann i mBéal Átha'n Ghaorthaidh – cad is féidir a dhéanamh chun tús áite a thabhairt don Ghaeilge? - Go mbeadh baint ag na Sagart áitiúla le Féile Domhnach Cincise (Beart 6.3).	
Príomhúinéir an bhirt:	CFM, Sagairt áitiúla, Coistí na Séipéal	
Páirtithe leasmhara:	Muintir na háite	
Saolré:	Socruithe agus ullmhúchán:	Bliain 2 – Cruinnithe a eagrú.
	Feidhmiú:	Bliain 3-7 – Na spriocanna a chur i bhfeidhm.
Costas measta iomlán:	Cúramaí CFM.	
Costas measta in aghaidh na bliana:	Cúramaí CFM.	
Foinsí maoinithe:	CFM	
Dúshlán fhéideartha:	Easpa sagart & easpa sagart le Gaeilge.	
Réiteach molta:	Tacaíocht teanga dos na sagairt.	
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	A chinntiú go bhfuil na cruinnithe ag titim amach. Go bhfuil seirbhísí i nGaeilge ar fáil.	
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Go mbeadh Plean Teanga ar fáil agus tuairisc ó na cruinnithe.	

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

Beart 9.2		Seirbhís Ghaeilge - Comhar Creidmheasa Mhaigh Chromtha.				
Réimsí:		H				
Critéir pleanála teanga:		3, 13, 18				
Aidhm:		Seirbhís Ghaeilge - Comhar Creidmheasa Mhaigh Chromtha.				
Eolas breise:		➤ Scéim píolótach a reáchtáil ina mbeadh deis ag daoine le Gaeilge (ón nGaeltacht agus taobh amuigh den Ghaeltacht) Gaeilge a úsáid sa Chomhar Creidmheasa i Maigh Chromtha. ➤ Daoine a aithint sa Chomhar Creidmheasa a bheadh sásta páirt a ghlacadh sa scéim píolótach seo agus ceardlann a chur ar fáil dóibh maidir le ‘téarmaíocht’ dá mbeadh sé ag teastáil. ➤ Nílimid ag caint ar dhoiciméid a bheith ar fáil go dátheangach go fóill. B’fhéidir tar éis cúpla bliain. ➤ Mar thacaíocht / dea-shampla don Bhaile Seirbhíse.				
Príomhúinéir an bhirt:		CFM, CPTM, FPTM, Comhar Creidmheasa Mhaigh Chromtha				
Páirtithe leasmhara:		Muintir Mhaigh Chromtha, Muintir Mhúscraí				
Saolré:		Socruithe agus ullmhúchán:		Bliain 3 – Daoine a aithint & ceardlanna a reáchtáil dóibh. Bolscaireacht.		
		Feidhmiú:		Bliain 4-7 - Forbairt.		
Costas measta iomlán:		€5,000				
Costas measta in aghaidh na bliana:		€1,000 Bolscaireacht agus ceardlanna san oifig.				
Bliain 1 --	Bliain 2 ---	Bliain 3 €1,000	Bliain 4 €1,000	Bliain 5 €1,000	Bliain 6 €1,000	Bliain 7 €1,000
Foinsí maoinithe:		CFM				
Dúshlán fhéideartha:		Go mbeadh muinín ag na custaiméirí agus na hoibrithe triail a bhaint as an nGaeilge a úsáid.				
Réiteach molta:		Go bhféadfaí aitheantas éigin a thabhairt don Chomhar Creidmheasa as triail a bhaint as an scéim píolótach.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:		Líon na custaiméirí a bhaineann úsáid as an deis Gaeilge a úsáid istigh ann. Líon na custaiméirí a úsáideann Gaeilge istigh ann a thomhais. Aitheantas mar bhaile Seirbhíse Gaeltachta.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:		Líon na custaiméirí a úsáideann Gaeilge istigh ann a thomhais. Aiseolas a fháil ó foireann an Chomhar Creidmheasa. Deacrachtaí, Láidreachtaí, Moltaí.				

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

6.10. Pleanáil & Forbairt Fhisiceach

Beart 10.1		Feiceálacht na Gaeilge				
Réimsí:		I				
Critéir pleanála teanga:		17				
Aidhm:		Chun a chur le Feiceálacht na Gaeilge i gceantar Gaeltachta Mhúscraí.				
Eolas breise:		- Grúpa fócas a bhunú chun díriú isteach ar an ábhar seo. Ní gnáth-chomharthaí atá i gceist, bhí caint ar cinn dháttheangacha, cinn foghraíochta, cinn le léaráidí. - Comharthaí bóthair, fógraí buana agus sealadacha. - Go mbeadh sé soiléir go bhfuilimid sa Ghaeltacht. - An teanga agus an cultúr a bheith le feiscint chomh luath agus a shroicheann tú limistéar Mhúscraí. Comharthaí le treisiú go bhfuil Gaeilge ag muintir na háite. - Is fiú ceangal a bheith ag an ngrúpa seo leis an gcoiste i mBeart 6.1. - Go mbeimid bródúil as ár bhféiniúlacht. - Mar nóta breise: Níl aon chomharthaí ‘Gaeltacht’ ar an slí ó Bheanntaí go Béal Átha’n Ghaorthaidh.				
Príomhúinéir an bhirt:		CFM, FPTM, CPTM				
Páirtithe leasmhara:		Coistí Bailte Slachtmhara, Comhairle Contae Chorcaí, ÚnaG				
Saolré:		Socruithe agus ullmhúchán:		Bliain 2 – Grúpa fócais a chur le chéile.		
		Feidhmiú:		Bliain 3-7 – Tús leis an straitéis.		
Costas measta iomlán:		€2,000 chun taighde a dhéanamh - Ag brath ar an ngrúpa fócais agus na moltaí a bheidh acu.				
Costas measta in aghaidh na bliana:		Ag brath ar an ngrúpa fócas agus na moltaí a bheidh acu.				
Bliain 1 - - -	Bliain 2 €2,000	Bliain 3 le deimhniú	Bliain 4 le deimhniú	Bliain 5 le deimhniú	Bliain 6 le deimhniú	Bliain 7 le deimhniú
Foinsí maoinithe:		Comhairle Contae Chorcaí (Municipal districts streetscape, painting signage and improvement scheme), Conradh na Gaeilge & Údarás na Gaeltachta				
Dúshlán fhéideartha:		Go mbeadh na comharthaí sothuigte do dhaoine gan Ghaeilge.				
Réiteach molta:		Grúpa fócais a chur le chéile chun féachaint an bhfuil slite nua cliste maidir le comharthaí den tsaghas sin.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:		Comharthaíocht & Feiceáleacht ar fud an cheantair. Is beart físiúil é den chuid is mó ach is féidir aischothú a fháil ón ngrúpa fócais agus tuairisc a fháil uatha maidir leis na saghsanna gníomhachtaí a bhaineadh amach.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:		Beidh sé le feiscint ar fud Gaeltacht Mhúscraí. Go mbeadh cruinniú uair sa bhliain ag an ngrúpa fócais agus go líonfaidís ‘Tascaire Feidhmíochta’ (lth.181) ag deireadh gach bhliain.				

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

Beart 10.2	Coláiste na Mumhan - Tearmann Teanga	
Réimsí:	D, F, H, I, K	
Critéir pleanála teanga:	2, 3, 12, 19	
Aidhm:	Coiste a bhunú i mBéal Átha'n Ghaorthaidh chun tacaíocht a thabhairt do Choláiste na Mumhan. Is fiú plean straitéiseach a chur le chéile don sráidbhaile agus don Choláiste i gcomhthéacs an Phlean Teanga agus chun todhchaí an Choláiste a chinntiú.	
Eolas breise:	Tá cáil ar Choláiste na Mumhan ach is féidir an áis agus an clú a láidriú. Seo a leanas cúpla sampla a tháinig ón bpobal: • An Linn Snámha a athchóiriú le tacaíocht ón bhfóram & muintir na háite. • Gur féidir an linn snámha a oscailt le linn an Gheimhridh chun ranganna ar nós aqua-aerobics a eagrú ann do mhuintir na háite. • Ranganna Gaeilge a reáchtáil san fhoirgneamh le linn an Gheimhridh do dhaoine áitiúla. • Ceannairí a aimsiú go háitiúil agus iad a thraenáil. • Bolscaireacht níos fearr a dhéanamh ar an gColáiste – na meáin shóisialta ina measc. • Breis Feighlithe Tí a fháil & ceardlanna feasachta teanga a dhéanamh leo. • Cúrsaí Gairid do Theaghlaigh – Tuismitheoirí & Páistí ó lasmuigh den Ghaeltacht. • Cúrsaí do scoláirí 3ú leibhéal. • Cúrsaí do scoileanna lán Ghaeilge. • Cúrsaí do grúpaí 'Ciorcal Cainte'. ➤ Leabhrán a fhoilsiú ar bhonn reatha le nathanna cainte bunaithe ar Ghaeilge Mhúscraí (Aipeanna a fhorbairt timpeall ar an t-eolas a bhailítear). ➤ Frásaí / Abairtí bunaithe ar théamaí éagsúla chun Gaeilge Mhúscraí a chaomhnú agus a threisiú.	
Príomhúinéir an bhirt:	CFM, FPTM, CPTM	
Páirtithe leasmhara:	Coláiste na Mumhan (An Comhlachas), Coiste Tacaíochta Choláiste na Mumhan, Coiste Bailte Slachtmhara Béal Átha'n Ghaorthaidh, Údarás na Gaeltachta, Muintir na háite	
Saolré:	Socruithe agus ullmhúchán:	Bliain 1 – Coiste a bhunú agus plean a chur le chéile.
	Feidhmiú:	Bliain 2-7 Na spriocanna a chur i bhfeidhm.
Costas measta iomlán:	Bliain 1 - €2,000	

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

Costas measta in aghaidh na bliana:		Bliain 1 - €2,000 Costais taighde. Ag brath ar an bplean a chuirtear le chéile.				
Bliain 1 €2,000	Bliain 2 le deimhniú	Bliain 3 le deimhniú	Bliain 4 le deimhniú	Bliain 5 le deimhniú	Bliain 6 le deimhniú	Bliain 7 le deimhniú
Foinsí maoinithe:		RCOG & Conradh na Gaeilge				
Dúshlán fhéideartha:		Go mbeadh Coláiste na Mumhan agus an Fóram ar aon intinn.				
Réiteach molta:		Go mbeadh na spriocanna fadtéarmacha céanna ag an dá ghrúpa.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:		Go mbainfí amach na spriocanna atá leagtha síos sa phlean.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:		Is féidir leis an bhFóram CFM a choimeád ar an eolas agus Forim Monatóireachta C (lth.180) a líonadh le chéile.				

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

Beart 10.3		Coláiste Samhraidh Baile Mhúirne – Gael Linn				
Réimsí:		D, F, H, I, K				
Critéir pleanála teanga:		2, 3, 12, 19				
Aidhm:		Tacaíocht a thabhairt do Choiste Tacaíochta Gael Linn, Baile Mhúirne chun tacaíocht a thabhairt do choláiste samhraidh Gael Linn, Baile Mhúirne.				
Eolas breise:		• Caithfidh muintir na háite coiste a bhunú chun plean straitéiseach a chur le chéile i gcomhthéacs an Phlean Teanga don choláiste agus don sráidbhaile. • Tá cóip den litir a chur Gael Linn chugainn maidir le Baile Mhúirne agus an PT ar fáil ar iarraidh. Baineann sé leis na hiarrachtaí go gcaithfidh muintir an bhaile a dhéanamh i dtaobh na Gaeilge. • Breis Feighlithe Tí a earcú & ceardlanna feasachta teanga a dhéanamh leo. An bhfuil rialacha nua i dtaobh cúrsaí cánach? • Cad faoi foirgneamh Choláiste Íosagáin – an féidir aon rud a dhéanamh leis? Mar áras cónaithe? • Tá sé tábhachtach na cúrsaí seo a choimeád sa cheantar agus a fhorbairt – don Ghaeltacht agus don eacnamaíocht. • Go gcoimeádfadh Gael Linn muintir na háite ar an eolas maidir leis na riachtanais atá acu. • An bhfuil Gael Linn ag tabhairt a dhóthain tacaíocht do Choláiste Samhraidh Bhaile Mhúirne?				
Príomhúinéir an bhirt:		CFM, FPTM, Coiste Tacaíochta Gael Linn				
Páirtithe leasmhara:		Muintir na háite, Gael Linn, Coiste Tacaíochta, Údarás na Gaeltachta				
Saolré:		Socruithe agus ullmhúchán:		Bliain 1 – Coiste a bhunú agus plean a chur le chéile.		
		Feidhmiú:		Bliain 2-7 Na spriocanna a chur i bhfeidhm.		
Costas measta iomlán:		Bliain 1 - €2,000 Ag brath ar an bplean a chuirtear le chéile.				
Costas measta in aghaidh na bliana:		Bliain 1 - €2,000 Costais taighde. Ag brath ar an bplean a chuirtear le chéile.				
Bliain 1 €2,000	Bliain 2 le deimhniú	Bliain 3 le deimhniú	Bliain 4 le deimhniú	Bliain 5 le deimhniú	Bliain 6 le deimhniú	Bliain 7 le deimhniú
Foinsí maoinithe:		RCOG & Conradh na Gaeilge				
Dúshlán fhéideartha:		Go mbeadh muintir na háite ar an eolas faoin bplean agus na riachtanais atá leis an bplean.				
Réiteach molta:		Go mbeadh na spriocanna fadtéarmacha céanna ag an dá ghrúpa.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:		Go mbainfí amach na spriocanna atá leagtha síos sa phlean.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:		Is féidir leis an bhFóram CFM a choimeád ar an eolas agus Forim Monatóireachta C (lth.180) a líonadh le chéile.				

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

Beart 10.4		Páirc Súgartha – Cill na Martra				
Réimsí:		C, I, K				
Critéir pleanála teanga:		12, 19				
Aidhm:		Coiste Páirc Súgartha a bhunú i dteannta le Scoil Lachtaín Naofa i gCill na Martra.				
Eolas breise:		- Níl aon áit sa sráidbhaile inar féidir le daoine teacht le chéile amuigh faoin aer chun bualadh le páistí eile agus Gaeilge a labhairt. - Tá sé ríthábhachtach go mbeadh an áis seo ar fáil. - Coiste a bhunú. - Staidéar féidearthachta a dhéanamh. - Maoiniú a chuardach. - Polasaí Teanga a chur le chéile. - Páirc Súgartha a thógáil le comharthaí dátheangacha ar an trealamh agus na plandaí.				
Príomhúinéir an bhirt:		Scoil Lachtaín Naofa, CFM, FPTM, CPTM, Coiste Páirc Súgartha Chill na Martra,				
Páirtithe leasmhara:		Muintir na háite, Údarás na Gaeltachta, Naíonra Chill na Martra, Coiste Bailte Slachtmhara Chill na Martra				
Saolré:		Socrúithe agus ullmhúchán:	Bliain 1 – Coiste a bhunú. Staidéar féidearthachta a dhéanamh. Plean a chur le chéile.			
		Feidhmiú:	Bliain 2-7 Maoiniú a aimsiú. Polasaí Teanga a chur ar bun. An pháirc súgartha a thógáil.			
Costas measta iomlán:		Ag brath ar an bplean a chuirtear le chéile.				
Costas measta in aghaidh na bliana:		Ag brath ar an bplean a chuirtear le chéile.				
Bliain 1 €4,000	Bliain 2 --	Bliain 3 --	Bliain 4 --	Bliain 5 --	Bliain 6 --	Bliain 7 --
Foinsí maoinithe:		Comhairle Contae Chorcaí.				
Dúshlán fhéideartha:		Polasaí Teanga a chur i bhfeidhm. Suíomh a aimsiú don Pháirc Súgartha.				
Réiteach molta:		Toil mhuintir na háite - An Rang do thuismitheoirí agus lapadáin a thabhairt amach ann cúpla uair chun nathanna cainte agus cleachtas teanga a chur chun cinn sa pháirc súgartha. Poiblíocht mhaith a dhéanamh.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:		Go dtógfaí an pháirc súgartha.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:		Cruinniú le muintir na háite maidir leis an nGaeilge agus cur i bhfeidhm an Pholasaí Teanga.				

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

Beart 10.5		Cosán & Bealach Glas, Cúil Aodha				
Réimsí:		C, I, K				
Critéir pleanála teanga:		12, 19.				
Aidhm:		Coiste a bhunú i gCúil Aodha i dteannta le Coiste Bailte Slachtmhara Chúil Aodha chun an dá riachtanas seo a fhorbairt.				
Eolas breise:		Tá dhá rud i gceist anseo: A: Cosán a thógáil ar an bpríomh bóthar ionas gur féidir le daoine siúl nó rothaíocht go sábháilte ó Chúil Aodha go Baile Mhúirne. B: Bealach Glas – tá sé tábhachtach go mbeadh an áis seo ar fáil. Níl aon áit sa sráidbhaile chun siúlóid a dhéanamh. Coiste a bhunú & staidéar féidearthachta a dhéanamh. Polasaí Teanga a chur le chéile. An tsiúlóid a shiúil le Bunchlub Chúil Aodha agus ceardlann a dhéanamh leo maidir leis na plandaí, na héin s.rl. An tsiúlóid a shiúil leis an nGrúpa Tuismitheoirí & Lapadán agus ceardlann a dhéanamh leo maidir leis na frásaí a n-úsáidtear le linn na siúlóide.				
Príomhúinéir an bhirt:		CFM, FPTM, CPTM, Coiste Slí Siúlóide / Bealach Glas Chúil Aodha				
Páirtithe leasmhara:		Muintir na háite, Slí Gaeltacht Mhúscraí, Coiste Bailte Slachtmhara Chúil Aodha				
Saolré:		Socruithe agus ullmhúchán:	Bliain 2 – Coiste a bhunú. Staidéar féidearthachta a dhéanamh. Plean a chur le chéile.			
		Feidhmiú:	Bliain 3-7 Maoiniú a aimsiú. Polasaí Teanga a chur ar bun. An slí siúlóide a ullmhú.			
Costas measta iomlán:		Ag brath ar an staidéar féidearthachta.				
Costas measta in aghaidh na bliana:		Ag brath ar an bplean a chuirtear le chéile.				
Bliain 1 ---	Bliain 2 €4,000	Bliain 3 ---	Bliain 4 ---	Bliain 5 ---	Bliain 6 ---	Bliain 7 ---
Foinsí maoinithe:		Comhairle Contae Chorcaí.				
Dúshlán fhéideartha:		Conas a chabhraíonn sé seo leis an bplean teanga?				
Réiteach molta:		Toil mhuintir na háite. Imeachtaí trí Ghaeilge a eagrú a bhaineann úsáid as an slí siúlóide.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:		Go dtógfaí an slí siúlóide.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:		Cruinniú le muintir na háite maidir leis an nGaeilge agus cur i bhfeidhm an Pholasaí Teanga.				

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

Beart 10.6		AstroTurf i nGaeltacht Mhúscraí				
Réimsí:		C, H, I, K				
Critéir pleanála teanga:		12, 19				
Aidhm:		Staidéar féidearthachta a dhéanamh chun láthair astro turf a lonnú sa Ghaeltacht.				
Eolas breise:		- Áis tábhachtach a bheidh ann do mhuintir na háite. - Staidéar féidearthachta a dhéanamh. - Polasaí Teanga a chur le chéile ina leith.				
Príomhúinéir an bhirt:		CFM, FPTM, CPTM				
Páirtithe leasmhara:		Comhairle Pobal & Ceantar Bhaile Mhúirne, Peileadóirí an tSuláin, Muintir na háite				
Saolré:		Socruithe agus ullmhúchán:	Bliain 2 – Coiste a bhunú. Staidéar féidearthachta a dhéanamh. Plean a chur le chéile.			
		Feidhmiú:	Bliain 3-7 Maoiniú a aimsiú. Polasaí Teanga a chur ar bun.			
Costas measta iomlán:		Ag brath ar an bplean a chuirtear le chéile.				
Costas measta in aghaidh na bliana:		Ag brath ar an bplean a chuirtear le chéile.				
Bliain 1 ---	Bliain 2 €4,000	Bliain 3 ---	Bliain 4 ---	Bliain 5 ---	Bliain 6 ---	Bliain 7 ---
Foinsí maoinithe:		Urraíocht ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta & maoiniú CLÁR				
Dúshlán fhéideartha:		Conas a chabhraíonn sé seo leis an bplean teanga?				
Réiteach molta:		Toil mhuintir na háite. Polasaí Teanga láidir a bheith ann ón tús.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:		Go dtógfaí an astro-turf. Go mbeadh Gaeilge le cloisteáil agus na himreoirí ag spraoi ann.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:		Cruinniú le Coiste an Astro Turf agus maidir leis an nGaeilge agus cur i bhfeidhm an Pholasaí Teanga.				

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

Beart 10.7		Bothán na bhFear & Bothán na mBan, Béal Átha'n Ghaorthaidh				
Réimsí:		C, H, I, K				
Critéir pleanála teanga:		12, 19				
Aidhm:		Coiste a bhunú le féachaint an bhfuil éileamh agus slí ann chun na clubanna seo a bhunú.				
Eolas breise:		Tá ag eirí go han-mhaith leis na botháin seo mórthimpeall na tíre agus bheadh sé go hiontach a leithéid a bhunú go háitiúil Tabharfaidh sé deis do na baill Gaeilge a labhairt le chéile ar bhonn sóisialta.				
Príomhúinéir an bhirt:		CFM, FPTM, CPTM, Coiste Bothán na bhFear & na mBan				
Páirtithe leasmhara:		Muintir na háite, Údarás na Gaeltachta				
Saolré:		Socruithe agus ullmhúchán:	Bliain 2 – Coiste a bhunú. Plean a chur le chéile.			
		Feidhmiú:	Bliain 3-7 Maoiniú a aimsiú. Polasaí Teanga a chur ar bun.			
Costas measta iomlán:		Ag brath ar an bplean a chuirtear le chéile.				
Costas measta in aghaidh na bliana:		Ag brath ar an bplean a chuirtear le chéile.				
Bliain 1 ---	Bliain 2 €4,000	Bliain 3 ---	Bliain 4 ---	Bliain 5 ---	Bliain 6 ---	Bliain 7 ---
Foinsí maoinithe:		SECAD (http://www.secad.ie/community)				
Dúshláin fhéideartha:		Gaeilge a chur chun cinn mar theanga labhartha.				
Réiteach molta:		Go mbeadh áit lárnach ag an nGaeilge sa choiste agus ról lárnach ag CFM.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:		Go mbunófaí an dá chlub. Go mbeadh Polasaí Teanga acu. Go mbeidh Gaeilge le cloisteáil istigh sna clubanna.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:		Suí síos leis an dá ghrúpa go rialta chun labhairt leo faoin teanga s.rl. Foirm Monatóirachta 'A' (lth.180) a líonadh isteach leo.				

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

Beart 10.8		Ionad Áise, Réidh na nDoirí				
Réimsí:		C, H, I, K				
Critéir pleanála teanga:		12, 19				
Aidhm:		Go mbeadh áit lárnach ag an Ionad Áise sa phlean nuair atá imeachtaí á n-eagrú mar is iontach an áis é.				
Eolas breise:		Is áis nua-aimseartha í atá lonnaithe i lár Ghaeltacht Mhúscraí agus caithfimid muintir na háite agus CFM a spreagadh chun an áis iontach seo a úsáid níos minicí.				
Príomhúinéir an bhirt:		CFM, FPTM, CPTM				
Páirtithe leasmhara:		Ionad Áise, Muintir na háite, Údarás na Gaeltachta				
Saolré:		Socruithe agus ullmhúchán:			Bliain 1	
		Feidhmiú:			Bliain 1-7	
Costas measta iomlán:		- - -				
Costas measta in aghaidh na bliana:		- - -				
Foinsí maoinithe:		- - -				
Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7
- - -	-----	- - -	- - -	- - -	- - -	- - -
Dúshlán fhéideartha:		Athbheochan a dhéanamh ar an nós a bhíodh ann an Ionad Áise a úsáid do chúrsaí, ranganna, campaí srl.				
Réiteach molta:		Go dtosnódh CFM á úsáid níos mó.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:		Beidh níos mó imeachtaí ar siúl san Ionad Áise. Go mbainfidh CFM úsáid as an áis ar bhonn rialta. Go gcabhróidh an CFM leis an feachtas seo.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:		Ceist a chur ar Coiste an Ionad Áise (Mullach na Réidh). Aiscothú a fháil – deacrachtaí srl.				

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

Beart 10.9		Oifig an Phoist, Réidh na nDoirí				
Réimsí:		C, H, I, K				
Critéir pleanála teanga:		12, 19				
Aidhm:		Feachtas bolscaireachta chun daoine a mhealladh chun úsáid a bhaint as an Oifig an Phoist chun é a choimeád ar oscailt, croí an tsráidbhaile a chosaint agus an Ghaeilge a chaomhnú.				
Eolas breise:		Na seirbhísí atá ar fáil san Oifig an Phoist: • Is féidir billí a íoc ann. • Tá seirbhís ‘cashback’ ann s.rl.				
Príomhúinéir an bhirt:		CFM, FPTM, CPTM				
Páirtithe leasmhara:		Ionad Áise, Muintir na háite, Údarás na Gaeltachta				
Saolré:		Socruithe agus ullmhúchán:			Bliain 1	
		Feidhmiú:			Bliain 1-7	
Costas measta iomlán:		€1,750				
Bliain 1 €250	Bliain 2 €250	Bliain 3 €250	Bliain 4 €250	Bliain 5 €250	Bliain 6 €250	Bliain 7 €250
Costas measta in aghaidh na bliana:		Ag brath ar an bplean a chuirtear le chéile.				
Foinsí maoinithe:		CFM				
Dúshláin fhéideartha:		- - -				
Réiteach molta:		- - -				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:		Nach ndúntar síos an Oifig an Phoist. Go mbeadh feachtas bolscaireachta curtha ar bhun.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:		Labhairt le Coiste an Ionad Áise (Mullach na Réidh) chun na aischothú a fháil maidir leis an bhfeachtas.				

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

Beart 10.10		Suíomh Mullach na Réidh, Réidh na nDoirí				
Réimsí:		C, H, I, K				
Critéir pleanála teanga:		12, 19				
Aidhm:		Staidéar féidearthachta a dhéanamh ar an suíomh i Mullach na Réidh.				
Eolas breise:		Tá an suíomh seo folamh le tamall anuas. An féidir staidéar féidearthachta a dhéanamh le fáil amach cad iad na saghsanna rudaí a d’fhéadfaí a chur isteach ann. • Ionad <i>Zip Line</i>. • Ionad Turasóireachta/Halla / Café. • Astro-turf, Ionad Cúram Leanaí (crèche).				
Príomhúinéir an bhirt:		CFM, FPTM, CPTM				
Páirtithe leasmhara:		Ionad Áise, Muintir na háite, Údarás na Gaeltachta				
Saolré:		Socruithe agus ullmhúchán:			Bliain 3	
		Feidhmiú:			Bliain 4-7	
Costas measta iomlán:		€4,000 Staidéar Féidearthachta				
Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7
- - -	- - -	€4,000	- - -	- - -	- - -	- - -
Costas measta in aghaidh na bliana:		Ag brath ar an bplean a chuirtear le chéile.				
Foinsí maoinithe:		Údarás na Gaeltachta				
Dúshláin fhéideartha:		An tionscnamh is oiriúnaí a aimsiú.				
Réiteach molta:		Beidh Staidéar féidearthachta in ann an tionscnamh is fearr a aimsiú.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:		Go rachfaidh tionscnamh nua isteach ann.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:		Go bhfuil Polasaí Teanga curtha i bhfeidhm.				

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

Beart 10.11		Coiste Forbartha Bhaile Mhúirne				
Réimsí:		I, K				
Critéir pleanála teanga:		2, 3, 19				
Aidhm:		Coiste/Meitheal Forbartha a bhunú i mBaile Mhúirne				
Eolas breise:		Tá géarghá le coiste comhtháthaithe a bhunú i mBaile Mhúirne. Le linn an phróisis chomhairliúcháin tháinig go leor moltaí chun solais maidir le Baile Mhúirne a bheadh oiriúnach do mheitheal forbartha ionas go bhféadfaí plean straitéiseach a chur le chéile don sráidbhaile. • Plean Páirceála don sráidbhaile. • Leithris phoiblí don sráidbhaile. • Pleananna athnuachana sráidbhaile. • An seachbhóthar – plean a chur le chéile ina leith sin. • Suíomh oiriúnach d’fhéilte áitiúla • Tacaíocht do Cholaíste Samhraidh Gael Linn (Beart 10.3) Bheadh an coiste seo in ann a bheith ar an Public Participation Network (PPN) agus a bheith in ann teacht ar fhoinsí maoinithe don sráidbhaile. Sampla maith: Comhaltas Cosanta Chúil Aodha.				
Príomhúinéir an bhirt:		CFM, FPTM, CPTM				
Páirtithe leasmhara:		Muintir Bhaile Mhúirne & na heagraíochtaí pobail				
Saolré:		Socruithe agus ullmhúchán:			Bliain 1	
		Feidhmiú:			Bliain 2-7	
Costas measta iomlán:		Ag brath ar straitéis na meithle/an choiste.				
Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7
- - -	- - -	- - -	- - -	- - -	- - -	- - -
Costas measta in aghaidh na bliana:		Ag brath ar an bplean a chuirtear le chéile.				
Foinsí maoinithe:		Ag brath ar an bplean a chuirtear le chéile.				
Dúshlán fhéideartha:		Plean straitéiseach a chur le chéile.				
Réiteach molta:		Comhairle a fháil ó Chomhairle Contae Chorcaí / Údarás.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:		Go mbunófaí coiste forbartha agus spriocanna an choiste sin. Go bhfuil Polasaí Teanga láidir acu.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:		Dul chun cinn & spriocanna an choiste. Foirm ‘Tascairí Feidhmíochta’ a úsáid.				

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

6.11 Seirbhísí Sóisialta & Caitheamh Aimsire

Beart 11.1	Campaí Spraoi – Páistí Réamhscoile	
Réimsí:	B, J, K	
Critéir pleanála teanga:	10, 11, 12	
Aidhm:	Campaí Spraoi a reáchtáil i rith an tSamhraidh agus le linn briseadh na Cásca.	
Eolas breise:	- Campaí ina ndéantar ealaín, ceardaíocht, rince, amhránaíocht s.rl. - Tá Campaí ann cheana ach is fiú cinn nua a bhunú sna háiteanna nach bhfuilid ann agus iad go léir a thabhairt le chéile faoin mbrat chéanna – Áisitheoirí Mhúscraí / CFM.	
Príomhúinéir an bhirt:	CFM, FPTM, CPTM, Áisitheoirí Mhúscraí	
Páirtithe leasmhara:	Muintir Ghaeltacht Mhúscraí, Ionad Áise	
Saolré: =	Socruithe agus ullmhúchán:	Bliain 2 – Ullmhú & Áisitheoirí.
	Feidhmiú:	Bliain 3 - 7
Costas measta iomlán:	5 Campaí x 2 = 10 campai - Braitheann costas na gcampaí ar líon na bpáistí agus líon na n-áisitheoirí.	
Costas measta in aghaidh na bliana:	5 Campaí x 2 = 10 campai - Braitheann costas na gcampaí ar líon na bpáistí agus líon na n-áisitheoirí.	
Foinsí maoinithe:	Scéim na gCampaí Samhraidh (Muintearas) & Táillí na rannpháirtithe	
Dúshlán fhéideartha:	Níor cheart go mbeadh mar is moladh é seo a tháinig aníos go rialta le linn an phróisis chomhairliúcháin.	
Réiteach molta:	Níor cheart go mbeadh mar is moladh é seo a tháinig aníos go rialta le linn an phróisis chomhairliúcháin.	
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Aiseolas a fháil ó na tuismitheoirí. Tinreamh - líon na bpáistí ag freastal ar na campai. B'fhiú Foirm Monatóireachta 'B' (lth.180) a líonadh le foireann na gcampaí.	
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Go bhfuil Polasaí Teanga i bhfeidhm. Go bhfuil Gaeilge ag na háisitheoirí go léir. Go bhfuil Gaeilge le cloisteáil ag na campai.	

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

Beart 11.2	Campaí Spraioi – Daltaí Bunscoile	
Réimsí:	B, J, K	
Critéir pleanála teanga:	10, 11, 12	
Aidhm:	Campaí Spraioi a reáchtáil i rith an tSamhraidh agus le linn briseadh na Cásca.	
Eolas breise:	- Campaí ina ndéantar ealaín, ceardaíocht, rince s.rl. - Tá Campaí éagsúla ann cheana ach is fiú cinn nua a bhunú sna háiteanna nach bhfuilid ann agus iad go léir a thabhairt le chéile faoin mbrat chéanna – Áisitheoirí Mhúscraí / CFM.	
Príomhúinéir an bhirt:	CFM, FPTM, CPTM, Áisitheoirí Mhúscraí	
Páirtithe leasmhara:	Muintir na háite	
Saolré:	Socruithe agus ullmhúchán:	Bliain 2 – Ullmhú & Áisitheoirí.
	Feidhmiú:	Bliain 3-7
Costas measta iomlán:	5 Campaí x 2 = 10 campai - Braitheann costas na gcampaí ar líon na bpáistí agus líon na n-áisitheoirí.	
Costas measta in aghaidh na bliana:	5 Campaí x 2 = 10 campai - Braitheann costas na gcampaí ar líon na bpáistí agus líon na n-áisitheoirí.	
Foinsí maoinithe:	Scéim na gCampaí Samhraidh (Muintearas) & Táillí na rannpháirtithe	
Dúshlán fhéideartha:	Níor cheart go mbeadh mar is moladh é seo a tháinig aníos go rialta le linn an phróisis chomhairliúcháin.	
Réiteach molta:		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Aiseolas a fháil ó na tuismitheoirí. Tinreamh - líon na bpáistí ag freastal ar na campai. B'fhiú Foirm Monatóireachta 'B' (lth.180) a líonadh le foireann na gcampaí.	
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Go bhfuil Polasaí Teanga i bhfeidhm. Go bhfuil Gaeilge ag na háisitheoirí go léir. Go bhfuil Gaeilge le cloisteáil ag na campai.	

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

Beart 11.3		Am Scéalaíochta an tSathairn do dhaoine óga ☺				
Réimsí:		C, D				
Critéir pleanála teanga:		10, 18, 19				
Aidhm:		Scéalta idirghníomhacha gach Satharn do dhaoine óga. 3-5 bliana d’aois.				
Eolas breise:		- Gach maidin Dé Sathairn – scéalta, rannta s.r.l. le cabhair ó phuipéid & prapaí, agus polasaí teanga soiléir a bheith ann. - An Leabharlann i mBaile Mhúirne, Spraoi na Laoi i mBéal Átha’n Ghaorthaidh, Aire na nÓg i gCill na Marta agus an t-Ionad Áise i Réidh na nDoirí. - An féidir nasc a dhéanamh idir an cheardlann seo an scéim Teanga Tí atá ag Glór na Gael?				
Príomhúinéir an bhirt:		CFM, FPTM, CPTM, Áisitheoirí Mhúscraí				
Páirtithe leasmhara:		Comhairle Contae Chorcaí, An Leabharlann i mBaile Mhúirne, Ionad Áise i Réidh na nDoirí, Spraoi na Laoi i mBéal Átha’n Ghaorthaidh				
Saolré:		Socruithe agus ullmhúchán:			Bliain 2 – Clár a chur le chéile.	
		Feidhmiú:			Bliain 3-7 – Gach Satharn.	
Costas measta iomlán:		€32,400				
Costas measta in aghaidh na bliana:		3 ionad x 12 seachtainí x €150				
Bliain 1 - -	Bliain 2 €5,400	Bliain 3 €5,400	Bliain 4 €5,400	Bliain 5 €5,400	Bliain 6 €5,400	Bliain 7 €5,400
Foinsí maoinithe:		Comhairle Contae Chorcaí & Táillí, Glór na nGael agus CFM				
Dúshlán fhéideartha:		Níor cheart go mbeadh.				
Réiteach molta:		An togra a bhunú ar cheardlanna eile atá sna leabharlanna eile m.sh. Gymboree s.r.l.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:		Tinreamh ag na ranganna/ceardlanna. Beidh Gaeilge le cloisteáil istigh ann. Aiseolas a fháil ó na tuismitheoirí agus na háisitheoirí. Foirm Monatóireachta ‘A’ a líonadh isteach leo.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:		Tinreamh ag na ranganna/ceardlanna. Éileamh ar na ranganna/ceardlanna.				

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

Beart 11.4		Grúpaí Plé & Tae				
Réimsí:		C, F, J, K				
Critéir pleanála teanga:		10, 11, 12				
Aidhm:		Grúpaí Plé agus Tae a bhunú tar éis Aifrinn an Domhnaigh sna sráidbhailte.				
Eolas breise:		- Seo moladh a tháinig ó mhuintir Chúil Aodha agus Béal Átha’n Ghaorthaidh. - Is fiú Coiste a bhunú chun an dá Ghrúpa Plé & Tae seo a bhunú agus a reáchtáil. - A bheith daingean docht gurb ar son na Gaeilge agus cúrsaí sóisialta atá na clubanna seo á gcur le chéile. - Deis a thabhairt do dhaoine óga agus daoine fásta teacht le chéile ar bhonn rialta chun tae a ól agus Gaeilge a labhairt le chéile. Tá sé seo bunaithe i Réidh na nDoirí cheana agus is féidir comhairle a fháil uathu maidir leis an leagan amach atá acu.				
Príomhúinéir an bhirt:		CFM, FPTM, CPTM				
Páirtithe leasmhara:		Muintir na háite, Glór na nGael, ÚnaG, Oireachtas na Gaeilge				
Saolré:		Socruithe agus ullmhúchán:			Bliain 3 – É a eagrú	
		Feidhmiú:			Bliain 4-7	
Costas measta iomlán:		€5,000				
Costas measta in aghaidh na bliana:		€500 in aghaidh gach club x 2 club				
Bliain 1 --	Bliain 2 ---	Bliain 3 €500	Bliain 4 €500	Bliain 5 €500	Bliain 6 €500	Bliain 7 €500
Foinsí maoinithe:		Oireachtas na Gaeilge				
Dúshlán fhéideartha:		Gaeilge a bheith lárnach sa teacht le chéile.				
Réiteach molta:		Caithfidh an coiste a bheith láidir i dtaobh ról na Gaeilge ón tús agus go mbeadh sé seo ar eolas ag na daoine a bheidh ag freastal ar an teacht le chéile.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:		Go bhfuil Gaeilge á labhairt? Aischothú a fháil ó na rannpháirtithe agus baill na coistí maidir leis na deacrachtaí/láidreachtaí/laigeachtaí/moltaí úra.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:		Labhairt leis na coistí atá i bhfeighil ar na grúpaí. Foirm Monatóireachta ‘A’ (lth.180) a líonadh leo.				

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

Beart 11.5	Clubanna Leabhar i nGaeilge do dhaoine fásta	
Réimsí:	C, J, K	
Critéir pleanála teanga:	10, 11, 12	
Aidhm:	Clubanna Leabhar/Clubanna Léitheoireachta a bhunú do dhaoine fásta agus go dtiocfaidís le chéile uair sa mhí.	
Eolas breise:	An bhfuil an t-éileamh ann iad a bhunú i ngach sráidbhaile? Is fiú é seo a scrúdú agus ansin na clubanna a bhunú dá réir.	
Príomhúinéir an bhirt:	CFM, FPTM, CPTM, Áisitheoirí Mhúscraí	
Páirtithe leasmhara:	Muintir na háite, Ionad Áise	
Saolré:	Socruithe agus ullmhúchán:	Bliain 4 – Fiosrú.
	Feidhmiú:	Bliain 5 – 7 Eagrú.
Costas measta iomlán:	- -	
Costas measta in aghaidh na bliana:	- -	
Foinsí maoinithe:	- -	
Dúshlán fhéideartha:	Daoine a mhealladh isteach sna clubanna.	
Réiteach molta:	Ceardlann a reáchtáil i ngach sráidbhaile ar dtús chun fáil amach cad atá uathu.	
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Má bhunaítear na clubanna. Go bhfuil Gaeilge á úsáid sna clubanna. Polasaí teanga láidir curtha i bhfeidhm.	
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Tuaireasc a fháil ó na grúpaí leabhar/grúpaí léitheoireachta éagsúla ar bhonn bliantúil. Foirm Monatóireachta 'A' a líonadh isteach leo.	

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

Beart 11.6	Clubanna Ceoil Neamhfhoirmiúla	
Réimsí:	C, F, J, K	
Critéir pleanála teanga:	10, 11, 12	
Aidhm:	Clubanna ceoil neamhfhoirmiúla a bhunú.	
Eolas breise:	Clubanna ceoil neamhfhoirmiúla a bhunú do dhaoine óga agus daoine fásta.	
Príomhúinéir an bhirt:	CFM, FPTM, CPTM	
Páirtithe leasmhara:	Muintir na háite	
Saolré:	Socruithe agus ullmhúchán:	Bliain 3 – É a eagrú.
	Feidhmiú:	Bliain 4-7
Costas measta iomlán:	Ag brath ar struchtúr na gclubanna.	
Costas measta in aghaidh na bliana:	Ag brath ar struchtúr na gclubanna.	
Foinsí maoinithe:	Comhaltas Ceoltóirí Éireann	
Dúshlán fhéideartha:	Iad a choimeád neamhfhoirmiúil ach fiúntach.	
Réiteach molta:	Ceardlann a reáchtáil le daoine go bhfuil suim acu ann, le fáil amach cad é an saghas struchtúir atá uathu.	
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	An líon daoine ag freastal ar na clubanna. Go bhfuil Gaeilge á úsáid sna clubanna. Polasaí teanga láidir curtha i bhfeidhm.	
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Labhairt leis na rannpháirtithe agus na háisitheoirí. Foirm Monatóireachta 'A' a líonadh leo.	

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

Beart 11.7		‘Taispeáin Dúinn do Pheata’ ag Taispeántas Talmhaíochta Baile Mhúirne / Cúil Aodha				
Réimsí:		C, J				
Critéir pleanála teanga:		10, 11				
Aidhm:		1. Comórtas ‘Taispeáin Dúinn do Pheata’ a thosnú ag Taispeántas Baile Mhúirne / Cúil Aodha 2. An Taispeántas a leathnú go ‘Taispeántas Talmhaíochta Mhúscraí’				
Eolas breise:		1. Comórtas Peataí Mhúscraí - Comórtas - 60 soicind ag caint as Gaeilge faoi do pheata - cat, madra, uan, muc s.rl. - Moltóir / Ambasadóir a aimsiú. 2. An taispeántas a leathnú go ‘Taispeántas Talmhaíochta Mhúscraí’ - Tacaíocht a thabhairt don choiste. - Polasaí Teanga a fhorbairt. - Cuireadh a thabhairt d’iar-bhaill Choiste Taispeántas Talmhaíochta Bhéal Átha’n Ghaorthaidh a bheith páirteach.				
Príomhúinéir an bhirt:		Taispeántas Talmhaíochta Baile Mhúirne, CFM, FPTM, CPTM				
Páirtithe leasmhara:		Banna Céilí Lachtaín Naofa, Muintir na háite				
Saolré:		Socruithe agus ullmhúchán:		Bliain 1 – Eagrú.		
		Feidhmiú:		Bliain 2-7 - Comórtas a eagrú do dhaltaí Rang 3 & 4.		
Costas measta iomlán:		€2,400				
Costas measta in aghaidh na bliana:		Costas na nduaiseanna - €300 agus bolscaireacht €100				
Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7
- -	€400	€400	€400	€400	€400	€400
Foinsí maoinithe:		Dairygold Co-Op				
Dúshlán fhéideartha		Daoine a chur ar an eolas faoin gcomórtas nua seo.				
Réitigh:		Bolscaireacht a dhéanamh.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:		Tinreamh/ Líon na hiomaitheoirí. Go bhfuil Gaeilge á úsáid ag na hiomaitheoirí agus na háisitheoirí. Go bhfuil ‘Taispeántas Talmhaíochta Mhúscraí’ bunaithe. Go bhfuil polasaí teanga láidir acu.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:		Foirm Monatóireachta ‘A’ a líonadh isteach leis an chosite. Spriocanna an choiste .				

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

Beart 11.8		Céilí Mór – Cruinniú na Cásca				
Réimsí:		C, J				
Critéir pleanála teanga:		10, 11				
Aidhm:		Céilí a eagrú do dhaoine óga & daoine fásta i rith briseadh na Cásca.				
Eolas breise:		- Tá go leor moltaí tagtha ó na tuismitheoirí agus daoine óga go bhfuil easpa rince seite agus rince céilí sa cheantar. Is slí é seo chun athbheochan a dhéanamh ar an gceard spleodrach seo. - Beidh rince ar an gcéilí á fhoghlaim ag na páistí réamhscoile agus na páistí sna bunscoileanna, agus is slí maith é seo chun ‘taispeántas’ a dhéanamh agus teacht le chéile mór a eagrú. Tá nasc ag an mbeart seo le Beart 4.1.				
Príomhúinéir an bhirt:		CFM, FPTM, CPT, ÁM				
Páirtithe leasmhara:		Muintir na háite				
Saolré:		Socruithe agus ullmhúchán:		Bliain 2 – É a ullmú.		
		Feidhmiú:		Bliain 3-7		
Costas measta iomlán:		€5,000				
Costas measta in aghaidh na bliana:		Bolscaireacht & Ceol €1,000				
Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7
- -	- - -	€1,000	€1,000	€1,000	€1,000	€1,000
Foinsí maoinithe:		Comhairle Contae Chorcaí – Rannóg Oidhreachta mar chuid de Chruinniú na Cásca				
Dúshlán fhéideartha		Daoine a mhealladh chuig an ócáid.				
Réitigh:		Bolscaireacht mhaith a dhéanamh. Suíomh maith a roghnú.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:		Tinreamh. Gaeilge le cloisteáil ag an ócáid – á labhair ag na rannpháirtithe agus na háisitheoirí.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:		Foirm Monatóireachta ‘C’ a líonadh isteach leis an choiste.				

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

Beart 11.9		Tóraíocht Uibheacha Cásca do Theaghlaigh				
Réimsí:		C, J				
Critéir pleanála teanga:		10, 11				
Aidhm:		Comórtas bliantúil Tóraíocht Uibheacha Cásca a reáchtáil le linn briseadh na Cásca.				
Eolas breise:		Beidh sé dírithe ar theaghlaigh.				
Príomhúinéir an bhirt:		CFM, FPTM, CPTM, ÁM				
Páirtithe leasmhara:		Muintir na háite				
Saolré:		Socruithe agus ullmhúchán:			Bliain 3	
		Feidhmiú:			Bliain 4- 7	
Costas measta iomlán:		€2,000				
Costas measta in aghaidh na bliana:		Costas na n-ábhar - €300 agus bolscaireacht €200.				
Bliain 1 --	Bliain 2 ---	Bliain 3 ---	Bliain 4 €500	Bliain 5 €500	Bliain 6 €500	Bliain 7 €500
Foinsí maoinithe:		Comhlachtaí Áitiúla & Táillí				
Dúshlán fhéideartha		Daoine a chur ar an eolas faoin ócáid.				
Réitigh:		Bolscaireacht a dhéanamh.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:		Go mbeadh comórtas toraíocht uibheacha bliaintiúil ag feidhmiú as Gaeilge. Go bhfuil Gaeilge á úsáid ag gach éinne ann.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:		Foirm Monatóireachta ‘B’ (lth.180) a líonadh . Foirm Monatóireachta ‘A’ a líonadh leis na rannpháirtithe agus na háisitheoirí.				

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

6.12 Staid na Gaeilge sa Limistéar

Beart 12.1		Feachtas Feasachta				
Réimsí:		K				
Critéir pleanála teanga:		2, 12, 19				
Aidhm:		Feachtas feasachta a dhearadh chun nósanna teanga seanbhunaithe a dhéanann dochar don Ghaeilge a athrú.				
Eolas breise:		Tá go leor aiseolais faighte againn maidir le nósanna atá ann le fada an lá go mb’fhéidir gur féidir linn obair feasachta a dhéanamh orthu: - Nuair nach mbíonn tú cinnte má tá Gaeilge ag duine agus dá réir iompaítear ar an mBéarla. - Easpa muiníne í a labhairt. - Daoine go bhfuil Gaeilge acu – amanna bíonn siad mall Gaeilge a labhairt le daoine eile mar go gceapann siad go bhfuilid ag ‘brú’ na Gaeilge ar an duine sin. - Béarla a labhairt le duine go bhfuil Gaeilge acu. - Go gceapann daoine go bhfuil Gaeilgeoirí ardnósach i dtaobh na Gaeilge Is fiú ceardlanna a eagrú chun na ceisteanna seo a phlé níos mó i measc an phobal. An féidir teacht ar chúpla réiteach eile?				
Príomhúinéir an bhirt:		CFM, FPTM, CPTM				
Páirtithe leasmhara:		UCC, Údarás na Gaeltachta, Fóram Abhcóideachta, MPTM, Conradh na Gaeilge, Foras na Gaeilge, Muintir na háite				
Saolré:		Socruithe agus ullmhúchán:	Bliain 3 – Feachtas Feasachta a dhearadh le comhairleoirí teanga & comhairleoirí			
		Feidhmiú:	Bliain 4-7 – É a chur i bhfeidhm.			
Costas measta iomlán:		€15,000				
Costas measta in aghaidh na bliana:		€5,000 – Comhairleoireacht agus pleanáil (sa chéad bhliain). €2,000- Poiblíocht agus ábhar (in aghaidh na bliana). Áisitheoirí Abhcóideachta a aimsiú & a thraenáil.				
Bliain 1 - -	Bliain 2 - -	Bliain 3 €5,000	Bliain 4 €2, 500	Bliain 5 €2, 500	Bliain 6 €2, 500	Bliain 7 €2, 500
Foinsí maoinithe:		RCOG agus Conradh na Gaeilge				
Dúshlán fhéideartha:		Feachtas dearfach tarraingteach a dhearadh agus é a roinnt i measc an phobail.				
Réitigh:		A chinntiú gur feachtas bunaithe ar thaighde atá ann.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:		Go reachtálfaí na ceardlanna agus go dtiocfaidh moltaí úra & fiúntach amach astu.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:		Tuairisc a chur le chéile gach bliain. Foirm Monatoireachta ‘C’ (lth.180) a úsáid.				

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

Beart 12.2		Feachtas don Dátheangachas ag Cruinnithe Poiblí				
Réimsí:		H, K				
Critéir pleanála teanga:		2, 18, 19				
Aidhm:		Go raghaidh daoine i dtaithí ar chruinnithe dátheangacha a reáchtáil.				
Eolas breise:		- Tá sé ráite ag go leor coistí agus eagraíochtaí go bhfuil nósmaireacht ann iompú ar an mBéarla go rialta mar go mbíonn meascán de dhaoine le Gaeilge agus daoine gan Ghaeilge ag na cruinnithe s.rl. - An féidir comhairle a chur ar na coistí i dtaobh an cur chuige is fearr chun deá chleachtas teanga a fhorbairt. - An féidir leis na heagraíochtaí pobail agus na clubanna iarracht a dhéanamh cruinnithe dátheangacha a reáchtáil. Más Gaeilge atá á labhairt ag an ‘láithreoir’ is féidir le duine éigin eile ón gcoiste an leagan Béarla a rá. - Tá gá ann an próiseas dátheangach a normalú - déantar é i bParlaimint na hEorpa agus bheadh sé dearfach dá ndéanfaimís é, de réir a chéile tiocfaidh athrú ar an nós iompú ar an mBéarla.				
Príomhúinéir an bhirt:		CFM, CPTM, FPTM				
Páirtithe leasmhara:		Muintir na háite, Conradh na Gaeilge, Foras na Gaeilge, Eagraíochtaí Pobail, Coistí áitiúla				
Saolré:		Socruithe agus ullmhúchán:		Bliain 3 – Poiblíocht.		
		Feidhmiú:		Bliain 4-7		
Costas measta iomlán:		€21,000				
Costas measta in aghaidh na bliana:		€5,000 – Ag brath ar an éileamh. €1,000 - Poiblíocht agus ábhar.				
Bliain 1 - -	Bliain 2 - -	Bliain 3 €1,000	Bliain 4 €5,000	Bliain 5 €5,000	Bliain 6 €5,000	Bliain 7 €5,000
Foinsí maoinithe:		ÚnaG, FnaG, CnaG				
Dúshlán fhéideartha:		Nósanna seanbhunaithe a athrú.				
Réitigh molta:		Poiblíocht dearfach a dhéanamh ar an mbeart.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:		Beidh nasc ag an mbeart seo le Beart 7.1. Go mbeidh méadú ar líon na cruinnithe dhátheangach reachtálfaí sa cheantar. Labhairt leis na heagraíochtaí pobail agus coistí áitiúla maidir leis na dúshlán s.rl.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:		Ceardlanna a reáchtáil gach bliain chun aiseolas a fháil ó na hOifigigh Ghaeilge/ Coistí na heagraíochtaí. Teagmháil rialta a choiméad leis na heagraíochtaí				

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

Beart 12.3		Pacáiste Fáilte do Dhaoine Nua Isteach				
Réimsí:		K				
Critéir pleanála teanga:		8, 10, 19				
Aidhm:		Nuair a bhogann daoine isteach sa cheantar go mbeadh pacáiste eolais ar fáil dóibh maidir leis an gceantar agus an stádas Gaeltachta.				
Eolas breise:		➤ ‘Ar an gcéad dul síos caithfear cúpla pacáiste eolais a chur le chéile maidir leis an gceantar agus an stádas Gaeltachta: Daoine le páistí, Daoine le Gaeilge, Daoine gan Ghaeilge agus mar sin de. ➤ Gur féidir leis na hÁisitheoirí Abhcóideachta bualadh leis na daoine atá tar éis bogadh isteach sa cheantar chun fáilte a chur rompu agus chun labhairt leo faoin nGaeltacht, na háiseanna áitiúla, na heagraíochtaí pobail s.rl.				
Príomhúinéir an bhirt:		CFM, FPTM, CPTM				
Páirtithe leasmhara:		Áisitheoirí Mhúscraí - Áisitheoirí Abhcóideachta, Údarás na Gaeltachta, Muintir na háite				
Saolré:		Socruithe agus ullmhúchán:	Bliain 2 – Na pacáistí a chur le chéile (cúpla leabhar & cluichí).			
		Feidhmiú:	Bliain 3-7 - Nuair a bhogann daoine nua isteach sa cheantar is féidir fáilte a chur rompu.			
Costas measta iomlán:		€2,000				
Bliain 1 - -	Bliain 2 €500	Bliain 3 €300	Bliain 4 €300	Bliain 5 €300	Bliain 6 €300	Bliain 7 €300
Costas measta in aghaidh na bliana:		€500 - Ábhar a chur le chéile do na pacáistí.				
Foinsí maoinithe:		CFM, Údarás na Gaeltachta, Comhlachtaí áitiúla				
Dúshlán fhéideartha:		Níor cheart go mbeadh				
Réiteach molta:						
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:		Beidh a fhios ag CFM ón méid pacáistí a thabharfar amach agus is féidir aischothú a fhail ó ‘na daoine nua isteach’ tar éis bliana.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:		Go dtiocfaidh feabhas cuimsitheach ar na pacáistí bunaithe ar an aiseolas.				

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

Beart 12.4		Pacáiste do Tuismitheoirí atá ag Súil				
Réimsí:		K				
Critéir pleanála teanga:		8, 10, 19				
Aidhm:		Pacáiste tacaíochta agus eolais a chur le chéile do Thuismitheoirí atá ag Súil.				
Eolas breise:		- Is féidir pacáiste eolais a bhaineann leis na buntáistí do pháiste a thógaint le Gaeilge a chur le chéile. - Is féidir bolscaireacht a dhéanamh chun an scéal a scaipeadh go bhfuil an pacáiste seo ar fáil ó CFM agus gur féidir suí síos le duine éigin le tuilleadh eolais acu má theastaíonn a leithéid. - Tá ról ag na hÁisitheoirí Abhcóideachta anseo (Beart 2.1). - Is fiú d'éinne atá ag iompar clainne agus/nó ag smaoineamh ar a gclann a thógaint le Gaeilge féachaint ar an bhfíseán ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta https://www.youtube.com/watch?v=uZu7T75OQd0				
Príomhúinéir an bhirt:		CFM, FPTM, CPTM				
Páirtithe leasmhara:		Údarás na Gaeltachta, Áisitheoirí Abhcóideachta, Muintir na háite				
Saolré:		Socruithe agus ullmhúchán:		Bliain 3 – An pacáiste a chur le chéile.		
		Feidhmiú:		Bliain 4-7 - É a chur i bhfeidhm.		
Costas measta iomlán:		€2,400 – Ag brath ar an méid daoine ag súil le páiste.				
Costas measta in aghaidh na bliana:		€500 Dearadh agus foilsíú. €600 Poiblíocht, cóipeanna de bhileoga eolais.				
Bliain 1 --	Bliain 2 --	Bliain 3 --	Bliain 4 €600	Bliain 5 €600	Bliain 6 €600	Bliain 7 €600
Foinsí maoinithe:		CFM				
Dúshlán fhéideartha:		Níor cheart go mbeadh – is rud dearfach é seo.				
Réiteach molta:						
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:		Labhairt le na tuismitheoirí nuair atá an leanbh ullamh le freastal ar an Naíonra – aiseolas a fháil uathu.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:		Beidh a fhios ag CFM ón méid pacáistí a thabharfar amach. Is féidir na pacáistí a fheabhsú bunaithe ar an aiseolas.				

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

Beart 12.5		Giurléidí				
Réimsí:		K				
Critéir pleanála teanga:		19				
Aidhm:		Féiniúlacht a chothú i slí spráúil				
Eolas breise:		- An féidir le CFM comórtas a eagrú chun rudaí mar seo a dhearadh? - Is féidir giurléidí a fháil – saor in aisce - ó roinnt comhlachtaí éagsúla chomh maith, m.sh. Cúla4, TG4, Foras na Gaeilge, Coláiste na hOllscoile Corcaigh s.rl. - Is féidir iad a dháileadh ag ócáidí áitiúla. - Is breá le daoine óga agus daoine fásta rudaí mar seo. Greamaitheoirí don ghluaisteán, Pionnaí, Bráisléid Ghaeilge, Pinn Luaidhe, Stuif ó Cúla4, Pinn, Scáthanna Fearthainne, Cártaí Poist, Cupáin s.rl. Is féidir nasc a dhéanamh idir an bheart seo agus Beart 6.6.				
Príomhúinéir an bhirt:		CFM, FPTM, CPTM				
Páirtithe leasmhara:		Na hEagraíochtaí Pobail, Muintir na hÁite, Gnóthaí Áitiúla, Foras na Gaeilge				
Saolré:		Socruithe agus ullmhúchán:		- -		
		Feidhmiú:		Bliain 1-7		
Costas measta iomlán:		€3,000				
Costas measta in aghaidh na bliana:		€500				
Bliain 1 - - -	Bliain 2 €500	Bliain 3 €500	Bliain 4 €500	Bliain 5 €500	Bliain 6 €500	Bliain 7 €500
Foinsí maoinithe:		CFM, Eagraíochtaí Stáit				
Dúshlán fhéideartha:		- - - -				
Réitigh:		- - - -				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:		Beidh siad le feiscint - Feiceálacht. An méid éileamh atá ar na giurléidí. Líon na daoine a chuirean isteach ar an gcomórtas.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:		Beidh siad le feiscint - Feiceálacht. Líon na giurléidí nua deartha.				

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 6 – Na Bearta

Beart 12.6	Ambasadóirí	
Réimsí:	F	
Critéir pleanála teanga:	10	
Aidhm:	Ambasadóirí a aithint.	
Eolas breise:	- Go mbeadh ambasadóirí ó gach sráidbhaile aitheanta agus go dtosóidís ar an Turas Teanga seo i dtaca leis an PT. - Go mbeidís ar fáil ag ócáidí sóisialta agus ócáidí do dhaoine óga. Meascán ambasadóirí a aimsiú - daoine gan Ghaeilge a aimsiú agus go dtosóidís ar thuras teanga cosúil leis an dornálaí Bernard Dunne nó fuirseoir Des Bishop, agus daoine le Ghaeilge a aimsiú chomh maith.	
Príomhúinéir an bhirt:	CFM, FPTM, CPTM	
Páirtithe leasmhara:	Glór na nGael	
Saolré:	Socruithe agus ullmhúchán:	Bliain 2
	Feidhmiú:	Bliain 3-7
Costas measta iomlán:	- - -	
Costas measta in aghaidh na bliana:	- - -	
Foinsí maoinithe:	CFM & Glór na nGael	
Dúshlán fhéideartha:	- - -	
Réitigh:	- - -	
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Go mbeidh grúpa Ambasadóirí aitheanta, agus ag freastal ar na hócáidí áitiúla. Go mbeidh roinnt do na hAmbasadóirí ag freastal ar ranganna Gaeilge mar chuid den ‘turas teanga’.	
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Go mbeidh Ambasadóirí nua á aimsiú de réir a chéile. Foirm Monatóireachta ‘B’ (lth.180) a líonadh isteach leis na hAmbasadóirí.	

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 7 – Costais & Maoiniú

7. Costais & Maoiniú

Tá briseadh síos ar na mionchostais a bhaineann le gach beart istigh sna bearta i gCaibidil 6 ach sa cháipéis ar an gcéad leathanach eile tá briseadh síos ar na costais ar fad le chéile ionas gur féidir iad go léir a fheiscint le chéile agus a scrúdú le chéile. Tá costais fostaíochta san áireamh.

€900,475.00	An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
€314,475.00	Foinsí Eile
€ 81,875.00	Táillí
€1,296,825.00	Iomlán
€ 64,841.25	+ 5% Teagmhas
€1,361,666.25	Mór iomlán thar seacht mbliana

Beidh costais eile nach féidir linn a léiriú go fóill ach táimid ag súil go dtiocfaidh foinsí maoinithe nua chun cinn le linn saolré an phlean teanga agus beidh foireann an phlean teanga i gcónaí ag faire amach do na scéimeanna seo.

Seo a leanas na scéimeanna maoinithe agus na páirtithe leasmhara lena mbaineann na costais:

- An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (RCOG)
- Údarás na Gaeltachta (ÚnaG)
- Foras na Gaeilge
- Comhairle Contae Chorcaí (CCC)
- Muintearas
- Glór na nGael
- Conradh na Gaeilge
- Gaeloideachas
- Gael Linn
- Cumann na bhFiann
- Oireachtas na Gaeilge
- Ealaín na Gaeltachta (EnaG)
- LEADER
- Bord Fáilte / Fáilte Ireland
- An Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS)
- CLÁR
- Enterprise Ireland
- Dairygold Co-op
- Comhlachtaí i gceantar Gaeltachta Mhúscraí
- Comharchumann Forbartha Mhúscraí (CFM)
- Táillí Rannpháirtíochta ón bpobal (Táillí)

Caibidil 7 - Buiséad

	BEART	Bliain a 1	Bliain a 2	Bliain a 3	Bliain a 4	Bliain a 5	Bliain a 6	Bliain a 7	FOINSE MAONIÚ	RCOG	FOINSÍ EILE	TÁILLÍ
	1. FEIDHMIÚ AN PHLEAN TEANGA											
1	1.1 - Comharchumann Forbartha Mhúscraí	€ -	€ -	€ -	€ -	€ -	€ -	€ -				
2	1.2 - Fóram Pleanála Teanga Mhúscraí	€ 1,000.00	€ -	€ -	€ -	€ -	€ -	€ -	CFM			
3	1.3 Comhordaitheoir Pleanála Teanga Mhúscraí*	€ 45,000.00	€ 45,000.00	€ 45,000.00	€ 45,000.00	€ 45,000.00	€ 45,000.00	€ 45,000.00	RCOG			
	1.3 Comhordaitheoir Pleanála Teanga Mhúscraí	€ 750.00	€ -	€ -	€ -	€ -	€ -	€ -	CFM			
4	1.4 Áisitheoirí Mhúscraí	€ 31,000.00	€ 33,000.00	€ 40,000.00	€ 47,500.00	€ 59,500.00	€ 62,500.00	€ 70,000.00	RCOG			
5	1.5 - Suíomh Idirlín Lárnach	€ 2,750.00	€ 750.00	€ 750.00	€ 750.00	€ 750.00	€ 750.00	€ 750.00	CFM			
6	1.6 - Nuachtlitir Eolais Chlóite	€ 3,000.00	€ 3,000.00	€ 3,000.00	€ 3,000.00	€ 3,000.00	€ 3,000.00	€ 3,000.00	CFM			
7	1.7 - Bainisteoir Margaíocht Dhigiteach (Páirt Aimseartha)	€ 12,500.00	€ 12,000.00	€ 12,000.00	€ 12,000.00	€ 12,000.00	€ 12,000.00	€ 12,000.00	RCOG			
8	1.8 - Fóram Aistritheoirí Ar-líne	€ -	€ -	€ -	€ -	€ -	€ -	€ -	CFM			
9	1.9 Lee Valley Outlook - An Múscraíoch	€ -	€ -	€ -	€ -	€ -	€ -	€ -	CFM			
	IOMLÁN - RCOG	€ 88,5000.00	€90,000.00	€ 97,000.00	€104,500.00	€116,500.00	€119,500.00	€127,000.00	RCOG	€ 743,000.00		
	IOMLÁN FOINSÍ EILE	€ 7,500.00	€ 3,750.00	€ 3,750.00	€ 3,750.00	€ 3,750.00	€ 3,750.00	€ 3,750.00	CFM		€ 30,000.00	
	2. DEISEANNA FOGHLAMA LASMUIGH DEN CHÓRAS OIDEACHAIS											
10	2.1 Seirbhísí Teanga Mhúscraí	€ 21,750.00	€ 23,500.00	€ 30,500.00	€ 38,000.00	€ 50,000.00	€ 53,000.00	€ 60,500.00	RCOG			
	2.1 Seirbhísí Teanga Mhúscraí	----	€ 5,875.00	€ 7,625.00	€ 9,500.00	€ 12,500.00	€ 13,250.00	€ 15,125.00	Táillí			
	2.1 Seirbhísí Teanga Mhúscraí	€ 21,750.00	€60,500.00	€ 60,500.00	€ 60,500.00	€ 60,500.00	€ 60,500.00	€ 60,500.00	Iomlán			
11	2.2 Áisitheoirí d'Imeachtaí Cultúrtha	€ 5,750.00	€ 6,000.00	€ 6,000.00	€ 6,000.00	€ 6,000.00	€ 6,000.00	€ 6,000.00	RCOG			
	2.2 Áisitheoirí d' Imeachtaí Cultúrtha	-----	€ 3,000.00	€ 3,000.00	€ 3,000.00	€ 3,000.00	€ 3,000.00	€ 3,000.00	E. Na G. & SnaCD			
	2.2 Áisitheoirí d' Imeachtaí Cultúrtha	----	€ 3,000.00	€ 3,000.00	€ 3,000.00	€ 3,000.00	€ 3,000.00	€ 3,000.00	Táillí			

Caibidil 7 - Buiséad

	2.2 Áisitheoirí d' Imeachtaí Cultúrtha	€ 5,750.00	€12,000.00	€ 12,000.00	€ 12,000.00	€ 12,000.00	€ 12,000.00	€ 12,000.00	Iomlán			
12	2.3 Áisitheoirí d' Imeachtaí Breise	€ 3,500.00	€ 3,500.00	€ 3,500.00	€ 3,500.00	€ 3,500.00	€ 3,500.00	€ 3,500.00	RCOG			
13	2.4 Scéim Scoláirí Samhraidh	€ -	€ 6,500.00	€ 6,500.00	€ 6,500.00	€ 6,500.00	€ 6,500.00	€ 6,500.00	RCS - UnaG			
14	2.5 Tacaíocht do Thuismitheoirí daltaí bunscoile gan Chaeilge	€ -	€ -	€ -	€ -	€ -	€ -	€ -	RCOG & CFM			
15	2.6 Fóram Chainteoirí Dúchais	€ -	€ -	€ -	€ -	€ -	€ -	€ -	RCOG & GnaG			

Caibidil 7 - Buiséad

16	2.7 Ceardlann - Daoine ó thíortha eile	€ -	€ -	€ -	€ -	€ -	€ -	€ -	RCOG &GnaG			
17	2.8 Scoil Cheoil Mhúscraí	€4,000	€ -	€ -	€ -	€ -	€ -	€ -	ÚnaG			
	IOMLÁN RCOG	Beart 1.4	Beart 1.4	Beart 1.4	Beart 1.4	Beart 1.4	Beart 1.4	Beart 1.4		Beart 1.4		
	IOMLÁN FOINSÍ EILE	€ 4,000.00	€ 9,500.00	€ 9,500.00	€ 9,500.00	€ 9,500.00	€ 9,500.00	€ 9,500.00			€61,000.00	
	IOMLÁN TÁILLÍ	€ -	€ 8,875.00	€ 10,625.00	€ 12,500.00	€ 15,500.00	€ 16,250.00	€18,125.00				€ 81,875.00
3. SEIRBHÍCÍ CÚRAM LEANAÍ & RÉAMHSCOLAÍOCHTA & TACAÍOCHTA TEAGHLAIGH												
18	3.1 Ionad Cúram Leanaí i nGaeltacht Mhúscraí (Crèche)	€ 4,000.00	€ -	€ -	€ -	€ -	€ -	€ -	ÚnaG			
19	3.2 Dlúthdhiosca & leabhar le léaráidí ó Gaeltacht Mhúscraí (0-5 bliana)	€ 1,000.00	€ 1,000.00	€ 12,000.00	€ -	€ -	€ -	€ -	RCOG			
20	3.3 Grúpaí Tuismitheoirí & Lapadáin	€ 6,500.00	€ 6,500.00	€ 6,500.00	€ 6,500.00	€ -	€ -	€ -	RCOG			
21	3.4 Club Tar éis scoile Spraoi na Laoi, Béal Átha'n Ghaorthaidh	€ -	€ 3,250.00	€ 3,250.00	€ 3,250.00	€ -	€ -	€ -	RCOG			
22	3.5 Cúramóirí Leanaí le Gaeilge	€ -	€ -	€ 2,000.00	€ -	€ -	€ -	€ -	CFM			
23	3.6 Tacaíocht do Theaghlaigh ag tógaint clainne trí Ghaeilge	€ -	€ -	€ -	€ -	€ -	€ -	€ -				
	IOMLÁN RCOG	€ 7,500.00	€10,750.00	€ 21,750.00	€ 9,750.00	€ -	€ -	€ -		€49,750.00		
	IOMLÁN FOINSÍ EILE	€ 4,000.00	€ -	€2,000	€ -	€ -	€ -	€ -			€ 6,000.00	
4. AN CÓRAS OIDEACHAIS												
24	4.1 Rince ar an gCéilí - Bunscoileanna	€ -	€ -	€ 12,500.00	€ 12,500.00	€ 12,500.00	€ 12,500.00	€ 12,500.00	iomlán			
	4.1 Rince ar an gCéilí - Bunscoileanna	€ -	€ -	€ 9,000.00	€ 9,000.00	€ 9,000.00	€ 9,000.00	€ 9,000.00	LEADER			

Caibidil 7 - Buiséad

	4.1 Rince ar an gCéilí - Bunscoileanna	€	-	€	-	€ 3,500.00	€ 3,500.00	€ 3,500.00	€ 3,500.00	€ 3,500.00	RCOG			
25	4.2 Gala Snámha - Bunscoileanna	€	-	€	-	€	-	€	-	€ 1,650.00	Iomlan			
	4.2 Gala Snámha - Bunscoileanna	€	-	€	-	€	-	€	-	€ 825.00	RCOG			
	4.2 Gala Snámha - Bunscoileanna	€	-	€	-	€	-	€	-	€ 825.00	EILE			
26	4.3 Scéim Píolótach- Cleachtas Teanga sa Chlós Scoile	€	-	€ 5,000.00	€ 7,000.00	€ 7,000.00	€ 7,000.00	€ 7,000.00	€ 7,000.00	€ 7,000.00	RCOG			
27	4.4 Tráth na gCeist - Iarbhunscoileanna	€	-	€ 1,000.00	€ 1,000.00	€ 1,000.00	€ 1,000.00	€ 1,000.00	€ 1,000.00	€ 1,000.00	RCOG			
28	4.5 Córas Feasachta Teanga a bhunú do Thuismitheoirí le leanaí sna Naíonraí	€ 5,000.00	€ 5,000.00	€ 5,000.00	€ 5,000.00	€ 5,000.00	€ 5,000.00	€ 5,000.00	€ 5,000.00	€ 5,000.00	CNNG/UnaG/CFM			
29	4.6 Scoláirí 3ú Leibhéal	€	-	€	-	€	-	€	-	€	-			
	IOMLÁN RCOG	€	-	€ 6,000.00	€ 11,500.00	€ 11,500.00	€ 11,500.00	€ 11,500.00	€ 11,500.00	€ 12,325.00		€64,325.00		
	IOMLÁN FOINSÍ EILE	€ 5,000.00	€ 5,000.00	€ 14,000.00	€ 14,000.00	€ 14,000.00	€ 14,000.00	€ 14,000.00	€ 14,000.00	€ 14,825.00			€80,825.00	

Caibidil 7 - Buiséad

	5. SEIRBHÍSÍ DON AOS ÓG & D'AOISGHRÚPAÍ EILE										
30	5.1 Clubanna Óige Mhúscraí - Tacaíocht & Polasaithe Teanga	-----	-----	-----	-----	-----	-----	-----	Muintearas		
31	5.2 Clubanna Óige - Imeachtaí Breise & Ionad Bualadh Isteach	€4,000.00	-----	-----	-----	-----	-----	-----	Muintearas		
32	5.3 Acmhainní & Foilseacháin	-----	€ 500.00	€ 650.00	€ 650.00	€ 650.00	€ 650.00	€ 650.00	CFM		
33	5.4 Acmhainní Nuatheicneolaíochta	-----	€ 250.00	€ 500.00	€ 500.00	€ 500.00	€ 500.00	€ 500.00	CFM		
	IOMLÁN RCOG	€4,000.00	----	--	--	--	--	--			
	IOMLÁN FOINSÍ EILE	€ -	€ 750.00	€ 1,150.00	€ 1,150.00	€ 1,150.00	€ 1,150.00	€ 1,150.00			€ 6,500.00
	6. AN EARNÁIL GHNÓ AGUS TURASÓIREACHT CHULTÚRTHA										
34	6.1 Feachtas Turasóireachta – Stráitéis turasóireachta Chultúrtha a fhorbairt	€ 3,000.00	€ 3,000.00	---	---	---	---	---	BORD FAILTE/CCC		
35	6.2 Féilte áitiúla a fhorbairt & Féilte Gaeltachta nua a bhunú	----	----	----	----	----	----	----	Scéim na bhFéilte + Leader		
36	6.3 Féile Domhnach Cincise	----	----	----	----	----	----	----	Scéim na bhFéilte + Leader		
37	6.4 Féile Cheoil	----	----	----	----	----	----	----	Scéim na bhFéilte + Leader		
38	6.5 Cartlann Phobal / Iarsmalann Mhúscraí	----	----	----	€ 4,000.00	----	----	----	ÚnaG/CCC &GnaG		
39	6.6 Gnóthaí Áitiúla – Cleachtais Teanga	----	----	----	----	----	----	----	CFM		
40	6.7 Gnóthaí Áitiúla – Scéim Tacaíochta Gnó	----	----	€ 2,000.00	€ 2,000.00	€ 2,000.00	€ 2,000.00	€ 2,000.00	Foras na Gaeilge		
41	6.8 Lárionad Fiontraíochta Gnó	€ 4,000.00	----	----	----	----	----	----	ÚnaG/Enterprise Irl.		
42	6.9 Comhlachtaí Áitiúla – Rogha Teanga	----	----	----	----	----	----	----	Comhlachtaí		
43	6.10 Coiste Sóisialta na gComhlachtaí a bhunú	----	----	----	----	€ 2,000.00	€ 2,000.00	€ 2,000.00	Comhlachtaí		
44	6.11 Feirmeoirí Áitiúla	----	----	----	----	----	----	----			
	IOMLÁN FOINSÍ EILE	€ 7,000.00	€3,000.00	€ 2,000.00	€ 6,000.00	€ 4,000.00	€ 4,000.00	€ 4,000.00			€30,000.00
	7. EAGRAÍOCHTAÍ POBAIL & CLUBANNA										

Caibidil 7 - Buiséad

45	7.1 Polasaithe Teanga ag gach coiste, eagraíocht pobail, club	----	----	----	----	----	----	----	CFM		
46	7.2 Cleachtais teanga – Na hIonad Lae	----	----	€ -	€ 5,100.00	€ 5,100.00	€ 5,100.00	€ 5,100.00	RCOG		
	IOMLÁN RCOG	€ -	€ -	€ -	€ 5,100.00	€ 5,100.00	€ 5,100.00	€ 5,100.00		€ 20,400.00	
	.8. NA MEÁIN CHUMARSÁIDE										
47	8.1 Raidió na Gaeltachta	----	----	----	----	----	----	----	CFM		
48	8.2 Cúla 4, TG4	----	----	----	----	----	----	----	CFM		
49	8.3 Feachtas na nGaeltachtaí - The Late Late Toy Show	----	----	----	----	----	----	----	CFM		

Caibidil 7 - Buiséad

	IOMLÁN FOINSÍ EILE	€ -	€ -	€ -	€ -	€ -	€ -	€ -			
	.9. SERIBHÍSÍ POIBLÍ										
50	9.1 An Eaglais - Cleachtais Teanga	-----	-----	-----	-----	-----	-----	-----	CFM		
51	9.2 Seribhís Ghaeilge - Comhar Creidmheasa Mhaigh Chromtha	-----	-----	€ 1,000.00	€ 1,000.00	€ 1,000.00	€ 1,000.00	€ 1,000.00	tbc		
	IOMLÁN FOINSÍ EILE	€ -	€ -	€ 1,000.00	€ 1,000.00	€ 1,000.00	€ 1,000.00	€ 1,000.00	tbc		€ 5,000.00
	10. PLEANÁIL & FORBAIRT FHSICEACH	-----									
52	10.1 Feiceálacht na Gaeilge	-----	€ 2,000.00	tbc	tbc	tbc	tbc	tbc	CCC & CnaG		
53	10.2 Coláiste na Mumhan - Tearmann Teanga	€ 2,000.00	-----	-----	-----	-----	-----	-----	RCOG & CnaG		
54	10.3 Coláiste Samhraidh – Gael Linn, Baile Bhúirne	€ 2,000.00	-----	-----	-----	-----	-----	-----	RCOG & CnaG		
55	10.4 Páirc Súgartha – Cill na Martra	€ 4,000.00	-----	-----	-----	-----	-----	-----	CCC +		
56	10.5 Cosán & Bealach Glas - Cúil Aodha	-----	€ 4,000.00	-----	-----	-----	-----	-----	CCC		
57	10.6 AstroTurf – Baile Bhúirne	-----	€ 4,000.00	-----	-----	-----	-----	-----	CCC		
58	10.7 Botháin na bhFear & na mBan, Béal Atha'n Ghaorthaidh	-----	-----	-----	-----	-----	-----	-----	CFM		
59	10.8 Ionad Áise, Reidh na nDóirí	-----	-----	-----	-----	-----	-----	-----	CFM		
60	10.9 Oifig an Phoist, Réidh na nDóirí	€250	€250	€250	€250	€250	€250	€250	CFM		
61	10.10 Suíomh Mullach na Réidh, Réidh na nDóirí	-----	-----	€4,000	-----	-----	-----	-----	ÚnaG		
62	10.11 Meitheal Forbartha Bhaile Mhúirne	-----	-----	-----	-----	-----	-----	-----			
	IOMLÁN RCOG	€ 4,000.00	€ -	€ -	€ -	€ -	€ -	€ -		€ 4,000.00	
	IOMLÁN FOINSÍ EILE	€ 4,250.00	€10,250.00	€ 4,250.00	€ 250.00	€ 250.00	€ 250.00	€ 250.00			€19,750.00
	11. SEIRBHÍSÍ SÓISIALTA & CAITHEAMH AIMSIRE										
63	11.1 Campaí Spraoi - Páistí Réamhscolaíochta	---	---	---	---	---	---	---	Muintearas		

Caibidil 7 - Buiséad

64	11.2 Campaí Spraoi – Daltaí Bunscoile	---	---	---	---	---	---	---	Muintearas		
65	11.3 Am Scéalaíochta an tSathairn do dhaoine óga	---	€5,400	€ 5,400.00	€ 5,400.00	€ 5,400.00	€ 5,400.00	€ 5,400.00	CCC & CFM, GnanG & Táillí		
66	11.4 Grúpaí Plé & Tae - Scéim Píolótach	---	---	€ 1,000.00	€ 1,000.00	€ 1,000.00	€ 1,000.00	€ 1,000.00	Qireachtas na G.		
67	11.5 Clubanna Léitheoireachta do dhaoine fásta	---	---	---	---	---	---	---	CFM		
68	11.6 Clubanna Ceoil Neamhfhoirmiúla	---	---	---	---	---	---	---	CFM		
69	11.7 Taispeán Dúinn do Pheata' ag Taispeántas Talmhaíochta Baile Bhuirne / Cúil Aodh	---	€ 400.00	€ 400.00	€ 400.00	€ 400.00	€ 400.00	€ 400.00	Dairygold		

Caibidil 7 - Buiséad

70	11.8 Céilí Mór - Cruinniú na Cásca	---	---	€ 1,000.00	€ 1,000.00	€ 1,000.00	€ 1,000.00	€ 1,000.00	CCC - Cruinniú na Cásca			
71	11.9 Toraíocht Uibheacha Cásca do Theaghlaigh	---	---	€ 500.00	€ 500.00	€ 500.00	€ 500.00	€ 500.00	Comhlachtaí áitiúla			
	IOMLÁN FOINSÍ EILE	€ -	€ 5,800	€ 8,300.00	€ 8,300.00	€ 8,300.00	€ 8,300.00	€ 8,300.00			€ 0	47,300.0
	12. STAID NA GAEILGE SA LIMISTÉAR											
72	12.1 Feachtas Feasachta	---	---	€ 5,000.00	€ 2,500.00	€ 2,500.00	€ 2,500.00	€ 2,500.00	RCOG & CnaG			
73	12.2 Feachtas don Dátheangachais ag Cruinnithe Poiblí.	---	---	€ 1,000.00	€ 5,000.00	€ 5,000.00	€ 5,000.00	€ 5,000.00	ÚnaG			
74	12.3 Pacáiste Fáiltiú do Dhaoine Nua Isteach	---	€ 500.00	€ 300.00	€ 300.00	€ 300.00	€ 300.00	€ 300.00	CFM			
75	12.4 Pacáiste do Tuismitheoirí atá ag Súil	---	---	---	€ 600.00	€ 600.00	€ 600.00	€ 600.00	CFM			
76	12.5 Giurléidí	---	€ 500.00	€ 500.00	€ 500.00	€ 500.00	€ 500.00	€ 500.00	Glór na nGael			
77	12.6 Ambasadóirí Gaeilge	---	---	---	---	---	---	---	Glór na nGael			
	IOMLÁN RCOG	€ -	€ -	€ 5,000.00	€ 2,500.00	€ 2,500.00	€ 2,500.00	€ 2,500.00	RCOG	€ 0	15,000.0	
	IOMLÁN FOINSÍ EILE	€ -	€ 1,000.00	€ 1,800.00	€ 6,100.00	€ 6,400.00	€ 6,400.00	€ 6,400.00	EILE		€ 0	28,100.0
	IOMLÁN RCOG	€ 104,000.00	€ 106,750.00	€ 135,250.00	€ 133,350.00	€ 135,600.00	€ 138,600.00	€ 146,925.00	€ 900,475.00	€ 900,475.00	€ 314,475.00	€ 81,875.00
	IOMLÁN FOINSÍ EILE	€ 31,750.00	€ 39,050.00	€ 47,750.00	€ 50,050.00	€ 48,350.00	€ 48,350.00	€ 49,175.00	€ 314,475.00	RCOG	FOINSÍ EILE	TÁILLÍ
	IOMLÁN TÁILLÍ	€ -	€ 8,875.00	€ 10,625.00	€ 12,500.00	€ 15,500.00	€ 16,250.00	€ 18,125.00	€ 81,875.00			
	* Tá incrimint don tuarastal san áireamh sa teagmhais								IOMLÁN	€ 1,296,825.00	IOMLÁN	€ 1,296,825.00
										MÓIDE TEAGMHAS 5%	€	64,841.25
										MÓR-IOMLÁN	€	1,361,666.25

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 7 – Costais agus Maoiniú

7.2 Saolré na mBeart

Ag Ullmhú

Beart I bhfeidhm

Níl an Beart tosaithe go fóill

Beart	Bliain	1	2	3	4	5	6	7
1. FEIDHMIÚ AN PHLEAN TEANGA								
1.1 Comharchumann Forbartha Mhúscraí								
1.2 Fóram Pleanála Teanga Mhúscraí								
1.3 Comhordaitheoir Pleanála Teanga Mhúscraí								
1.4 Áisitheoirí Mhúscraí								
1.5 Suímh Idirlín Lárnach								
1.6 Nuachtlitir Eolais Chlóite								
1.7 Bainisteoir Margaíocht Dhigiteach (Páirt Aimseartha)								
1.8 Fóram Aistritheoirí Ar-líne								
1.9 Lee Valley Outlook – An Múscraíoch								
2. DEISEANNA FOGHLAMA LASMUIGH DEN CHÓRAS OIDEACHAIS		1	2	3	4	5	6	7
2.1 Seirbhísí Teanga Mhúscraí								
2.2 Áisitheoirí d’Imeachtaí Cultúrtha								
2.3 Áisitheoirí d’Imeachtaí Breise								
2.4 Scéim Scoláirí Samhraidh								
2.5 Tacaíocht do Thuismitheoirí Bunscoile gan Ghaeilge								
2.6 Fóram Chainteoirí Dúchais								
2.7 Ceardlann - Daoine ó thíortha eile								
2.8 Scoil Cheoil Mhúscraí								
3. SEIRBHÍSÍ CÚRAM LEANAÍ & RÉAMHSCOLAÍOCHTA & TACAÍOCHTA TEAGHLAIGH		1	2	3	4	5	6	7
3.1 Ionad Cúram Leanaí i nGaeltacht Mhúscraí (Crèche)								
3.2 Dlúthdhiosca & leabhrán ó Ghaeltacht Mhúscraí (0-5 bliana)								
3.3 Cleachtas teanga & tacaíocht do thuismitheoirí daltaí réamhscolaíochta.								
3.4 Club Tar éis scoile Spraoi na Laoi, Béal Átha’n Ghaorthaidh								
3.5 Cúramóirí Leanaí le Gaeilge								
3.6 Tacaíocht do Theaghlaigh ag tógaint clainne trí Ghaeilge								
4. AN CÓRAS OIDEACHAIS		1	2	3	4	5	6	7
4.1 Rince ar an gCéilí - Bunscoileanna								
4.2 Gala Snámha - Bunscoileanna								
4.3 Scéim Píolótach – Cleachtas Teanga sa Chlós Scoile								
4.4 Tráth na gCeist - Iarbunscoileanna								
4.5 Córas Feasachta Teanga do Thuismitheoirí le leanaí sna Naíonraí								
4.6 Scoláirí 3ú Leibhéil								

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 7 – Costais agus Maoiniú

5. SEIRBHÍISÍ DON AOS ÓG & D'AOISGHRÚPAÍ EILE	1	2	3	4	5	6	7
5.1 Clubanna Óige – Tacaíocht & Polasaithe Teanga							
5.2 Clubanna Óige – Imeachtaí Breise & Ionad Bualadh Isteach							
5.3 Acmhainní & Foilseacháin							
5.4 Acmhainní Nuathecineolaíochta							
6. AN EARNÁIL GNÓ & TURASÓIREACHT CHULTÚRTHA	1	2	3	4	5	6	7
6.1 Feachtas Turasóireachta – Stráitéis turasóireachta Chultúrtha							
6.2 Féilte áitúla a fhorbairt & Féilte Gaeltachta nua a bhunú							
6.3 Féile Domhnach Cincise							
6.4 Féile Cheoil							
6.5 Cartlann Phobal / Iarsmalann Mhúscraí							
6.6 Gnóthaí Áitiúla – Cleachtais Teanga							
6.7 Gnóthaí Áitiúla – Scéim Tacaíochta Gnó							
6.8 Lárionad Fiontraíochta Gnó							
6.9 Comhlachtaí Áitúla – Rogha Teanga							
6.10 Coiste Sóisialta na gComhlachtaí áitúla a bhunú							
6.11 Feirmeoirí Áitiúla							
7. EAGRAÍOCHTAÍ POBAIL & CLUBANNA	1	2	3	4	5	6	7
7.1 Polasaithe Teanga ag gach coiste, eagraíocht pobail, club							
7.2 Cleachtais teanga – Na hIonad Lae							
8. NA MEÁIN CHUMARSÁIDE	1	2	3	4	5	6	7
8.1 Raidió na Gaeltachta							
8.2 Cúla 4, TG4							
8.3 Feachtas na nGaeltachtaí - The Late Late Toy Show							
9. SEIRBHÍISÍ POIBLÍ	1	2	3	4	5	6	7
9.1 An Eaglais – Cleachtais Teanga							
9.2 Seribhís Ghaeilge - Comhar Creidmheasa Mhaigh Chromtha							
10. PLEANÁIL & FORBAIRT FHSICEACH	1	2	3	4	5	6	7
10.1 Feiceálacht na Gaeilge							
10.2 Coláiste na Mumhan - Tearmann Teanga							
10.3 Coláiste Samhraidh – Gael Linn, Baile Bhúirne							
10.4 Páirc Súgartha – Cill na Martra							
10.5 Cosán & Bealach Glas - Cúil Aodha							
10.6 AstroTurf i nGaeltacht Mhúscraí							
10.7 Botháin na bhFear & na mBan, Béal Atha'n Ghaorthaidh							
10.8 Ionad Áise, Réidh na nDóirí							
10.9 Oifig an Phoist, Réidh na nDóirí							
10.10 Suíomh Mullach na Réidh, Réidh na nDóirí							
10.11 Meitheal Forbartha Bhaile Mhúirne							

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 7 – Costais agus Maoiniú

11. SEIRBHÍISÍ SÓISIALTA & CAITHEAMH AIMSIRE							
11.1 Campaí Spraoi – Páistí Réamhscolaíochta							
11.2 Campaí Spraoi – Daltaí Bunscoile							
11.3 Am Scéalaíochta an tSathairn do dhaoine óga							
11.4 Grúpaí Plé & Tae							
11.5 Clubanna Léitheoireachta do dhaoine fásta							
11.6 Clubanna Ceoil Neamhfhoirmiúla							
11.7 ‘Taispeán Dúinn do Pheata’ ag Taispeántas Talmhaíochta Baile Bhúirne / Cúil Aodha							
11.8 Céilí Mór – Cruinniú na Cásca							
11.9 Comórtas Tóraíocht Uibheacha Cásca do Theaghlaigh							
12. STAID NA GAELGE SA LIMISTÉAR							
12.1 Feachtas Feasachta							
12.2 Feachtas don Dátheangachais ag Cruinnithe Poiblí.							
12.3 Pacáiste Fáiltiú do Dhaoine Nua Isteach							
12.4 Pacáiste do Tuismitheoirí atá ag Súil							
12.5 Giurléidí							
12.6 Ambasadóirí Gaeilge							

Caibidil 8 – Forbairt Feasachta agus Poiblíocht

8. Forbairt Feasachta agus Poiblíocht

Ó thús thréimhse ullmhúcháin an phlean tuigeadh go raibh rannpháirtíocht an phobail fíorthábhachtach agus go raibh sé ríthábhachtach an pobal ar fad a spreagadh sa phróiseas pleanála teanga agus chun airdeall fheasacht teanga a ardú. Dá réir déanadh iarracht ollmhór é sin a bhaint amach trí theagmháil phearsanta le réimse leathan daoine idir dhaltaí bunscoile, daltaí meánscoile, tuismitheoirí agus baill na ngrúpaí pobail le meascán de ghlaonna gutháin, ceistneoirí, ceardlanna agus cruinnithe agus le feachtas poiblíochta láidir.

8.1 Forbairt Feasachta

Tá na bearta bunaithe ar thuairimí agus moltaí ó phobal Ghaeltacht Mhúscraí i leith na Gaeilge agus dá réir tá nasc láidir idir na bearta, an pobal agus feasacht teanga. Tacóidh an plean teanga chun cleachtais teanga agus feasacht teanga an phobail a fhorbairt agus beidh sé á threisiú ar bhonn níos leithne agus níos doimhne de réir mar a bheidh na bearta á gcur i bhfeidhm.

Le linn an phróisis chomhairliúcháin dúirt muintir na háite arís agus arís eile **go bhfuil an dualgas orainn go léir cinneadh comhfhiosach a dhéanamh faoin nGaeilge agus an cleachtas teanga**. Tá glactha leis an ráiteas seo mar cheann de na príomh-spriocanna atá leagtha amach sa phlean teanga againn.

Tá cur síos níos cuimsithí i dtaca le forbairt feasachta go háitiúil le fáil i *gCaibidil 4 – Ullmhú an Phlean*.

8.2 Poiblíocht

Le linn an phróisis chomhairliúcháin déanadh go leor poiblíochta trí mheascán modhanna éagsúla;

- Iriseán saor in aisce an Lee Valley Outlook
- Raidió na Gaeltachta.
- Suíomh idirlín sealadach an Chomharchumainn, mar aon le cuntas Facebook agus Twitter an Chomharchumainn.
- Nuachtlitreacha na nAifreann áitiúil agus nuachtlitir leictreonach Béal Átha Abú.
- Leathanach Gaeilge seachtainiúil ‘Scéalta Ó Mhúscraí’ i nuachtán an Evening Echo.
- Bileoga eolais.
- Póstaeir.

Tá cur síos níos cuimsithí maidir leis an bpoiblíocht a déanadh mar chuid den phróiseas pleanála teanga le fáil i *gCaibidil 4 – Ullmhú an Phlean*.

Déanadh cinneadh poiblíocht dhátheangach a úsáid mar go bhfuil go leor daoine i Limistéar Pleanála Teanga Mhúscraí nach bhfuil mórán Gaeilge acu agus daoine gan aon Ghaeilge, agus aontaíodh go raibh sé thar a bheith tábhachtach go mbeidís siúd páirteach agus lárnach sa phlean teanga seo.

Caibidil 8 – Forbairt Feasachta agus Poiblíocht

Leanfaidh an fhoireann pleanála teanga ag baint úsáide as na modhanna forbairt feasachta agus poiblíochta thuas le linn saolré an phlean, ach chomh maith leis sin tá 5 bheart ar leith a chabhróidh chun na spriocanna atá ann i dtaobh poiblíochta i measc na n-aoisghrúpaí ar fad:

Beart 1.5 - Suíomh idirlín lárnach

- Beidh suíomh idirlín cuimsitheach á bhunú a fhreastalóidh ar an gceantar ar fad agus ar an bPlean Teanga. Beidh eolas á chur ar fáil ann maidir le ranganna reatha, imeachtaí reatha, frásaí úsáideacha, foinsí maoinithe, eolaire gnó, nuacht áitiúil, cruinnithe, nuacht ó na scoileanna s.rl.
- Beidh sé mar áis bheoga ag muintir Ghaeltacht Mhúscraí chun an pobal a choimeád ar an eolas, chun na sráidbhailte a nascadh agus an Ghaeilge a chur chun cinn i measc an phobail.
- Spreagfaidh sé seo rannpháirtíocht ón bpobal.
- Beidh a leithéidí Twitter, Facebook agus Instagram ceangailte leis an suíomh.
- Beidh nasc láidir idir mhuintir na háite agus an plean teanga.
- Beidh muintir na háite suas chun dáta maidir le scéal bhuntáistí na Gaeilge, le polasaithe nua, polasaí oideachais na gaeltachta s.rl.

Beart 1.6 - Nuachtlitir eolais chlóite

- An pobal a choimeád ar an eolas maidir le dul chun cinn an phlean teanga agus chun nasc a chruthú idir an pobal agus Fóram Pleanála Teanga Mhúscraí.
- Nuachtlitir gach 3 mhí lán le heolas - cad atá le déanamh, cad atá déanta s.rl.
- Beidh nasc láidir ann idir mhuintir na háite agus an plean teanga.
- Beidh blúire beag i ngach eagrán maidir leis an nGaeilge agus an dátheangachas, m.sh. an tumoideachas agus na buntáistí a bhaineann leis.
- Beidh eolas ann maidir le foinsí maoinithe do choistí, eagraíochtaí agus cumann áitiúla.

Beart 1.9 - Lee Valley Outlook – An Mhúscraíoch

- Tá iris áitiúil ann ‘Lee Valley Outlook’. Foilsítear é gach coicís. Is iris as Béarla atá ann. Le déanaí tá scéalta as Gaeilge á chur isteach san iris ón dá mheánscoile sa Ghaeltacht. Táimid chun dhá leathanach tiomnaithe do scéalta ón gceantar as Gaeilge a chur isteach ann.
- Is anseo a bhfaighfear gach eolas faoi imeachtaí a bheidh ar bun sa cheantar (m.sh. ranganna rince ar an gcéilí), faoi eagrais atá ag obair anseo, faoi stair ársa an cheantair, faoin gcultúr agus faoi phobal na háite.
- Nasc á chruthú agus feasacht á threisiú idir mhuintir Mhúscraí agus daoine taobh amuigh den Ghaeltacht.

Beart 1.8 - Fóram Aistritheoirí ar líne

- Cuirfear fóram aistritheoirí le chéile chun tacaíocht a thabhairt do na coistí agus eagraíochtaí áitiúla níos mó Gaeilge a úsáid nuair atá bolscaireacht á dhéanamh agus fógraí á gcur le chéile acu.

Caibidil 8 – Forbairt Feasachta agus Poiblíocht

Beart 1.3 - Comhordaitheoir Pleanála Teanga Mhúscraí

- Beidh an té a cheapfar lonnaithe in áit lárnach i nGaeltacht Mhúscraí ionas go bhfeicfidh daoine oifig an phlean teanga agus go mbeidh siad ar an eolas go bhfuil sé ann agus oscailte do dhaoine chun bualadh isteach agus cúrsaí teanga a phlé.

Plean Teanga Mhúscraí

Caibidil 9 – Feidhmiú agus Monatóireacht

9. Feidhmiú agus Monatóireacht

Plean seacht mbliana - tá na bearta go léir bunaithe ar thuairimí agus moltaí ó phobal Gaeltacht Mhúscraí. Bainfidh amach na bearta seo trí sraith gníomhachtaí móra agus beaga. Beidh an plean teanga ag fás, ag athrú agus ag forbairt ó bhliain go bliain agus dá réir beidh géarghá le monatóireacht leanúnach. Creideann Foireann Pleanála Teanga Mhúscraí go mbraitheann todhchaí na Gaeilge sa cheantar ar fheidhmiú bhearta an phlean.

9.1 Mór-mhonatóireacht

Is maith an rud é go mbeidh an próiseas monatóireachta seo á threisiú ag an An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta trí athbhreithniú eatramhach seachttrach a dhéanamh;

“Tá sé tábhachtach chomh maith go bhfuil sé i gceist ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta go ndéanfar athbhreithniú eatramhach ar gach plean teanga agus go ndéanfar é sin i mbliain 3 den chur i bhfeidhm de ghnáth. Tá sé i gceist freisin go ndéanfar athbhreithniú críochnúil ar gach plean teanga agus go ndéanfar é sin i mbliain 6 den chur i bhfeidhm de ghnáth.” (Treoirínte Pleanála Teanga, An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe & Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta agus Foras na Gaeilge)

Beidh teacht le chéile ag Fóram Pleanála Teanga Mhúscraí, Comhordaitheoir Pleanála Teanga Mhúscraí agus Comharchumann Forbartha Mhúscraí chun clár oibre monatóireachta a dhaingniú chomh luath a thugtar an solas glas do Phlean Teanga Mhúscraí.

“Cinntíonn córas ceart monatóireachta go mbeidh an próiseas pleanála teanga ag brath ar fhianaise reatha (nó taighde ‘beo’ comhoibríoch) agus bunaithe ar chur chuige dinimiciúil tomhaiste. Baineann easpa monatóireachta an bonn de sheasamh agus de thairbhe an phróisis.” (Ní Dhúda L., 2014. Roghanna. Glór na nGael)

9.2 Monatóireachta Rialta

Is fiú athbhreithniú eatramhach a dhéanamh go himmheánach tar éis gach sé mhí chun a chinntiú go bhfuil na spriocanna á mbaint amach agus chun tionchar agus éifeacht na mbearta a thomhas. Beidh sé seo tábhachtach chomh maith chun na laigí a bhaineann leis na bearta a fháil amach agus conas réitigh oiriúnacha a chur i gcrích ina leith.

9.2.1 Monatóireacht Ról Phobal Mhúscraí

Baineann an plean teanga le daoine ach go háirithe. Tá sé thar a bheith tábhachtach go mbeadh spioraid rannpháirtíochta an phobail áitiúil á fhorbairt agus á threisiú an t-am go léir le linn an phróisis.

- Tá sé tábhachtach leis go mbeadh feasacht sa phobal maidir le spriocanna an phlean teanga. Cabhróidh *Beart 1.5 - Suíomh idirlín* agus *Beart 1.6 - Nuachtlitir eolais chlóite* chun é seo a bhaint amach.

Caibidil 9 – Feidhmiú agus Monatóireacht

- Tá sé tábhachtach go mbeadh an deis acu tacaíocht agus aiseolas a thabhairt i rith tréimshe feidhmiúcháin an phlean teanga. Tá sé i gceist na ceistneoirí a úsáideadh le linn chéim ullmhúcháin an phlean a scaipeadh arís gach dara bliain chun an t-eolas seo a bhailiú agus a thomhas.
- Beidh gréasán teagmhála á chothú idir CFM, FPTM, CPTM agus na páirtithe leasmhara chomh maith.

9.2.2 Struchtúr Oibre & Ról na Ceanneagraíochta

Caithfidh CFM a chinntiú go gcomhlíontar an mhéid atá sa phlean agus go ndéantar monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach ar an bplan.

- I gcás formhór na mbeart ní mór don Chomharchumann tuairisc a chur i gcrích go leathbhliantúil ar bhaint amach na spriocanna a luaitear sa phlean.
- Spás oifige a aimsiú don Chomhordaitheoir Pleanála Teanga agus don Bhainisteoir Margaíocht Dhigiteach.
- Ionadaithe a aimsiú d'Fhóram Pleanála Teanga Mhúscraí.

9.2.3 Ról Chomhordaitheoir Pleanála Teanga Mhúscraí

Beidh nasc láidir idir an Fóram Pleanála Teanga agus an Comhordaitheoir. Mar a shonraítear i mBeart 1.3 beidh an Comhordaitheoir freagrach as cur i bhfeidhm na mbeart agus as tuairiscí míosúla leanúnacha a thabhairt do FPTM i dtaca le feidhmiú na mbeart.

9.2.4 Struchtúr Oibre & Ról Fhóram Pleanála Teanga Mhúscraí

Mar a shonraítear i mBeart 1.2 beidh ionchur leanúnach agus ról lárnach ag Fóram Pleanála Teanga Mhúscraí (FPTM) agus an Coiste Stiúrtha. Tiocfaidh FPTM le chéile 4 uair sa bhliain. Tabharfaidh an Choiste Stiúrtha tacaíocht do gach beart atá sa phlean agus a fheidhmeoidh mar choiste stiúrtha agus monatóireachta agus tiocfaidh an Coiste Stiúrtha le chéile uair sa mhí le tuairisc oibre a fháil ón gComhordaitheoir le plé a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Phlean Teanga agus le moltaí a thabhairt ina leith.

- Tá córas 'Dialann Teanga' le forbairt ag an bhFóram Pleanála Teanga agus an Comhordaitheoir, agus seo a leanas an bunstruchtúr atá curtha le chéile ina leith.

9.3 Dialann Teanga

Bunaithe ar an moladh atá sa lámhleabhar eolais 'Roghanna' le Laoise Ní Dhúda tá sé i gceist dialann a choimeád mar chóras monatóireachta. Beidh trí chéim i gceist.

1. Nuair is ranganna nó ceardlanna atá i gceist is féidir leis na hÁisitheoirí éagsúla Foirm A a líonadh isteach chun eolas a chur ar fáil don Chomhordaitheoir maidir le tinreamh, aiseolas srl.;
2. Is féidir leis an gComhordaitheoir *Foirm B* a líonadh; agus
3. Is féidir leis an FPTM agus an Comhordaitheoir bualadh lena chéile chun *Foirm C* a líonadh i dteannta a chéile.

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 9 – Feidhmiú agus Monatóireacht

Foirm A - Foirm Monatóireachta Samplach do na hÁisitheoirí

Uimhir an bhirt & Cur síos ar an mbeart	
Cad a d'oibrigh	
Cad nár oibrigh	
Aon mholadh eile	
An chéad chéim eile	
Tinreamh	

Foirm B - Foirm Monatóireachta Samplach don Chomhordaitheoir

Uimhir an bhirt & Cur síos ar an mbeart	
Réimsí an bhirt	
Aidhm an bhirt	
Príomhúinéir an bhirt	
Páirtithe leasmhara	
Saolré an bhirt	
Costas an bhirt	
Cad a d'oibrigh	
Cad nár oibrigh	
Aon mholadh eile	
An chéad chéim eile	
Tinreamh	
Monatóireacht	
Láidreachtaí	Laigí
Deiseanna	Bagairtí

***Foirm C - Foirm Monatóireachta Samplach
don Fhóram Pleanála Teanga & don Chomhordaitheoir***

Uimhir an bhirt & Cur síos ar an mbeart	
Aidhm	
Cé atá freagrach	
An cur chuige	
Cad a d'oibrigh	
Cad nár oibrigh	
Aon mholadh eile	
An chéad chéim eile	
An Toradh Sealadach (le líonadh ag deireadh na bliana)	
An Toradh Buan (le líonadh ag deireadh na bliana)	

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 9 – Feidhmiú agus Monatóireacht

9.4 Táscairí Feidhmíochta

Beidh na táscairí feidhmíochta¹ seo leanas in úsáid chun a chinntiú go bhfuil spriocanna an Phlean á mbaint amach:

Táscaire Feidhmíochta	An Sprioc	An Toradh (le líonadh ag deireadh na bliana)
Nótaí		

9.5 Ról na Limistéirí Pleanála eile

Tá córas bunaithe ag Údarás na Gaeltachta chun tacaíocht a thabhairt do na ceanneagraíochtaí sna LPTann trí cheardlanna agus cruinnithe a reáchtáil. Tá sé tábhachtach go leanfaidís ar aghaidh ag forbairt an naisc seo idir na LPTanna ar fad ionas gur féidir leo eolas agus taithí a mhalartú agus a roinnt.

Chomh maith leis sin tá 2 bheart i bPlean Teanga Mhúscraí ina n-éilítear comhoibriú leis na LPTanna eile. Is feachtais náisiúnta iad.

- Beart 5.4 - Acmhainní Nuatheicneolaíochta; agus
- Beart 8.3 - Feachtas na nGaeltachtaí – The Late Late Toy Show

9.6 Monatóireacht Fadama - 2021.

Tá sé i gceist againn Monatóireacht Fadama a dhéanamh leis na scoláirí bunscoile a líon na ceistneoirí le linn an phróisis comhairliúcháin i mbliana. ‘Sé is brí atá le seo ná bualadh leis na daltaí bunscoile sin arís i gceann 5 bliana eile i 2021. Beidh na daltaí sin tar éis bogadh ó Rang 3, 4, 5 & 6 sa bhunscoil go Bliain 2, 3, 4 & 5 san iarbhunscoil. Is slat tomhais láidir agus suimiúil a bheidh ann chun comparáid a dhéanamh agus chun éifeacht na mbearta a thomhas.

9.7 Monatóireacht ag deireadh na 7 mbliana - 2025

Tá sé tábhachtach go mbeadh monatóireacht leanúnach ar bun i gcaitheamh na tréimhse seacht mbliana agus i dtreo deireadh na seacht mbliana ionas go mbeidh an fhoireann phleanála ullamh má tá plean eile le theacht tar éis an tréimshe seacht mbliana seo. Is fiú é seo a dhéanamh chun leanúnachas na spriocanna a chinntiú agus chun dréacht-bhearta nua a chur le chéile bunaithe ar thorthaí agus láidreachtaí an phlean seo.

¹ Teimpléad Monatóireachta ó Teoirilnte Pleanála Teanga arna bhfoilsíú ag an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta agus Foras na Gaeilge

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 10 - English Summary – Achoimre Béarla

10. THE MUSCRAÍ GAELTACHT IRISH LANGUAGE PLAN 2017.

After a lengthy process of public consultation and research, the Language Plan for the Múscraí Gaeltacht has now been prepared for public consultation prior to a final submission for approval to the Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht.

10.1 Introduction:

There are 9 Chapters in the proposed plan. They were initially written entirely in Irish. The following is a brief summary, in English, of each chapter. The introduction gives a summary of the Values, Vision and Objectives that are at the core of the Language Plan. It reiterates the importance of the role of the community and it's stakeholders. It also thanks the people involved in the preparation process.

The following are the primary Objectives of the Irish Language plan:

10.2 Objectives

- **SOCIAL ACTIVITIES AND EVENTS** – to provide a wide range of social activities through the medium of Irish for every age group thus increasing the amount of informal Irish being used in the community.
- **PARENTS** – Support services for parents through a range of informal Irish language workshops, formal Irish language classes, social activities through the medium of Irish. Resources to help with school work, more information about the benefits of bilingualism
- **IRISH CLASSES** – to provide a wide range of Irish language classes, both formal and informal, for all age groups.
- **CHILDCARE CENTRE (Crèche)**- The sooner the child hears Irish, the better. A childcare centre needs to be developed in Gaeltacht Mhúscraí to provide early education and childcare facilities through the medium of Irish.
- **CONSCIOUS DECISION** – The people and the local business must make a conscious decision to speak more Irish.
- **HOUSEHOLD LANGUAGE** – To increase the amount of Irish being spoken at home:

Household language – National School Students 2016	2021	2025
28.7% Irish and English	29%	32%
57.3% English	57%	54%
7.3% Gaeilge	7.6%	10.6%
Household language – Secondary School Students 2016	2021	2025
23% Irish and English	23.3%	26.3%
67% English	66.7%	63.7%
6% Irish	6.3%	9.3%

Plean Teanga Mhúscraí
Caibidil 10 - English Summary – Achoimre Béarla

Household language – Parents / Guardians 2016	2021	2025
42% Parents that speak Irish more than half the time	42.3%	45.3%

- **LANGUAGE AWARENESS** – raise a sense of awareness, pride and place when speaking Irish.
- **IRISH LANGUAGE POLICIES** – to increase the number of Irish language policies being created and implemented by local businesses, community groups and public centres.
- **NUMBER OF IRISH SPEAKERS** – Measures to be taken to stop the decline in the number of Irish speakers between 2018 and 2021 and to stop the increase in the number of people without any Irish. And again to increase the number of Irish speakers and reduce the number of people without Irish between 2021 – 2025

	2016	2021	2025
People with Irish	76.8%	78%	82%
Daily Speakers	41%	42%	45%
Daily Speakers outside the education system	23.1%	25%	30%
People without Irish	21.17%	20%	18%

- **NUMBER OF IRISH SPEAKING PRE-SCHOOL CHILDREN** – To increase the number of pre-school children with ‘good Irish’ & ‘native speakers’ by the end of the plan

	2015/2016	2016/2017	2021	2025
Children with ‘Good Irish’ and ‘Native Speakers’	16%	11%	15%	17%

- **POLICY ON GAELTACHT EDUCATION** – That each of the schools in Múscraí will attain Gaeltacht School Recognition during the term of the language plan.



10.3 Summary of Chapters 1 -9

Chapter 1: The Language Planning Process

This Chapter provides an insight into the background of the language planning process and the plan - i.e. 20 Year Strategy for the Irish Language 2010 and the Gaeltacht Act 2012. The Gaeltacht Act 2012 has given statutory effect to the implementation of the [20-Year Strategy for the Irish Language 2010–2030](#), and under the Act, a language planning process was instigated and a language plan will be prepared at community level for each Gaeltacht district. Comharchumann Forbartha Mhúscraí was selected as the lead organisation in the preparation of the Language Plan. Comharchumann Forbartha Mhúscraí will have seven years to implement the plan. The Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht will periodically review the implementation of the plans during the 7-year period.

Chapter 2: The Lead Organisation

This Chapter contains information about the Lead Organisation: Comharchumann Forbartha Mhúscraí (see <http://www.cfmteo.ie>) and the Language Planning Committee – Donnchadh Ó hAodha, Diarmuid Ó hÉalaithe, Breandán Ó Lionáird, Domhnall Ó Loingsigh, Siobhán Ní Loingsigh, Emma Ní Chéilleachair, Julia May Uí Chríodáin & Rachel Ní Riada.

Rosaí Nic Chárthaigh, Language Plan Coordinator.

Dr. Tadhg Ó hIfearnáin, University of Limerick. External Advisor.

Chapter 3: An Overview of the Language Planning Area

This Chapter gives an overview of the current state of the area, including topography, population size and density, services, organisations and education in the area.

- According to the 2016 Census the population of Gaeltacht Mhúscraí is 3,619 (3 years of age and over)
- 76.8% or 2,782 people have Irish
- 21.17% or 787 people don't have any Irish
- 1.3% or 50 people did not say
- During the 2016 school year 840 students were enrolled in the 4 Pre-schools, the 5 national schools and the 2 secondary schools. All of which are taught and administered through the medium of Irish.
